



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

5 Meitheamh 2023¹

Clár

An dlí lena mbaineann	6
Dlí an Aontais Eorpaigh	6
Conradh AE	6
An Chairt	7
RGCS	8
Dlí na Polainne	12
An Bunreacht	12
An Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach	12
An Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna	15
An Dlí Leasaithe maidir le Cúirteanna Riaracháin	18
Na forálacha idirthréimhseacha atá sa Dlí Leasaitheach	19
Na himeachtaí réamhdhlíthíochta	19
Na himeachtaí os comhair na Cúirte	20
An Chaingean	21
Dlínse na Cúirte, an smacht reachta, Neamhspleáchas na mBreithiúna agus Tosaíocht Dhlí an Aontais	21
Áitiú an Chuspóra leis an gCaingean	25
An ceathrú gearán	26

¹ Teanga an cháis: an Pholainnis.

Argóintí na bpáirtithe	26
Breithniú na Cúirte Breithiúnas	27
An tríú gearán	30
Argóintí na bpáirtithe	30
Breithniú na Cúirte Breithiúnais	34
– Réamhbhreithnithe	34
– An chéad chuid den tríú gearán	35
– An dara cuid den tríú gearán	42
An chéad ghearán	43
Argóintí na bpáirtithe	43
Breithniú na Cúirte	47
– Inghlacthacht	47
– Substaint an cháis	48
An dara gearán	54
Argóintí na bpáirtithe	54
Breithniú na Cúirte	60
– Inghlacthacht	60
– Substaint an cháis	61
An cúigiú gearán	66
Argóintí na bpáirtithe	66
Breithniú na Cúirte	69
– Réamhbhreithnithe	69
– Infheidhmeacht RGCS	70
– Infheidhmeacht Airteagal 7 agus Airteagal 8(1) den Chairt	72
– An sárú a líomhnaítear ar fhorálacha den chéad fhomhír d’Airteagal 6(1)(c) agus (e) agus (3) agus Airteagal 9(1) de RGCS agus Airteagal 7 agus Airteagal 8(1) den Chairt.	72
Costais	83

(Mainneachtain stáit ina chuid oibleagáidí a chomhlíonadh –
Dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An smacht reachta – Cosaint dlí éifeachtach sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais Eorpaigh – Neamhspleáchas na mbreithiúna – Airteagal 267 CFAE – An cumas ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú – Tosaíocht dhlí an Aontais Eorpaigh – Inniúlachtaí a thugtar don Dlísheomra Araíonachta den chúirt sin maidir leis an díolúine choiriúil atá ag breithiúna a bhaint uathu agus le hábhair dhlí na fostaíochta, slándála sóisialta agus chur ar scor bhreithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn) – Toirmeasc ar na cúirteanna náisiúnta dlisteanacht na gcúirteanna agus na n-orgán bunreachtúil Stáit a thabhairt faoi cheist nó dleathacht cheapachán na mbreithiúna, nó a gcumhachtaí breithiúnacha, a bhunú nó a mheasúnú – “Cion araíonachta” a dhéanamh d’fhíorúchán breithimh an bhfuil nó nach bhfuil ceanglais áirithe á gcomhlíonadh maidir le binse neamhspleách neamhchlaon a bheith ann arna bhunú roimh ré le dlí – Inniúlacht eisiach arna tabhairt don Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) chun scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna maidir neamhspleáchas cúirte nó breithimh neamhspleách – Airteagail 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha – Cearta maidir le hurramú an tsaoil phríobháidigh agus maidir le cosaint sonraí pearsanta – Rialachán (AE) 2016/679 – An chéad fhomhír (c) agus (e) agus an dara fomhír (3) d’Airteagal 6 – Airteagal 9(1) – Airteagal 9(1) – Sonraí íogaire – Rialacha náisiúnta lena gceanglaítear ar bhreithiúna dearbhú a thabhairt maidir leis an mballraíocht atá acu i gcomhlachais, i bhfondúireachtaí agus i bpáirtithe polaitiúla agus ar na poist atá acu iontu, agus lena bhforáiltear do na sonraí atá sna dearbhuithe sin a chur ar líne)

I gCás C-204/21,

CAINGEAN mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 258 CFAE, a tionscnaíodh an 1 Aibreán 2021,

an Coimisiún Eorpach, arna ionadú ag K. Herrmann agus P. J. O. Van Nuffel, i gcáil Gníomhairí,

iarratasóir,

arna thacú ag:

Ríocht na Beilge, arna hionadú ag M. Jacobs, C. Pochet agus L. Van den Broeck, i gcáil Gníomhairí,

Ríocht na Danmhairge, arna hionadú ar dtús ag V. Pasternak Jørgensen, M. Søndahl Wolff agus L. Teilgård agus, ina dhiaidh sin, ag J. F. Kronborg, V. Pasternak Jørgensen agus M. Søndahl Wolff, i gcáil Gníomhairí,

Ríocht na hÍsiltíre, arna hionadú ag K. Bulterman, J. Langer, M. A. M. de Ree agus C.S. Schillemans, i gcáil Gníomhairí,

Poblacht na Fionlainne, arna hionadú ag H. Leppo, i gcáil Gníomhaire,

Ríocht na Sualainne, arna hionadú ag H. Eklinder, C. Meyer-Seitz, A. Runeskjöld, M. Salborn Hodgson, R. Shahsavan Eriksson, H. Shev agus O. Simonsson, i gcáil Gníomhairí,

idiragraithe,

v

Poblacht na Polainne, arna hionadú ag B. Majczyna, J. Sawicka, K. Straś agus S. Żyrek, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas-Uachtarán, A. Arabadjiev, A. Prechal (Rapóirtéir), E. Regan agus L. S. Rossi, Uachtaráin Dhlísheomra, M. Ilešič, N. Piçarra, I. Jarukaitis, A. Kumin, N. Jääskinen, I. Ziemele, J. Passer, Z. Csehi agus O. Spineanu-Matei, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. M. Collins,

Cláraitheoir: M. Siekierzyńska, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus i ndiaidh éisteacht an 28 Meitheamh 2022,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 15 Nollaig 2022,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Trína iarratas, iarrann an Coimisiún Eorpach ar an gCúirt Bhreithiúnais a chinneadh:
 - gur mhainnigh Poblacht na Polainne sna hoibleagáidí a chomhlíonadh atá uirthi faoin dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (“an Chairt”), i bhfianaise chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine maidir le hAirteagal 6(1) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a chosaint arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950 (“ECHR”) chomh maith le hAirteagal 267 CFAE agus prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, le glacadh agus coimeád i bhfeidhm Airteagal 42a(1) agus (2) agus Airteagal 55(4) den ustawa – Prawo o ustroju sądów powszechnych (an Dlí maidir le hEagrú na nGnáthchúirteanna) an 27 Iúil 2001 (Dz. U. Uimh. 98, mír 1070), arna leasú leis an ustawa o zmianie ustawy – Prawo o ustroju sądów powszechnych, ustawy o Sądzie Najwyższym oraz niektórych innych ustaw (an Dlí lena leasaítear an Dlí maidir le hEagrú na nGnáthchúirteanna, an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach agus dlíthe áirithe eile) an 20 Nollaig 2019 (Dz. U. de 2020, mír 190) (“an Dlí Leasaitheach”) (“an Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna”), Airteagal 26(3) agus Airteagal 29(2) agus (3) den ustawa o Sądzie Najwyższym (an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach) an 8 Nollaig 2017 (Dz. U. de 2018, mír 5), arna leasú leis an Dlí Leasaitheach (“an Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach”), Airteagal 5(1a) agus (1b) den ustawa – Prawo o ustroju sądów administracyjnych (an Dlí maidir le hEagrú na gCúirteanna Riaracháin) an 25 Iúil 2002 (Dz. U. 153, mír 1269), arna leasú leis an Dlí Leasaitheach (“an Dlí Leasaithe maidir le Cúirteanna Riaracháin”) agus Airteagal 8 den Dlí Leasaitheach, lena gcuirtear toirmeasc ar aon chúirt náisiúnta fíorú an gcomhlíontar nó nach gcomhlíontar ceanglais an Aontais Eorpaigh maidir le binse a bheith neamhspleách neamhchlaon agus arna bhunú roimh ré le dlí;

- gur mhainnigh Poblacht na Polainne ina cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt, faoi Airteagal 267 CFAE agus faoi phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais trí ghlacadh agus choimeád i bhfeidhm Airteagal 26(2) agus (4) go (6) agus Airteagal 82(2) go (5) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach agus Airteagal 10 den Dlí Leasaitheach, lena mbunaítear an dlínse eisiach atá ag an Izba Kontroli Nadzwoycajnej i Spraw Publicznych (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí) den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn) (“an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí”) chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus ar cheisteanna dlí a bhaineann leis nach bhfuil cúirt nó breitheamh neamhspleách;
- gur mhainnigh Poblacht na Polainne ina cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt, agus faoi Airteagal 267 CFAE, trí ghlacadh agus coimeád i bhfeidhm Airteagal 107(1)(2) agus (3) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna agus Airteagal 72(1)(1) go (3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, faoina gceadaítear go n-aicmeofaí mar “c[h]ion araíonachta” scrúdú a dhéanamh le feiceáil an gcomhlíontar nó nach gcomhlíontar ceanglais an Aontais maidir le binse neamhspleách agus neamhchlaon, arna bhunú roimh ré le dlí;
- gur mhainnigh Poblacht na Polainne ina cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE trí chumhachtú an Izba Dyscyplinarna (Dlísheomra Araíonachta) den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) (“an dlísheomra araíonachta”), a bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras, chun rialú a thabhairt ar chásanna lena n-imrítear tionchar díreach ar stádas breithiúna agus breithiúna atá faoi oiliúint agus ar fheidhmiú a ndualgas, amhail, ar an gcéad dul síos, iarratais ar údarú chun imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithiúna nó i gcoinne breithiúna atá faoi oiliúint nó iad a choinneáil agus, ar an dara dul síos, cásanna maidir le dlí na fostaíochta nó leis an dlí um chosaint shóisialta a bhaineann le breithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus cásanna maidir leis na breithiúna sin a chur ar scor éigeantach;
- gur sháraigh Poblacht na Polainne an ceart go ndéanfar an saol príobháideach a urramú agus ar an gceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a chosaint, a ráthaítear le hAirteagal 7 agus Airteagal 8(1) den Chairt agus leis an gcéad fhomhír (c) agus (e) d’Airteagal 6(1), Airteagal 6(3) agus Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir Uimh. 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1) (“RGCS”), trí ghlacadh agus choimeád i bhfeidhm Airteagal 88a den Dlí maidir le Gnáthchúirteanna, Airteagal 45(3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach agus Airteagal 8(2) den Dlí Leasaithe maidir le Cúirteanna Riaracháin.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Conradh AE

2 Is mar seo a leanas a léitear Airteagal 2 CAE:

“Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.”

3 Leagtar amach an méid seo a leanas in Airteagal 4 CAE:

“1 I gcomhréir le hAirteagal 5, inniúlachtaí nach bhfuil tugtha don Aontas sna Conarthaí, fanann siad ag na Ballstáit.

2. Urramóidh an tAontas comhionannas na mBallstát i bhfianaise na gConarthaí, mar aon lena bhféiniúlacht náisiúnta atá ina cuid dhílis dá struchtúir bhunúsacha idir [pholaitiúla agus bhunreachtúla], lena n-áirítear an fhéinriail áitiúil agus réigiúnach. Urramóidh sé a bhfeidhmeanna sár-riachtanacha Stáit, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú, an smacht reachta a chaomhnú agus an tslándáil náisiúnta a choimirciú. Fanfaidh an tslándáil náisiúnta, go háirithe, ina freagracht ar gach Ballstát faoi leith agus air siúd amháin.

3. De bhua phrionsabal an chomhair dhílis, beidh an tAontas agus na Ballstáit de chúnamh ag a chéile, agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt acu dá chéile, i dtaca le cúraimí a chineann ó na Conarthaí a chur i gcrích.

Glacfaidh na Ballstáit gach beart ginearálta nó leithleach is iomchuí chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a thig ó na Conarthaí nó de dhroim gníomhartha de chuid institiúidí an Aontais.

Éascóidh na Ballstáit gnóthú chúraimí an Aontais agus staonfaidh siad ó aon bheart a d’fhéadfadh gnóthú chuspóirí an Aontais a chur i gcontúirt.”

4 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 5(1) agus (2) CAE:

“1 Tá teorainneacha inniúlachtaí an Aontais faoi rialú ag prionsabal na tabhartha. Tá feidhmiú na n-inniúlachtaí faoi rialú ag prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

2. Faoi phrionsabal na tabhartha, gníomhóidh an tAontas faoi teorainneacha na n-inniúlachtaí atá tugtha dó ag na Ballstáit sna Conarthaí d’fhonn na cuspóirí atá leagtha amach sna Conarthaí a bhaint amach. Inniúlachtaí nach bhfuil tugtha don Aontas sna Conarthaí, fanann siad ag na Ballstáit.”

5 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 19(1) CAE:

“Cuimseoidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an Chúirt Bhreithiúnais, an Chúirt Ghinearálta agus cúirteanna speisialaithe. Áiritheoidh sí go gcomhlíonfar an dlí i léiriú na gConarthaí agus ina gcur i bhfeidhm.

Cuirfidh na Ballstáit leighis ar fáil a bheidh leordhóthanach chun cosaint dlí éifeachtach a áirithiú sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais.”

An Chairt

6 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 7 den Chairt:

“Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach agus a shaol nó a saol teaghlaigh, a chónaí nó a cónaí agus a chumarsáidí nó a cumarsáidí a urramú.”

7 De réir Airteagal 8 den Chairt:

“1 Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint.

2. Ní mór sonraí den sórt sin a phróiseáil go cóir ar mhaithe le cuspóirí sonracha agus ar bhonn thoilíú an duine i dtrácht nó ar bhonn dlisteanach éigin eile arna leagan síos le dlí. [...]

[...]”

8 Foráiltear don mhéid a leanas in Airteagal 47 den Chairt, dar teideal “An ceart chun leigheas éifeachtach agus chun triail chóir a fháil”:

“Tá ag gach duine a ndéantar a chearta nó a cearta agus a shaoirsí nó a saoirsí, arna ráthú le dlí an Aontais, a shárú, an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

Tá gach duine i dteideal éisteacht chóir phoiblí a fháil laistigh de thréimhse réasúnta ó bhinse neamhspleách neamhchlaon, arna bhunú roimh ré le dlí. [...]

[...]”

9 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 52(1) den Chairt:

“Ní mór foráil le dlí d’aon teorannú ar fheidhmiú na gcearta agus na saoirsí arna n-aithint sa Chairt seo agus ní mór inneachar sár-riachtanach na gcearta agus na saoirsí sin a urramú. Faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfar teorainneacha a dhéanamh ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraíonn siad iarbhir do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.”

RGCS

10 Leagtar amach an méid seo a leanas in aithrisí 4, 10, 16, 20, 39 agus 51 de RGCS:

“(4) Ba cheart an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a cheapadh ar chaoi agus go rachadh sí chun leas an duine. Ní ceart glan é an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint; ní mór é a mheas i bhfianaise na feidhme atá aige sa tsochaí agus é a chothromú i gcoinne cearta bunúsacha eile, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Sa Rialachán seo urramaítear na cearta bunúsacha uile agus comhlíontar na saoirsí agus na prionsabail a aithnítear [sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt)] mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, go háirithe urraim ar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, ar an áit chónaithe agus ar chumarsáidí, urraim ar chosaint sonraí pearsanta do dhéanamh, an tsaoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun leigheas éifeachtach agus chun triail chóir a fháil, agus an ceart i leith éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga.

[...]

(10) Chun leibhéal comhsheasmhach cosanta agus ardleibhéal cosanta a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus chun na bacainní ar shreabhadh sonraí pearsanta laistigh den Aontas a bhaint, ba cheart an leibhéal céanna cosanta a bheith i ngach Ballstát do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí den sórt sin. Ba cheart a áirithiú go gcuirtear na rialacha maidir le cosaint ceart bunúsach agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go haonchineálach ar fud an Aontais i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil. Maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil chun go gcomhlíonfaí oibleagáid dhlíthiúil, chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe leis an leas ginearálta nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit forálacha náisiúnta a choimeád nó a thabhairt isteach chun cur i bhfeidhm na rialacha atá sa Rialachán seo a shonrú tuilleadh. [...] Déantar foráil sa Rialachán seo freisin go mbeadh lamháil solúbthachta ag na Ballstáit chun a rialacha a shainiú, lena n-áirítear a rialacha a shonrú maidir le catagóirí speisialta sonraí pearsanta (‘sonraí íogaire’) a phróiseáil. Sa mhéid sin, ní eisiann an Rialachán seo dlí Ballstáit lena leagtar amach na dálaí le haghaidh cásanna sonracha próiseála, lena n-áirítear na coinníollacha a chinneadh ar bhealach níos cruinne faoina bhfuil an phróiseáil a dhéantar ar sonraí pearsanta dlíthiúil.

[...]

(16) Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le saincheisteanna i ndáil le cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha a chosaint ná ar shaorshreabhadh sonraí pearsanta a bhaineann le gníomhaíochtaí nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais, amhail gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an bpróiseáil a dhéanann na Ballstáit ar sonraí pearsanta agus iad i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais.

[...]

(20) Cé go bhfuil feidhm ag an Rialachán seo, *inter alia*, maidir le gníomhaíochtaí cúirteanna agus údarás breithiúnach eile, d'fhéadfaí, le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, na hoibríochtaí próiseála agus na nósanna imeachta próiseála a shonrú i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag cúirteanna agus ag údaráis bhreithiúnacha eile. Níor cheart, le hinniúlacht na n-údarás maoirseachta, an phróiseáil ar shonraí pearsanta a chumhdach nuair a bhíonn na cúirteanna ag gníomhú faoina gcumas breithiúnach féin, d'fhonn neamhspleáchas na mbreithiúna a choimirciú i gcomhlíonadh a gcúraimí breithiúnacha, lena n-áirítear le linn dóibh a gcuid cinntí a dhéanamh. Ba cheart é a bheith indéanta maoirseacht ar oibríochtaí próiseála sonraí den sórt sin a chur de chúram ar chomhlachtaí sonracha laistigh de chóras breithiúnach an Bhallstáit, córas lenar cheart, go háirithe, comhlíonadh rialacha an Rialacháin seo a áirithiú, feacht chomhaltaí na mbreithiúnachta maidir lena n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a fheabhsú agus gearáin maidir le hoibríochtaí próiseála sonraí den sórt sin a láimhseáil.

[...]

(39) Ba cheart [...] do na críocha ar chucu a dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil a bheith sainráite agus dlisteanach agus ba cheart iad a chinneadh tráth bailithe na sonraí pearsanta. Ba cheart na sonraí pearsanta a bheith leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun na gcríoch a ndéantar iad a phróiseáil ina leith. [...] Níor cheart sonraí pearsanta a phróiseáil ach mura bhféadfaí críoch na próiseála a bhaint amach go réasúnta ar bhealach eile. [...]

[...]

(51) Tá cosaint ar leith dlite do shonraí pearsanta ar de chineál fíor-íogair iad maidir le cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha, toisc go bhféadfaí rioscaí suntasacha a chruthú do na cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha mar thoradh ar chomhthéacs a bpróiseála. [...] Níor cheart sonraí pearsanta den sórt sin a phróiseáil, ach amháin má cheadaítear an phróiseáil i gcásanna sonracha a leagtar amach sa Rialachán seo, ag cur san áireamh gur féidir forálacha sonracha a leagan síos i ndlí an Bhallstáit sin maidir le cosaint sonraí d'fhonn cur i bhfeidhm na rialacha sa Rialachán seo a chur in oiriúint chun go gcomhlíonfaí oibleagáid dhlíthiúil nó chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe leis an leas ginearálta nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir. I dteannta na gceanglas sonracha maidir le próiseáil den sórt sin, ba cheart feidhm a bheith ag na prionsabail ghinearálta agus ag na rialacha eile atá sa Rialachán seo, go háirithe maidir leis na coinníollacha i ndáil le próiseáil dhleathach. Maoluithe ón toirmeasc ginearálta chun catagóirí speisialta sonraí pearsanta den sórt sin a phróiseáil, ba cheart foráil a dhéanamh go sainráite dóibh, *inter alia*, i gcás ina dtugann an t-ábhar sonraí a thoiliú nó a toiliú sainráite nó maidir le riachtanais sonracha, go háirithe i gcás ina ndéanann comhlachais nó fondúireachtaí áirithe an phróiseáil le linn gníomhaíochtaí dlisteanacha arb é is críoch dóibh go gceadaítear saoirsí bunúsacha a fheidhmiú.”

11 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 1(2) de RGCS, dar teideal “Ábhar agus cuspóirí”:

“Leis an Rialachán seo, cosnaítear cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha agus go háirithe a gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint.”

12 Leagtar amach an méid seo a leanas in Airteagal 2 de RGCS, dar teideal “Raon feidhme ábhartha”:

“1 Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil go hiomlán nó go páirteach trí mhodhanna uathoibrithe, agus maidir le sonraí pearsanta, ar cuid de chóras comhdúcháin iad nó atá beartaithe a bheith ina gcuid de chóras comhdúcháin, a phróiseáil trí mhodhanna eile seachas modhanna uathoibrithe.

2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil sna cásanna seo a leanas:

(a) má dhéantar an phróiseáil mar chuid de ghníomhaíocht nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais;

(b) má dhéanann na Ballstáit an phróiseáil agus iad i mbun gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 2 de Theideal V CAE;

[...]”

13 Tá Airteagal 4 den Rialachán sin, dar teideal “Sainmhínte”, sna focail seo a leanas:

“Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta (‘ábhar sonraí’); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainiú, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d’aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin;

(2) ciallaíonn ‘próiseáil’ aon oibríocht nó aon sraith d’oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirsciosadh nó díothú;

[...]

(7) ciallaíonn ‘rialaitheoir’ an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála; i gcás ina gcinntear críocha agus modhanna na próiseála sin le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, féadfar foráil a dhéanamh don rialaitheoir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit nó féadfar foráil a dhéanamh do na critéir shonracha dá ainmniú le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit;

[...]”

- 14 Leagtar amach an méid seo a leanas in Airteagal 6(1) agus (3) den Rialachán sin, dar teideal “Dleathacht na próiseála”:

“1 Ní bheidh an phróiseáil dleathach ach amháin má tá feidhm, agus a mhéid atá feidhm, le ceann díobh seo a leanas ar a laghad:

[...]

(c) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh;

[...]

(e) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe leis an leas ginearálta nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir;

[...]

3. Déanfar an bunús don phróiseáil dá dtagraítear i mír 1(c) agus (e) a leagan síos leis [an] méid seo a leanas:

(a) dlí an Aontais; nó

(b) dlí Ballstáit a bhfuil an rialaitheoir faoina réir.

Cinnfear críoch na próiseála sa bhunús dlí sin nó, maidir leis an bpróiseáil dá dtagraítear i mír 1(e), beidh [gá] léi le haghaidh cúram chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe leis an leas ginearálta nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir. [...] Comhlíonfaidh dlí an Aontais nó dlí Ballstáit cuspóir a bhaineann leis an leas ginearálta agus beidh sé i gcomhréir leis an aidhm dhleathach atá á saothrú.”

- 15 Foráiltear le hAirteagal 9(1) agus (2) de RGCS sin, dar teideal “Catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil” don mhéid seo a leanas:

“1 Toirmeascfar próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, agus toirmeascfar próiseáil ar shonraí géiniteacha, ar shonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainithint go huathúil, ar shonraí a bhaineann leis an tsláinte nó ar shonraí a bhaineann le saol gnéis agus le gnéaschlaonadh duine nádúrtha.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás go mbeidh feidhm ag ceann amháin díobh seo [a] leanas:

[...]

(g) is gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna leasa an phobail, ar bhonn dlí an Aontais nó dlí Ballstáit a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a fhorálfaidh do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a choimirciú;

[...]”

Dlí na Polainne

An Bunreacht

- 16 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 45(1) den Konstytucja Rzeczypospolitej Polskiej (Bunreacht Phoblacht na Polainne) (“an Bunreacht”):

“Tá gach duine i dteideal éisteacht chóir phoiblí a fháil, gan mhoill mhíchuí, ó bhinse inniúil neamhspleách neamhchlaon.”

- 17 De réir Airteagal 179 den Bhunreacht, ceapfaidh Uachtarán Phoblacht na Polainne (“Uachtarán na Poblachta”) na breithiúna, ar thogra ón Krajowa Rada Sądownictwa (Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna, an Pholainn) (“KRS”) ar feadh tréimhse ama éiginnte.

- 18 De réir Airteagal 186(1) den Bhunreacht:

“Beidh [KRS] ina choimirceoir ar neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna.”

- 19 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 187 den Bhunreacht:

“1 Tá [KRS] comhdhéanta díobh seo a leanas:

- (1) an Chéad Uachtarán den [Sąd Najwyższy (Cúirt Uachtarach)], an tAire Dlí agus Cirt, Uachtarán an [Naczelny Sąd Administracyjny (an Chúirt Uachtarach Riaracháin, an Pholainn)] agus duine a ainmneoidh Uachtarán na Poblachta,
- (2) 15 chomhalta a thoghfar i measc bhreithiúna an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], na nGnáthchúirteanna, na gCúirteanna Riaracháin agus na gcúirteanna míleata,
- (3) Ceathrar comhaltaí a thoghfar sa [Sejm (Teach íochtarach na parlaiminte, an Pholainn)] as na feisirí agus beirt chomhaltaí a thoghfaidh an Seanad as na seanadóirí.

[...]

3. Ceithre bliana a bheidh i dtéarma oifige comhaltaí [KRS] a thoghfar.

4. Sainítear le dlí rialacha, réimse gníomhaíochta agus modh oibre [KRS] mar aon le modh tofa a chomhaltaí.”

An Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach

- 20 Bunaíodh leis an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach dhá dhlísheomra nua laistigh den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), eadhon, an Dlísheomra Araíonachta agus an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí.

- 21 Leasaíodh an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach leis an Dlí Leasaitheach, ar tháinig i bhfeidhm an 14 Feabhra 2020, go háirithe le (2) go (6) nua a chur in Airteagal 26 den Dlí sin, le (1a) nua a chur in Airteagal 27(1) den Dlí sin, le (3) nua a chur in Airteagal 45 mar aon le (2) go (5) nua a chur in Airteagal 82 den Dlí sin agus le hAirteagal 29 agus Airteagal 72(1) de a leasú.

22 De réir Airteagal 26(2) go (6) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach:

“2 Beidh dlínse ag an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí chun éisteacht le hiarratais nó dearbhuithe a bhaineann le breitheamh a bhaint ó chás nó le cúirt a ainmniú a bhfuil imeachtaí le seoladh os a comhair, lena n-áirítear gearáin nach bhfuil cúirt nó breitheamh neamhspleách. Tíolacfaidh an chúirt, os a comhair a thugtar cás, iarratas d’Uachtarán an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí gan mhoill ionas go bhféadfaí plé leis an gcás i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach le forálacha ar leith. Ní chuirfear bac ar na himeachtaí atá fós ag dul ar aghaidh le hiarratas arna thíolacadh d’Uachtarán an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí.

3. Ní dhéanfar scrúdú ar an iarratas dá dtagraítear in (2) i gcás ina mbaineann sé le cinneadh agus measúnú a dhéanamh ar dhleathacht ceapacháin breithimh nó ar a dhlísteacht, nó ar a dhlísteacht, feidhmeanna breithiúnacha a chur i gcrích.

4. Beidh dlínse an [Dlísheomra Urghnách] chun éisteacht le caingne le haghaidh dearbhú go bhfuil bhreithiúnais chríochnaitheacha ón [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], ó na Gnáthchúirteanna, ó na cúirteanna míleata agus ó na cúirteanna riaracháin, lena n-áirítear an [Naczelny Sąd Administracyjny (an Chúirt Uachtarach Riaracháin)] neamhdhleathach, i gcás inarb é atá neamhdhleathach ná tabhairt faoi cheist stádas an duine arna cheapadh do phost mar bhreitheamh ar bhreithnigh an cás.

5. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na forálacha a bhaineann le cinneadh go bhfuil breithiúnas críochnaitheach neamhdhleathach maidir leis na cásanna dá dtagraítear in (4) agus beidh feidhm ag na forálacha maidir le hath-thionscnamh imeachtaí breithiúnacha ar dúnadh iad le breithiúnas críochnaitheach maidir le cásanna coiriúla. Ní gá a bhunú *prima facie* gur dócha go ndearnadh, ná go ndearnadh, dochar arbh í is cúis leis tabhairt an bhreithiúnais lena mbaineann ábhar na caingne.

6. Féadfar caingean le haghaidh dearbhú go bhfuil breithiúnas críochnaitheach neamhdhleathach, dá dtagraítear in (4), a thabhairt os comhair an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí gan í a thabhairt os comhair na cúirte a thug an breithiúnas atá faoi chonspóid, fiú i gcás nár bhain an páirtí úsáid as na leigheasanna dlí atá ar fáil, lena n-áirítear caingean urghnách os comhair an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)].”

23 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 27(1) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach:

“Tíocfaidh na cásanna seo a leanas faoi dhlínse an Dlísheomra Araíonachta:

(1) cásanna araíonachta:

- (a) cásanna a bhainfidh le breithiúna an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)],
- (b) cásanna a scrúdóidh an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] maidir le himeachtaí araíonachta a sheolfar faoi na dlíthe seo a leanas:

[...]

– An Dlí [maidir le Gnáthchúirteanna] [...],

[...]

- (1a) cásanna maidir le tionscnamh imeachtaí coiriúla a údarú i gcoinne breithiúna, breithiúna faoi oiliúint, ionchúisitheoirí agus ionchúisitheoirí comhlacha nó chun iad a chur faoi choinneáil shealadach;
 - (2) cásanna maidir le dlí na fostaíochta agus maidir le hárachas shóisialta bhreithiúna an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)];
 - (3) cásanna maidir le cur ar scor éigeantach bhreithimh an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)].”
- 24 Leagtar amach an méid seo a leanas le hAirteagal 29(2) agus (3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach:
- “2. I gcomhthéacs gníomhaíochtaí an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] ní ceadmhach tabhairt faoi cheist dlisteanacht [na gcúirteanna], na n-orgán bunreachtúil Stáit agus na n-orgán um athbhreithniú a dhéanamh, agus um chosaint ar an dlí.
3. Ní ceadmhach don [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] nó d’orgán cumhachta eile cinneadh nó measúnú a dhéanamh ar dhleathacht ceapacháin breithimh nó ar an gcumhacht feidhmeanna a chur i gcrích in ábhair riartha an cheartais de dheasca an cheapacháin sin.”
- 25 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 45(3) den Dlí sin:
- “Tíolacfaidh breithiúna an [Sąd Najwyższy [an Chúirt Uachtarach]] an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 88a den [Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna] don Chéad Uachtarán den [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], agus tíolacfaidh an Chéad Uachtarán den [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] é [do KRS)].”
- 26 Tá Airteagal 72(1) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach sna focail seo a leanas:
- “Beidh breitheamh an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] freagrach, ag leibhéal na haraíonachta, as sáruithe ar oibleagáidí gairmiúla (coireanna araíonachta), lena n-áirítear cásanna ina ndéantar:
- (1) sáruithe follasacha agus tromchúiseacha ar an dlí;
 - (2) gníomhartha nó neamhghníomhartha de chineál a gcuirtear cosc tríothu le feidhmiú údaráis bhreithiúnaigh, nó a gcuirtear as go tromchúiseach dó dá mbarr;
 - (3) gníomhartha lena dtugtar faoi cheist cé acu an bhfuil nó nach bhfuil caidreamh fostaíochta ag breitheamh, éifeachtacht ceapacháin breithimh nó dlisteanacht orgáin bhunreachtúil de chuid Phoblacht na Polainne.”
- 27 I gcomhréir le hAirteagal 73(1) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, is é an Dlísheomra Araíonachta an chúirt chéadchéime araíonachta agus darachéime araíonachta le haghaidh bhreithiúna an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)].

28 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 82 den Dlí sin:

“1 I gcás, agus scrúdú á dhéanamh aige ar achomharc deiridh nó ar chaingean eile, ina bhfuil an-amhras ar an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] faoin léiriú atá le déanamh ar na forálacha dlí atá ina mbunús leis an gcinneadh sin, d’fhéadfadh sé bac a chur ar na himeachtaí agus ceist dlí a tharchur chuig foirmíocht atá comhdhéanta de sheachtar dá bhreithiúna.

2. I gcás ina ndéanann sé scrúdú ar chás ina dtógtar ceist dlí a bhaineann le neamhspleáchas breithimh nó le neamhspleáchas cúirte, cuirfidh an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] bac ar na himeachtaí agus tarchuirfidh sí an cheist sin chuig foirmíocht atá comhdhéanta de na comhaltaí den Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí go léir.

3. I gcás, agus scrúdú á dhéanamh aige ar iarratas dá dtagraítear in Airteagal 26(2), ina bhfuil an-amhras ar an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] faoin léiriú atá le déanamh ar na forálacha dlí sin atá le bheith ina mbunús leis an gcinneadh sin, d’fhéadfadh sé bac a chur ar na himeachtaí agus ceist dlí a tharchur chuig foirmíocht atá comhdhéanta de chomhaltaí an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí go léir.

4. I gcás ina nglacann sé cinneadh dá dtagraítear in (2) nó (3), ní bheidh an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí faoi cheangal ag an gcinneadh ag foirmíocht éagsúil den [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], fiú amháin má tá feidhm prionsabail dlí faighte ag an gcinneadh sin.

5. Beidh cinneadh arna ghlacadh ag comhaltaí an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí ar bhonn (2) nó (3) ina cheangal ar na foirmíochtaí den [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] go léir. Is gá cinneadh nua a ghlacadh ag an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] i seisiún iomlánach chun imeacht ó chinneadh a bhfuil feidhm prionsabail dlí faighte aige, ós rud é nach mór do dhá thrian de bhreithiúna na nDlísheomraí go léir ar a laghad a bheith i láthair chun cinneadh a ghlacadh. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 88.”

An Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna

29 Leasaíodh an Dlí maidir le Gnáthchúirteanna leis an Dlí Leasaitheach, go háirithe le hAirteagail 42a agus 88a nua a chur sa dlí sin mar aon le (4) nua a chur le hAirteagal 55 den Dlí sin, le (2) agus (3) nua a chur le hAirteagal 107 de agus le (2a) nua a chur le hAirteagal 110 de.

30 Tá Airteagal 42a den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna sna focail seo a leanas:

“1. I gcomhthéacs ghníomhaíochtaí an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)] ní ceadmhach tabhairt faoi cheist dlisteanacht [na gcúirteanna], na n-orgán bunreachtúil Stáit agus na n-orgán um athbhreithniú a dhéanamh agus um chosaint ar an dlí.

2. Ní ceadmhach cinneadh ná measúnú a dhéanamh ag gnáthchúirt nó ag orgán cumhachta eile ar dhleathacht ceapacháin breithimh nó ar an gcumhacht feidhmeanna a chur i gcrích in ábhair riartha an cheartais de dheasca an cheapacháin sin.”

31 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 55 den Dlí sin:

“1. Is é nó í a bheidh ina bhreitheamh, nó ina breitheamh, ná duine a cheapfaidh Uachtarán na Poblachta é nó í do phost dá leithéid agus a ghlac mionn os a chomhair, nó os a comhair.

2. Ceapfar breithiúna na nGnáthchúirteanna do na poist seo a leanas:

1. breitheamh den [sąd rejonowy (an Chúirt Dúiche)];

2. breitheamh den [sąd okręgowy (an Chúirt Réigiúnach)];

3. breitheamh den [sąd apelacyjny (an Chúirt Achomhairc)];

3. Ar cheapadh duine do phost mar bhreitheamh, sonrúidh Uachtarán na Poblachta a áit fostaíochta (a shuíochán). Féadfar an suíochán a athrú gan an áit fostaíochta a athrú sna cásanna agus i gcomhréir leis na socruithe dá bhforáiltear le hAirteagal 75.

4. Féadfaidh breithiúna breithniú a dhéanamh i ngach cás ina n-áit fostaíochta agus i gcúirteanna eile sna cásanna a shainítear le dlí (dlínse an bhreithimh). Ní chuirfear teorainn le dlínse bhreithimh leis na forálacha maidir le cásanna a lua le Breithiúna agus le foirmíocht na cúirte a cheapadh nó a athrú agus ní fhéadfar a chinneadh ar a mbonn go bhfuil foirmíocht áirithe bunoscionn leis an dlí, go bhfuil cúirt comhdhéanta go míchuí nó gur cuid den chúirt sin é duine nach bhfuil údaraithe nó inniúil le breithniú a dhéanamh.”

32 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 80 den Dlí sin:

“1 Ní fhéadfar breitheamh a choinneáil ná a ionchúiseamh go coiriúil gan cead ón gcúirt inniúil araíonachta. Ní bhaineann an méid seo le coinneáil i gcás ina bhfuil dúchoir á déanamh ag an mbreitheamh má tá géarghá leis an gcoinneáil seo ar mhaithe le seoladh réidh na n-imeachtaí. Ní fhéadfar ach bearta éigeandála a ghlacadh nó go nglacfar an rún lena n-údaraithear breitheamh a ionchúiseamh go coiriúil.

[...]

2c. Glacfaidh an dlísheomra araíonachta rún lena n-údaraithear breitheamh a ionchúiseamh go coiriúil i gcás ina bhfuil údair leormhaithe ann lena chreidiúint go bhfuil cion déanta aige. Beidh sa rún an cinneadh lena n-údaraithear ionchúiseamh coiriúil an bhreithimh mar aon leis na forais leis.

2d. Scrúdóidh an dlísheomra araíonachta an iarraidh ar ionchúiseamh coiriúil a údarú laistigh de 14 lá ón dáta a fhaighte.

[...]”

33 De réir Airteagal 88a den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna:

“1 Ceanglófar ar bhreitheamh dearbhú i scríbhinn a thíolacadh ina luaitear:

1) a bhallaíocht i gcomhlachas, lena n-áirítear ainm agus oifig chláraithe an chomhlachais, na feidhmeanna a chuireann sé i gcrích agus an tréimhse bhallaíochta;

2) na feidhmeanna a chuireann sé i gcrích i bhfondúireacht neamhbhrabúis, lena n-áirítear ainm agus oifig chláraithe na fondúireachta agus an tréimhse ina raibh an post aige;

3) a bhallaíocht i bpáirtí polaitíochta sular ceapadh i bpost breithimh é agus a bhallaíocht i bpáirtí polaitíochta le linn a théarma oifige, nó le linn a téarma oifige, roimh an 29 Nollaig 1989, lena n-áirítear ainm an pháirtí sin, na feidhmeanna arna gcur i gcrích aige agus an tréimhse bhallaíochta.

2. Tíolacfaidh na breithiúna na dearbhuithe dá dtagraítear in (1) d’Uachtarán an [Sąd apelacyjny (an Chúirt Achomhairc)] inniúil agus tíolacfaidh Uachtaráin an [Sąd apelacyjny (an Chúirt Achomhairc)] iad don Aire Dlí agus Cirt.

3. Déanfar na dearbhuithe dá dtagraítear in (1) a thíolacadh laistigh de 30 lá ón dáta a théann an Breitheamh i mbun a dhualgas, nó a dualgas, agus laistigh de 30 lá ón dáta a tharlaíonn na himthosca dá dtagraítear in (1).

4. Beidh an fhaisnéis sna dearbhuithe dá dtagraítear in (1) poiblí agus foilseofar iad in *Biuletyn Informacji Publicznej* (an Feasachán Faisnéise Poiblí) dá dtagraítear in [ustawa o dostępie do informacji publicznej (an Dlí maidir le rochtain ar fhaisnéis phoiblí) an 6 Meán Fómhar 2001 (Dz. U. Uimh. 112, mír 1198)] tráth nach déanaí ná 30 lá ón dáta a thíolacfar an dearbhú don chomhlacht údaraithe.”

34 Tá Airteagal 107(1) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna sna focail seo a leanas:

“Beidh breitheamh freagrach, ag leibhéal na haraíonachta, as sárú ar oibleagáidí gairmiúla (coireanna araíonachta), lena n-áirítear cásanna ina ndéantar:

(1) sáruithe follasacha agus tromchúiseacha ar an dlí;

(2) gníomhartha nó neamhghníomhartha de chineál a gcuirtear cosc tríothu le feidhmiú údaráis bhreithiúnaigh, nó a gcuirtear as go tromchúiseach dó dá mbarr;

(3) gníomhartha lena dtugtar faoi cheist cé acu an bhfuil nó nach bhfuil caidreamh fostaíochta ag breitheamh, éifeachtacht ceapacháin breithimh nó dlisteanacht orgáin bhunreachtúil de chuid Phoblacht na Polainne;

[...]”

35 De réir Airteagal 110(2a) den Dlí sin:

“[...] Is é a rialóidh na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 80 [...] ná, ar an gcéad chéim, an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], agus breith á tabhairt aige i bhfoirmíocht breitheamh amháin den dlísheomra araíonachta agus, sa dara céim, an [Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach)], agus breith á tabhairt aige i bhfoirmíocht triúr breithiúna den Dlísheomra Araíonachta.”

36 Foráiltear mar seo le hAirteagal 129(1) go (3) den Dlí sin:

“1 Féadfaidh an dlísheomra araíonachta breitheamh ar tionscnaíodh nós imeachta araíonachta nó nós imeachta um thoirmeasc ina choinne, a chur ar fionraí óna fheidhmeanna, fiú i gcás ina nglacann sí cinneadh lena n-údaráitear imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne an bhreithimh lena mbaineann.

2. I gcás ina nglacann an dlísheomra araíonachta cinneadh lena n-údaraitear imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne breitheamh i leith cion toiliúil atá in-ionchúisithe ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí, cuirfidh sí an duine lena mbaineann ar fionraí óna fheidhmeanna ar a tionscnamh féin.

3. Leis an mbreitheamh a chur ar fionraí óna fheidhmeanna déanfaidh an dlísheomra araíonachta laghdú 25 - 50 % ar a luach saothair ar feadh na fionraí sin; ní bhaineann an fhoráil seo le daoine lena bhfuil nós imeachta um thoirmeasc i gceist.”

An Dlí Leasaithe maidir le Cúirteanna Riaracháin

37 Leasaíodh an Dlí maidir le Cúirteanna Riaracháin leis an Dlí Leasaithe, go háirithe le (1a) agus (1b) a chur in Airteagal 5 den Dlí seo mar aon le (2) nua a chur le hAirteagal 8 de agus le hAirteagal 29(1) agus Airteagal 49(1) de a leasú.

38 Leagtar amach an méid seo a leanas le hAirteagal 5(1a) agus (1b) den Dlí Leasaithe maidir le Cúirteanna Riaracháin:

“1a. I gcomhthéacs ghníomhaíochtaí de chúirt riaracháin nó dá horgán, ní ceadmhach dlisteanacht [na gcúirteanna], na n-orgán bunreachtúil Stáit agus na n-orgán um athbhreithniú a dhéanamh agus um chosaint ar an dlí tabhairt faoi cheist.

1b. Ní ceadmhach do chúirt riaracháin nó orgán cumhachta eile cinneadh nó measúnú a dhéanamh ag cúirt riaracháin nó ag orgán cumhachta eile ar dhleathacht ceapacháin breithimh nó ar an gcumhacht feidhmeanna a chur i gcrích in ábhair riartha an cheartais de dheasca an cheapacháin sin.”

39 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 8(2) den Dlí Leasaithe maidir le Cúirteanna Riaracháin:

“Tíolacfaidh breithiúna [wojewódzki sąd administracyjny (Cúirt Riaracháin de województwo)] an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 88a den [Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna] d’Uachtaráin riaracháin województwo inniúil, tíolacfaidh Uachtarán riaracháin województwo agus breithiúna an [Naczelny Sąd Administracyjny (an Chúirt Uachtarach Riaracháin)] é d’Uachtarán an [Naczelny Sąd Administracyjny (an Chúirt Uachtarach Riaracháin)], agus tíolacfaidh Uachtarán an [Naczelny Sąd Administracyjny (an Chúirt Uachtarach Riaracháin)] é do [KRS].”

40 De réir Airteagal 29(1) den Dlí Leasaithe maidir le Cúirteanna Riaracháin sin, caithfidh feidhm a bheith ag na cionta araíonachta dá dtagraítear in Airteagal 107(1)(2) agus (3) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna i dtaca le breithiúna na gCúirteanna Riaracháin chomh maith.

41 I gcomhréir le hAirteagal 49(1) den Dlí Leasaithe maidir le Cúirteanna Riaracháin, beidh feidhm ag na cionta araíonachta dá dtagraítear in Airteagal 72(1) den Dlí Leasaithe maidir le breithiúna Chúirt Uachtarach an Naczelny Sąd Administracyjny (an Chúirt Uachtarach Riaracháin) chomh maith.

Na forálacha idirthréimhseacha atá sa Dlí Leasaitheach

42 I gcomhréir le hAirteagal 8 den Dlí Leasaitheach, beidh feidhm ag Airteagal 55(4) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna i dtaca le cásanna lenar cuireadh tús nó críoch roimh dháta theacht i bhfeidhm an Dlí Leasaitheach chomh maith.

43 De réir Airteagal 10 den Dlí Leasaitheach:

“1 Beidh feidhm ag na forálacha den [Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach], sa leagan a eascraíonn as an Dlí seo, maidir le cásanna ar faoin Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí iad a tionscnaíodh agus nár cuireadh deireadh leo le breithiúnas críochnaitheach, lena n-áirítear cinneadh, roimh dháta theacht i bhfeidhm an Dlí seo chomh maith.

2. Déanfaidh cúirt atá ag déileáil le cás dá dtagraítear in (1) é a tharchur láithreach, agus tráth nach déanaí ná seacht lá i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Dlí seo, chuig an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí a d'fhéadfadh na gníomhartha arna gcur i gcrích cheana féin a chúlghairm a mhéid a gcuirtear cosc leo ar leanúint ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar an gcás de réir an dlí.

3. Ní bheidh éifeachtaí nós imeachta ag gníomhartha arna gcur i gcrích ag na cúirteanna nó ag páirtithe nó rannpháirtithe sna himeachtaí sna cásanna dá dtagraítear in (1) i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Dlí seo, de shárú ar (2).”

Na himeachtaí réamhdhlíthíochta

44 An 29 Aibreán 2020, sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil chuig Poblacht na Polainne agus é den tuairim gur mhainnigh an Ballstát sin, trí ghlacadh an Dlí Leasaitheach, sna hoibleagáidí atá air a chomhlíonadh faoi na comhforálacha den dara fómhír d'Airteagal 19(1) CAE agus d'Airteagal 47 den Chairt, faoi phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, faoi Airteagal 267 CFAE, faoi Airteagal 7 agus Airteagal 8(1) den Chairt agus faoin gcéad fhomhír (c) agus (e) d'Airteagal 6(1), Airteagal 6(3) agus Airteagal 9 de RGCS, ar go leor bealaí. Thug an Pholainn freagra tríd an bpost an 29 Meitheamh 2020 inar chur sí faoi chonspóid go ndéantar aon sárú ar dhlí an Aontais.

45 An 30 Deireadh Fómhair 2020, thug an Coimisiún tuairim réasúnaithe inar áitigh sé gur sáraíodh na forálacha de dhlí an Aontais arna lua sa mhír roimhe seo leis an gcóras ar tugadh isteach leis an Dlí Leasaitheach. Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún ar Phoblacht na Polainne na bearta is gá a ghlacadh chun an tuairim réasúnaithe sin a chomhlíonadh laistigh de dhá mhí óna fáil.

46 I bhfianaise an bhorrtha faoi na cásanna atá ar feitheamh os comhair an Dlísheomra Araíonachta maidir le hiarratais ar údarú chun imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithiúna, chuir an Coimisiún ceisteanna éagsúla faoi bhráid údaráis na Polainne tríd an bpost an 1 Samhain 2020, ar ceisteanna iad a thug na húdaráis sin freagra orthu an 13 Samhain 2020.

47 An 3 Nollaig 2020, sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil bhreise chuig Poblacht na Polainne, á éileamh gur sháraigh an Ballstát sin a oibleagáidí faoin dara fómhír d'Airteagal 19(1) CAE le cur de chúram ar an Dlísheomra Araíonachta, faoi Airteagal 27(1)(1a)(2) agus (3) den Dlí Leasaitheach

maidir leis an gCúirt Uachtarach, a bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras, éisteacht le cásanna lena n-imrítear tionchar díreach ar an stádas agus ar chur i gcrích feidhmeanna breithiúna agus breithiúna faoi oiliúint.

- 48 Trí litir an 30 Nollaig 2020, thug Poblacht na Polainne freagra ar thuairim réasúnaithe an Choimisiúin an 30 Deireadh Fómhair 2020, á chur faoi chonspóid gur mainníodh sna hoibleagáidí a chomhlíonadh, mar a líomhnaítear.
- 49 Tríd an bpost, an 4 Eanáir 2021, thug an Ballstát sin freagra ar an litir fógra fhoirmiúil bhreise an 3 Nollaig 2020, á áitiú nach raibh bunús leis na gearáin a dharna an Coimisiún sa litir sin ach an oiread.
- 50 An 27 Eanáir 2021, sheol an Coimisiún tuairim réasúnaithe bhreise chuig Poblacht na Polainne, inar áitigh sé na gearáin a dharna sé ina litir fógra fhoirmiúil bhreise. Dá bhrí sin, d'iarr an institiúid sin ar Phoblacht na Polainne na bearta is gá a ghlacadh chun an tuairim réasúnaithe bhreise sin a chomhlíonadh laistigh de mhí amháin óna fáil.
- 51 Trí litir an 26 Feabhra 2021, thug Poblacht na Polainne freagra ar an tuairim réasúnaithe bhreise sin, agus na gearáin a dharna an Coimisiún inti á gcur faoi chonspóid.
- 52 Ba sna himthosca sin ar chinn an Coimisiúin an chaingean seo a thabhairt.

Na himeachtaí os comhair na Cúirte

- 53 Trí dhoiciméad ar leith, a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 1 Aibreán 2021, rinne an Coimisiún iarratas ar bhearta idirlinne faoi Airteagal 279 CFAE.
- 54 Trí ordú an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:593), cheadaigh Leas-Uachtarán na Cúirte an iarraidh sin go dtí go dtabharfaí an bhreithiúnas seo, á ordú, go bunúsach, do Phoblacht na Polainne go gcuirfeadh sí ar fionraí idir chur i bhfeidhm na bhforálacha náisiúnta dá bhforáiltear sa chéad eang go dtí an ceathrú eang d'iarratas an Choimisiúin, amhail iadsan a leagtar amach i mír 1 den bhreithiúnas seo, agus éifeachtaí chinntí an Dlísheomra Araíonachta lenar údaraíodh nós imeachta coiriúil a thionscnamh i gcoinne breithimh nó é a ghabháil.
- 55 Trí dhoiciméad a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 16 Lúnasa 2021, d'iarr Poblacht na Polainne go gcuirfí an t-ordú sin ar leataobh. Diúltaíodh don iarraidh sin leis an ordú ó Leas-Uachtarán na Cúirte an 6 Deireadh Fómhair 2021, *an Pholainn v an Coimisiún* (C-204/21 R, EU:C:2021:834).
- 56 Trí dhoiciméad a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 7 Meán Fómhair 2021, rinne an Coimisiún iarratas nua ar bhearta idirlinne ag lorg ordú lena gceanglófaí ar Phoblacht na Polainne íocaíocht phionósach laethúil a íoc. Agus an iarraidh sin á ceadú aige le hordú an 27 Deireadh Fómhair 2021, *an Coimisiún v an Pholainn* (C-204/21 R, EU:C:2021:878), d'ordaigh Leas-Uachtarán na Cúirte do Phoblacht na Polainne íocaíocht phionósach EUR 1 000 000 a íoc in aghaidh an lae leis an gCoimisiún ón ordú sin a fhógairt go dtí an lá a bheidh an Ballstát sin i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá air faoi ordú Leas-Uachtarán na Cúirte dá dtagraítear i mír 54 den bhreithiúnas seo nó, ina éagmais sin, go dtí lá tabhartha an bhreithiúnais seo. Le hordú Leas-Uachtaráin na Cúirte an

21 Aibreán 2023, *an Coimisiún v an Pholainn* (C-204/21 R-RAP, EU:C:2023:334), laghdaíodh méid na híocaíochta pionósaí sin go EUR 500 000 in aghaidh an lae ó dháta shíneadh an ordaithe sin.

- 57 Le hordú Uachtarán na Cúirte an 30 Meán Fómhair 2021, tugadh cead idiragartha sna himeachtaí chun tacú leis an ordú arna lorg ag an gCoimisiún do Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

An Chaingean

- 58 Tá cúig ghearán i gcaingean an Choimisiúin. Éilítear leis an gcéad ghearán go dtí an tríú gearán go bhfuil sárúithe á ndéanamh ar na comhfhórlacha den dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE agus d’Airteagal 47 den Chairt agus ar Airteagal 267 CFAE, agus, ina theannta sin, féachtar, leis an gcéad ghearán agus an dara gearán, le dearbhú go bhfuil sárú á dhéanamh ar phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais. Éilítear leis an gceathrú gearán go bhfuil sárú á dhéanamh ar an dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE. Éilítear leis an gcúigiú gearán go bhfuil sárú á dhéanamh ar fhorálacha Airteagal 7 agus Airteagal 8(1) den Chairt, agus an chéad fómhír (c) agus (e) d’Airteagal 6(1) agus (3) agus Airteagal 9(1) de RGCS.
- 59 Cuireann Poblacht na Polainne faoi chonspóid gur mainníodh in aon oibleagáidí a chomhlíonadh mar a líomhnaítear agus áitíonn sí gur cheart caingean an Choimisiúin a dhiúltú.

Dlínse na Cúirte, an smacht reachta, Neamhspleáchas na mBreithiúna agus Tosaíocht Dhlí an Aontais

- 60 Ina hathfhreagra, téann Poblacht na Polainne i muinín bhreithiúnas an 14 Iúil 2021 (Cás P 7/20), arna thabhairt ag an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil, an Pholainn), inar chinn sé, ar an gcéad dul síos, agus é ag dul i muinín fhorálacha Airteagal 4(1) agus (2) agus Airteagal 5(1) CAE agus, go háirithe, agus ag dul i muinín phrionsabal tabhartha chumhachtaí an Aontais agus ar an oibleagáid féiniúlacht náisiúnta na mBallstát a urramú, go bhfuil an dara habairt d’Airteagal 4(3) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 279 CFAE, mar a dhearna an Chúirt léiriú uirthi ina hordú an 8 Aibreán 2020, *an Coimisiún v an Pholainn* (C-791/19 R, EU:C:2020:277), ar neamhréir le hiliomad forálacha den Bhunreacht. Ar an dara dul síos, dar leis an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), rialaigh an Chúirt ar bhealach *ultra vires* trí bhearta idirlinne a ghlacadh, san ordú sin, maidir le heagrú agus dlínse chúirteanna na Polainne agus na himeachtaí os a gcomhair agus, mar sin, le hoibleagáidí a fhorchur ar Phoblacht na Polainne. Dá bhrí sin, ní chumhdófaí a leithéid de bhearta le prionsabail thosaíocht agus infheidhmeacht dhíreach dhlí an Aontais a leagtar amach in Airteagal 91(1) go (3) den Bhunreacht. Sa bhreithiúnas sin an 14 Iúil 2021, luaigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) chomh maith, i gcás ina bhfuil coimhlínt idir a cinntí agus cinntí na Cúirte, go bhfuil “an focal scoir” le bheith ag an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) i mórcheisteanna bunreachtúla na Polainne.
- 61 Dá bharr sin, is mian le Poblacht na Polainne, go bunúsach, mar is léir óna hathfhreagra, agus é á chur faoi chonspóid gur mainníodh sna hoibleagáidí a chomhlíonadh mar a líomhnaigh an Coimisiún ina chaingean, go háirithe iadsan a bhaineann le sárúithe ar na comhfhórlacha den dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE agus d’Airteagal 47 den Chairt agus le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, agus dlínse na Cúirte rialú a thabhairt ar an gcaingean sin. Go deimhin, de réir an Bhallstáit sin, is léir ón gcásdlí a eascraíonn ó bhreithiúnas an Trybunał Konstytucyjny (an

Chúirt Bhunreachtúil) an 14 Iúil 2021 gurbh ionann seasamh leis na gearáin a ndearna an Coimisiún agus dul, ag an gCúirt, thar ar a cumhachtaí féin agus cumhachtaí an Aontais. Dhéanfaí difear trí sheasamh leis, ar an gcéad dul síos, d’inniúlacht eisiach Phoblacht na Polainne maidir le riar an chórais cheartais, de shárú ar phrionsabal tabhartha chumhachtaí an Aontais, agus, ar an dara dul síos, d’fhéiniúlacht náisiúnta atá ina gné dhílis de bhunstruchtúir pholaitiúla agus bhunreachtúla an Bhallstáit sin, de shárú ar fhorálacha Airteagal 4(2) CAE.

- 62 I ndáil leis sin, is tábhachtach a thabhairt chun cuimhne, áfach, mar réamhphointe, go dtagann athbhreithniú arna dhéanamh ag na Ballstáit, lena mheas ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na ceanglais faoi Airteagal 2 agus faoin dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE faoi inniúlacht na Cúirte ina iomláine, go háirithe i gcás ina dtugann an Coimisiún caingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 258 CFAE, amhail sa chás seo (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *an Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-156/21, EU:C:2022:97, mír 161 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 63 Ó thaobh raon feidhme na bhforálacha sin de, is léir ó chásdlí comhsheasmhach na Cúirte, i gcás ina dtagann riar an chórais cheartais sna Ballstáit faoi inniúlacht na mBallstát sin, go háirithe bunú, foirmíocht, inniúlachtaí agus feidhmiú na gcúirteanna náisiúnta mar aon leis na rialacha maidir leis an bpróiseas chun breithiúna a cheapadh nó na rialacha is infheidhme maidir le cur i gcrích a bhfeidhmeanna, ní lú a cheanglaítear ar na Ballstáit sin, i bhfeidhmiú na hinniúlachta sin, na hoibleagáidí a chomhlíonadh atá orthu faoi dhlí an Aontais agus, go háirithe, faoi Airteagal 2 agus 19 CAE [féach, chuige sin, breithiúnais an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, míreanna 56, 60 go 62 agus 95 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeachtaí na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)* C-430/21, EU:C:2022:99, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 64 De réir Airteagal 2 CAE, tá an tAontas fothaithe ar luachanna atá comhchoiteann do na Ballstáit, agus, i gcomhréir le hAirteagal 49 CAE, tá urramú na luachanna sin ina réamhchoinníoll maidir le haontachas leis an Aontas d’aon Stát Eorpach ag cur isteach ar bhallaíocht den Aontas (breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *an Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-156/21, EU:C:2022:97, mír 124 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 65 Ní mór a thabhairt chun cuimhne go raibh ar Phoblacht na Polainne, le haontú leis an Aontas, na critéir atá le comhlíonadh ag na Stáit is iarrthóirí ar aontachas a chomhlíonadh, mar a bunaíodh le Comhairle Eorpach Chóbanhávan an 21 agus an 22 Meitheamh 1993. Go háirithe, ceanglaítear leis na critéir seo ar an Stát is iarrthóir go bhfuil “institiúidí cobhsaí lena ráthaítear an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine, agus lena ráthaítear urraim agus cosaint do mhionlaigh” (breithiúnas an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank*, C-132/20, EU:C:2022:235, mír 104).
- 66 Mar sin, mar atá béim curtha agus athchurtha ag an gCúirt air, cruinnítear, leis an Aontas, na Stáit a aontaíonn, dá saorthoil féin, leis na luachanna a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, a chomhlíonann iad agus a thugann faoina gcur chun cinn. Thairis sin, is ar an mbuntuisicint go bhfuil na comhluachanna seo ag na Ballstáit go léir a bhunaítear an iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit agus, go háirithe, a gcúirteanna [féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear].

- 67 Dá bhrí sin, níl in Airteagal 2 CAE ach ráiteas ar threoracha agus rúin de chineál polaitiúil amháin, ach tá luachanna ann atá mar chuid de dhlíchóras coiteann, ar luachanna iad a dhaingnítear sna prionsabail atá sna hoibleagáidí atá de cheangal ar na Ballstáit de réir dlí (breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *an Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-156/21, EU:C:2022:97, mír 232).
- 68 Tugtar le tuiscint ón méid roimhe seo, go háirithe, gur coinníoll é do Bhallstát chun leas a bhaint as na cearta go léir a eascraíonn ó chur i bhfeidhm na gConarthaí go gcomhlíonadh sé na luachanna atá in Airteagal 2 CAE. Go deimhin, ní fhéadfaí a dhéanamh de chomhlíonadh na luachanna sin nach bhfuil i gceist leis ach oibleagáid atá de cheangal ar Stát is iarrthóir ar mhaithe le haontú leis an Aontas, ar oibleagáid í a d'fhéadfadh sé neamhaird a dhéanamh uirthi i ndiaidh a aontachais (breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *an Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-156/21, EU:C:2022:97, mír 126 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 69 Óna thaobh de, daingnítear le hAirteagal 19 CAE luach an smachta reachta a dhearbhaítear in Airteagal 2 CAE (breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juizes Portugueses*, C-64/16, EU:C:2018:117, mír 32). Le bheith cruinn faoi, maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ní mór a thabhairt chun cuimhne, mar a fhoráiltear dó san fhoráil sin, gur faoi na Ballstáit a bheidh sé foráil a dhéanamh do chóras leigheasanna agus nósanna imeachta lena n-áiríteofar do dhaoine aonair go gcomhlíonfar a gceart cosaint dlí éifeachtach a fháil sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais. Is prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é prionsabal na cosanta dlí éifeachtaí ar na cearta a ghabhann daoine aonair ó dhlí an Aontais, dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, a eascraíonn ó na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit, a chumhdaítear le hAirteagail 6 agus 13 de ECHR, agus a dhearbhaítear anois in Airteagal 47 den Chairt [breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 70 Chun a ráthú go bhfuil na comhlachtaí a bhféadfaí iarraidh orthu rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm agus léiriú a dhéanamh ar dhlí an Aontais in ann a leithéid de chosaint dlí éifeachtach a áirithiú, tá buntábhacht ag baint lena neamhspleáchas a chaomhnú, mar a dheimhnítear sa dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt [breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 71 A dhála sin, chuir an Chúirt i dtreis ina cásdlí, gur bunchloch an chirt chun triail chóir a fháil é nach bhfuil an rochtain ar bhinse neamhspleách neamhchlaon arna bhunú roimh ré le dlí nó, go háirithe, faoi mar a shocraítear an coincheap de agus an dóigh ina bhfuil sé comhdhéanta, inchurtha in amhras [breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż.(Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí– Ceapachán)* (C-487/19, EU:C:2021:798, mír 126 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 72 Sna himthosca sin, ní féidir a áitiú, le bunús, gur féidir difear a dhéanamh d'fhéiniúlacht náisiúnta Ballstáit, de réir bhrí Airteagal 4(2) CAE sin, leis na ceanglais, mar choinníollacha chun aontú leis an Aontas agus páirt a ghlacadh ann, a eascraíonn ó chomhlíonadh luachanna agus prionsabail amhail an smacht reachta, an chosaint dlí éifeachtach agus neamhspleáchas na mbreithiúna, a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE. Dá bhrí sin, leis an bhforáil seo, atá le léiriú agus na forálacha á gcur san áireamh atá ar aon chéim léi a chumhdaítear in Airteagal 2 agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ní fhéadfaí Ballstáit a shaoradh ó urraim a thabhairt ar na ceanglais a eascraíonn ó na forálacha sin.

- 73 Mar sin, rialaigh an Chúirt, cé, mar is léir ó Airteagal 4(2) CAE, go dtugann an tAontas Eorpach urraim d'fhéiniúlacht náisiúnta na mBallstát, ar gné dhílis í dá struchtúir bhunúsacha, pholaitiúla agus bhunreachtúla, rud a fhágann go bhfuil corrlach lánroghnach áirithe ag na Ballstáit maidir le cur chun feidhme phrionsabail an smachta reachta a áirithiú, ní thugtar le tuiscint ar chor ar bith uaidh sin go bhféadfadh an oibleagáid toradh a ghnóthú seo a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát. Go deimhin, cé go bhfuil féiniúlachtaí náisiúnta ar leith acu, ar gné dhílis dá mbunstruchtúir pholaitiúla agus bhunreachtúla iad, a dtugann an tAontas Eorpach urraim uirthi, cloíonn na Ballstáit le coincheap “an smacht[a] reachta” atá acu go léir, mar luach a bhaineann lena dtraidisiúin bhunreachtúla féin, agus tá gealltanais tugtha acu urraim a thabhairt air ar bhonn leanúnach (breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *an Ungair v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-156/21, EU:C:2022:97, míreanna 233 agus 234).
- 74 Tugtar le tuiscint uaidh sin, agus a samhail bhunreachtúil faoi seach á roghnú acu, ceanglaítear ar na Ballstáit go gcomhlíonfaidís, go háirithe, ceanglas neamhspleáchas na gcúirteanna faoi Airteagal 2 agus faoin dara fómhír d'Airteagal 19(1) CAE [féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeachtaí na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)* C-430/21, EU:C:2022:99, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear]. Mar sin, ceanglaítear orthu a áirithiú nach dtéann a reachtaíocht maidir le heagrú an chóras cheartais in olcas, i bhfianaise luach an smachta reachta, le staonadh ó ghlacadh rialacha lena ndéanfaí difear do neamhspleáchas na mbreithiúna (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus páirtithe eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 162).
- 75 Thairis sin, i mbreithiúnas an 15 Iúil 1964, *Costa* (C-6/64, EU:C:1964:66, lgh. 1158 go 1160), chinn an Chúirt go bhfuil sé mar chomhthoradh ag bunú dlí chóras ar leith le Conradh CEE, ar ghlac na Ballstáit leis ar bhonn cómhalartú, nach bhféadfaidís tús áite a thabhairt ar an dlí chóras sin do bheart aontaobhach arna dhéanamh ina dhiaidh sin nó teacht salach le cibé riail den dlí náisiúnta ar an dlí arna eascairt ó Chonradh CEE, gan a chineál comhphobail a bhaint ón dlí sin agus gan an bunús dlí leis an gComhphobal féin a thabhairt faoi cheist. Ina theannta sin, chuir an Chúirt i dtreis nach féidir le feidhm fheidhmeannach dhlí an Chomhphobail a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát i gcead do dhlíthe náisiúnta a dhéantar ina dhiaidh sin, gan baint amach chuspóirí Chonradh CEE a chur i mbaol nó gan bheith ina chúis le hidirdhealú a dhéanamh ar fhorais náisiúntachta a thoirmeasctar leis an gConradh sin (breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeachtaí na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)* C-430/21, EU:C:2022:99, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 76 Ar a bharr sin, deimhníodh le daingniú, gan agús, na gconarthaí lena leasaítear Conradh CEE agus, go háirithe, Conradh Liospóin buntréithe dhlí chóras an Aontais agus an tábhacht a bhaineann leis an urraim atá le tabhairt air, rud a léirítear, go háirithe, le Dearbhú Uimh. 17 maidir le tosaíocht, a cuireadh i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach na Comhdhála Idir-Rialtasá inar glacadh Conradh Liospóin an 13 Nollaig 2007 (IO 2012 C 326, lch. 346). Is amhlaidh atá maidir le cásdlí na Cúirte a bhí ann sular tháinig an conradh sin i bhfeidhm [féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeachtaí na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, míreanna 49 agus 50 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 77 Is é a tagann as an gcásdlí comhsheasmhach, de réir phrionsabal tosaíocht dhlí an Aontais, nach mbainfí an bonn ó aonchineálacht agus ó éifeachtúlacht dhlí an Aontais le forálacha dlí náisiúnta a agairt ag Ballstát. Go deimhin, i gcomhréir le cásdlí an-socair, tá éifeachtaí phrionsabal tosaíocht dhlí an Aontais de cheangal ar na comhlachtaí go léir de chuid Ballstáit, agus ní chuirtear cosc orthu, *inter alia*, le forálacha intíre, lena n-áirítear forálacha bunreachtúla (breithiúnas an 17 Nollaig 1970, *Internationale Handelsgesellschaft*, 11/70, EU:C:1970:114, mír 3, agus an

- 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeachtaí na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil) C-430/21*, EU:C:2022:99, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear). Is gá le hurraim a thabhairt ar an oibleagáid sin go háirithe chun a áirithiú go dtabharfaí urraim ar chomhionannais na mBallstát de réir na gconarthaí agus is ionann é agus léiriú ar phrionsabal an chomhair dhílis a leagtar amach in Airteagal 4(3) CAE [féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeachtaí na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 78 Rialaigh an Chúirt go bhfuil éifeacht dhíreach ag an dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE, arna léiriú i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, lena gcuirtear ar Bhallstáit oibleagáid shoiléir bheacht toradh a ghnóthú nach bhfuil faoi réir aon choinníoll, go háirithe maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna a iarrtar orthu léiriú a dhéanamh ar dhlí an Aontais agus é a chur i bhfeidhm agus maidir leis an gceanglas atá le bunú roimh ré le dlí, ar éifeacht dhíreach í lena gcuirtear de cheangal gach foráil, cásdlí nó cleachtas náisiúnta a fhágáil as feidhm atá bunoscionn leis na forálacha de dhlí an Aontais, mar a dhearna an Chúirt léiriú orthu [féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż.(Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)*, C-487/19, EU:C:2021:798, míreanna 158 agus 159 agus an cásdlí dá dtagraítear; an 16 Feabhra 2022, *an Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-156/21, EU:C:2022:97, mír 162 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht breithiúnas ó Chúirt Bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, míreanna 58 agus 59 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 79 I ndáil leis sin, is tábhachtach a thabhairt chun cuimhne, faoi dheireadh, ós rud é go bhfuil dlínse eisiach ag an gCúirt chun léiriú cinntitheach a sholáthar ar dhlí an Aontais, gur fúithi atá sé, i bhfeidhmiú na dlínse sin, raon feidhme phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a shoiléiriú i bhfianaise fhorálacha ábhartha dhlí an Aontais, rud a fhágann nach bhféadfadh sé go bhfuil an raon feidhme sin ag brath ar an léiriú ar na forálacha den dlí náisiúnta nó ar an léiriú ar fhorálacha dhlí an Aontais arna dhéanamh ag cúirt náisiúnta, nach bhfuil ag teacht le léiriú na Cúirte [breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht breithiúnas cúirte bunreachtúla)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear]. Uime sin, is faoin gcúirt náisiúnta lena mbaineann atá sé, i gcás inarb iomchuí, athrú a chur ar a cásdlí féin atá bunoscionn le dlí an Aontais, mar a dhearna an Chúirt léiriú air (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Aibreán 2016, *DI*, C-441/14, EU:C:2016:278, míreanna 33 agus 34 agus an 6 Samhain 2018, *Max-Planck-Gesellschaft zur Förderung der Wissenschaften*, C-684/16, EU:C:2018:874, mír 60).
- 80 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, ní mór a chinneadh, murab ionann agus a líomhnaíonn Poblacht na Polainne, nach bhfuil na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 4(1) agus (2) agus Airteagal 5(1) CAE ná cásdlí cúirte bunreachtúla náisiúnta amhail an cásdlí dá dtagraítear i mír 60 den bhreithiúnas seo, de chineál lena bhfhéadfaí cosc a chur ar in-athbhreithnitheacht na Cúirte ar na forálacha náisiúnta arna dtabhairt faoi cheist ag an gCoimisiún mar chuid dá chaingean, go háirithe i bhfianaise na gcomhforálacha den dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE agus d’Airteagal 47 den Chairt agus prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais.

Áitiú an Chuspóra leis an gCaingean

- 81 Le linn na héisteachta, rinne Poblacht na Polainne tagairt do ghlacadh an ustawa o zmianie ustawy o Sądzie Najwyższym oraz niektórych innych ustaw (an Dlí lena leasaítear an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach agus dlíthe áirithe eile) an 9 Meitheamh 2022 (Dz. U., mír 1259) le déanaí, ar dlí é a tháinig i bhfeidhm an 15 Iúil ina dhiaidh sin agus a bhain, go háirithe, le lánscore an Dlísheomra Araíonacha, dá dtagraítear leis an gceathrú gearán de chuid an Choimisiúin. A dhála sin, cuireadh athrú leis an dlí sin, le soiléiriú a thabhairt orthu, ar na focail inar cuireadh na

forálacha náisiúnta lena mbaineann an chéad ghearán agus an tríú gearán. Sna himthosca sin, áitíonn Poblacht na Polainne nach bhfuil údar le leanúint ar aghaidh leis na himeachtaí i ndáil leis an gcéad ghearán, leis an tríú gearán agus an leis an gceathrú gearán.

- 82 I ndáil leis sin, is leor, áfach, a thabhairt chun cuimhne, mar is léir ó chásdlí comhsheasmhach, go bhfuil measúnú le déanamh le feiceáil ar mainníodh nó nár mainníodh oibleagáidí a chomhlíonadh de réir faoi mar a bhí an scéal sa Bhallstát i gceist ag deireadh na tréimhse ama a leagtar amach sa tuairim réasúnaithe agus nach bhféadfadh an Chúirt na hathruithe a chur san áireamh a bhí sa scéal ina dhiaidh sin [breithiúnas an 24 Meitheamh 2019, *an Coimisiún v an Pholainn (Neamhspleáchas na Cúirte Uachtaraí)*, C-619/18, EU:C:2019:531, mír 30 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 83 Sa chás seo, tá comhthuiscint ann, ar éag do na tréimhsí ama arna leagan amach ag an gCoimisiún sa tuairim réasúnaithe agus sa tuairim réasúnaithe sa bhreis, go bhfuil na forálacha náisiúnta go léir a chuireann an institiúid sin faoi chonspóid i bhfeidhm go fóill. Dá bhrí sin, is gá don Chúirt rialú a thabhairt ar na gearáin go léir a ardaítear mar chuid den chaingean sin.

An ceathrú gearán

Argóintí na bpáirtithe

- 84 Lena chéad ghearán, a bhfuil scrúdú le déanamh air ar dtús, líomhnaíonn an Coimisiún gur sáraíodh an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE, toisc gur mhainnigh Poblacht na Polainne ina hoibleagáid a chomhlíonadh maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an Dlísheomra Araíonachta gan bheith inchurtha in amhras, bíodh an Dlísheomra Araíonachta, mar “chúirt”, i ndlíchóras Phoblacht na Polainne “sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais”, de réir bhrí na forála sin, agus gur tugadh inniúlacht eisiach dó chun rialú a thabhairt i gcásanna áirithe a bhaineann leis an stádas, agus le cur i gcrích feidhmeanna, ag breithiúna, rud lena bhféadfaí difear a dhéanamh dá neamhspleáchas.
- 85 Ina iarratas, agraíonn an Coimisiún, chuige sin, breithiúnas an 19 Samhain 2019, *A. K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas Dhlísheomra Araíonachta Chúirt Uachtarach na Polainne)* (C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, “breithiúnas *A. K. agus páirtithe eile*”, EU:C:2019:982) agus breithiúnas an 5 Nollaig 2019 (III PO 7/18) agus ordúithe an 15 Eanáir 2020 (III PO 8/18 agus III PO 9/18) ón Sąd Najwyższy (Izba Pracy i Ubezpieczeń Społecznych) [an Chúirt Uachtarach (Dlísheomra um Shaothar agus um Shlándaíl Shóisialta), an Pholainn], arbh í an chúirt a rinne an tarchur sna príomhimeachtaí ba chúis le breithiúnas *A. K. agus páirtithe eile*. Tugtar le tuiscint ó na cinntí breithiúnacha sin go bhféadfadh amhras, lena bhfuil údar maith, a tharraingt ó thaobh daoine aonair faoi neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an Dlísheomra sin le measúnú foriomlán a dhéanamh, go háirithe, ar an gcomhthéacs agus na himthosca inar cruthaíodh an Dlísheomra Araíonachta, ar an dóigh a bhfuil sé comhdhéanta, ar an modh ina gceapann sé a chomhaltaí, ar an mbaint, sa chomhthéacs sin, atá ag KRS faoi mar atá sé nua-chomhdhéanta agus ar roinnt saintréithe an Dlísheomra sin agus inniúlachtaí sainiúla arna dtabhairt dó.
- 86 Le húdarás a thabhairt don Dlísheomra Araíonachta idir nósanna imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithiúna agus breithiúna faoi oiliúint mar aon lena ngabháil agus a gcur faoi choinneáil, agus chinneadh a dhéanamh, i gcásanna mar sin, iad a chur ar fionraí nó laghdú a dhéanamh ar a luach saothair, agus éisteacht le cásanna maidir le dlí na fostaíochta agus maidir le

háirteachas sóisialta nó maidir le cur ar scor éigeantach i ndáil le breithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), ní cheadaítear a áirithiú nach bhfuil neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna sin inchurtha in amhras le hAirteagal 27(1), 1a, 2 agus 3, go háirithe maidir le brú seachtrach nach bhfuil údar leis, nó, uime sin, maidir leis an gceart atá ag daoine aonair chun leighis éifeachtaigh sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais.

- 87 Ina athfhreagra, deir an Coimisiún chomh maith, idir an dá linn, gur deimhníodh fiúntas an cheathrú gearán leis na cinntí ó bhreithiúna an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596). Ina theannta sin, chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, ina breithiúna an 22 Iúil 2021, *Reczkowicz v an Pholainn* (CE:ECHR:2021:0722JUD004344719), nár chúirt arna bunú le dlí, de réir bhrí Airteagal 6 de ECHR, ab ea an Dlísheomra Araíonachta.
- 88 Ina cosaint, áitíonn Poblacht na Polainne go bhfuil an nós imeachta um cheapachán chomhaltáí an Dlísheomra Araíonachta agus na ráthaíochtaí eile atá acu ar a gcheapachán de chineál nach bhfuil neamhspleáchas an Dlísheomra sin inchurtha in amhras.
- 89 Go deimhin, ar an gcéad dul síos, sainíodh go huileghabhálach, le dlí náisiúnta, na coinníollacha atá le comhlíonadh ag iarrthóirí ar an bpost mar bhreitheamh an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus ceanglaítear leis an nós imeachta um cheapachán breithiúna rogha le déanamh, i ndiaidh glao poiblí ar iarrthóirí a fhoilsiú, ag KRS ar a bhonn a dhéanfaidh sé togra maidir le iarrthóirí rathúla a cheapadh. De bharr an nós imeachta sin, glacfaidh Uachtarán na Poblachta ceapachán, nach gceanglófar air nó uirthi cloí le togra KRS. Maidir leis an dóigh ina bhfuil KRS comhdhéanta, ar dheimhnigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a bhunreachtúlacht, is ar éigean atá sé comhdhéanta go héagsúil ó na comhairlí náisiúnta breithiúnacha atá ar bun i mBallstáit eile. Thairis sin, cuireadh le húdar daonlathach KRS leis an mbaint atá ag an reachtas i gcheapachán comhaltáí de, fad ar ceadaíodh a áirithiú leis an dóigh ina bhfuil sé nua-chomhdhéanta go ndéantar ionadaíocht níos fearr ar na breithiúna de chuid na Polainne.
- 90 Ar an dara dul síos, ar a gcheapachán, bíonn ráthaíochtaí ag comhaltáí an Dlísheomra Araíonachta a bhaineann, go háirithe, leis an bhfad éiginnte atá lena dtéarma oifige, lena ndo-aistritheacht, leis an díolúine atá acu, leis an oibleagáid atá orthu fanacht neamhpholaitiúil, le hábhair neamhdhleathacha phroifisiúnta agus le luach saothair atá fíor-ard.

Breithniú na Cúirte Breithiúnas

- 91 Mar a thugtar chun cuimhne i míreanna 69 go 71 den bhreithiúna seo, ceanglaítear leis an dara fómhír d'Airteagal 19(1) CAE ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le córas leigheasanna agus nósanna imeachta lena n-áirithítear do dhaoine aonair go n-urramófaí a gceart cosaint dlí éifeachtach a fháil sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais, go háirithe, le háirithiú go bhfuil na ceanglais chun go n-urramófaí a leithéid, lena n-áirítear na ceanglais maidir lena neamhspleáchas agus neamhchlaontacht, á gcomhlíonadh ag na gcomhlachtaí a iarrtar orthu, mar chúirteanna, rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léiriú a dhéanamh ar an dlí sin.
- 92 Tá comhthuiscint ann go bhféadfaí iarraidh ar an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus, go háirithe, ar an Dlísheomra Araíonachta, atá ina chuid de, mar aon leis na Gnáthchúirteanna nó na Cúirteanna Riaracháin de chuid na Polainne chun rialú a thabhairt ar na ceisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais, nó leis an léiriú le déanamh air, mar “c[h]úirteanna” faoin dara fómhír d'Airteagal 19(1) CAE, rud a fhágann nach mór do na cúirteanna sin na ceanglais a

chomhlíonadh maidir le cosaint dlí éifeachtach [féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:59, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear].

- 93 Thairis sin, de réir chásdlí comhsheasmhach na Cúirte, glactar leis an riachtanas de réir dhlí an Aontais nach bhfuil neamhspleáchas agus neamhchlaontacht inchurtha in amhras, go háirithe maidir leis an dóigh ina bhfuil an comhlacht lena mbaineann comhdhéanta, an ceapachán chuige, an fad seirbhíse, mar aon leis na cúiseanna le staonadh ag a chomhaltaí agus lena chomhaltaí a bhaint ó chás, agus le briseadh as a bpoist, lena gcuirtear daoine aonair ó aon amhras faoi nach gcuirfí as don chomhlacht sin le himthosca seachtracha nó faoina neodracht i ndáil leis na leasanna iomaíocha (breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:59, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 94 I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach go gcosnaítear breithiúna ar idirghabhálacha seachtracha nó ar bhrú lena bhféadfaí a neamhspleáchas a chur i mbaol. Ní mór a cheadú, leis na rialacha is infheidhme maidir le stádas na mbreithiúna agus le cur i gcrích a bhfeidhmeanna mar bhreithiúna, go háirithe, go gcuirfí cosc ní hamháin le tionchar díreach, i bhfoirm treoracha, ach le cineálacha tionchair níos indíri lena bhféadfaí tionchar a imirt ar chinntí na mbreithiúna lena mbaineann chomh maith, agus aon chuma a sheachaint mar sin nach bhfuil na breithiúna sin neamhspleách nó neamhchlaon, ar tionchar é atá de chineál a bhainfeadh sé an bonn ón muinín i sochaí dhaonlathach agus faoi smacht reachta nach mór a spreagadh leis an gceartas i ndaoine aonair [breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:59, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 95 Le bheith níos sonraí faoi, ó thaobh na rialacha maidir leis an gcóras araíonachta is infheidhme maidir le breithiúna, is léir mar sin ó chásdlí comhsheasmhach na Cúirte, go gceanglaítear leis an gceanglas maidir le neamhspleáchas faoi dhlí an Aontais agus, go háirithe, faoin dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE, go gcaithfidh na ráthaíochtaí is gá a bheith sna rialacha sin chun aon bhaol a sheachaint go n-úsáidfí a leithéid de chóras mar chóras rialaithe pholaitiúil ar ábhar cinntí breithiúnacha. I ndáil leis sin, i gcás rialacha lena sainítear, go háirithe, na cineálacha iompair atá ina gcionta araíonachta agus na pionóis atá infheidhme i ndáiríre, lena bhforáiltear don ról atá ag comhlacht neamhspleách i gcomhréir le nós imeachta lena ráthaítear go hiomlán na cearta a chumhdaítear in Airteagail 47 agus 48 den Chairt, go háirithe, cearta na cosanta, agus lena bhforáiltear go bhfuil imeachtaí dlí intionscanta chun cinntí ó na comhlachtaí araíonachta a chur faoi chonspóid, is ionann na rialacha agus sraith ráthaíochtaí atá bunriachtanach chun críocha neamhspleáchas na mbreithiúna a choimirciú [breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:59, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 96 I bprionsabal, caithfidh gurb amhlaidh atá, *mutatis mutandis*, maidir le rialacha eile a bhaineann leis an stádas, agus le cur i gcrích a bhfeidhmeanna, ag breithiúna, amhail na rialacha maidir lena ndíolúine choiriúil a bhaint i gcás ina bhforáiltear leis an dlí náisiúnta lena mbaineann do dhíolúine dá leithéid, mar a fhoráiltear dó sa chás seo (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Bealtaine 2021, *Asociația “Forumul Judecătorilor din România” agus páirtithe eile*, C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, mír 213).
- 97 Go deimhin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 206 dá Thuairim, d’fhéadfadh mór-iarmhairtí a bheith ag le cur i bhfeidhm a leithéide de rialacha sin ar na cora sa scéal ó thaobh ghairmeacha beatha na mbreithiúna de agus a ndálaí maireachtála. Is deimhin gurb amhlaidh atá i gcás le rialacha amhail na rialacha in 27(1), 1a, 2, agus 3 den Dlí Leasaithe

maidir leis an gCúirt Uachtarach lena gcuirtear cur i bhfeidhm chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh de chúram ar an Dlísheomra Araíonachta, a mhéid arbh fhéidir lena leithéid de chur i bhfeidhm a bheith ina chúis le húdarás a thabhairt chun imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne na mbreithiúna lena mbaineann, iad a ghabháil nó a chur faoi choinneáil shealadach, iad a chur ar fionraí nó laghdú a dhéanamh ar a luach saothair.

- 98 Is amhlaidh atá maidir le cinntí a bhaineann le gnéithe bunúsacha de na córais saothair nó slándála sóisialta is infheidhme maidir lena leithéid de bhreithiúna, amhail a gcearta maidir le híocaíochtaí, le laethanta saoire nó le cosaint shóisialta, nó a bhaineann leis go bhféadfaí iad a chur ar luathscor, go háirithe ar chúiseanna leighis.
- 99 Sna himthosca sin, caithfidh ráthaíochtaí a bheith i ndlíchóras an Bhallstáit lena mbaineann atá iomchuí chun aon bhaol a sheachaint go n-úsáidfí a leithéid de chóras mar chóras rialaithe pholaitiúil ar ábhar cinntí breithiúnacha nó mar uirlis le brú nó imeagla a chur ar bhreithiúna, rud a d'fhéadfadh an chuma a chur orthu nach bhfuil siad neamhspleách nó neamhchlaon agus a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ón muinín i sochaí dhaonlathach agus faoi smacht reachta nach mór a spreagadh leis an gceartas i ndaoine aonair (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Bealtaine 2021, *Asociația "Forumul Judecătorilor din România" agus páirtithe eile*, C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, mír 216).
- 100 I ndáil leis sin, is tábhachtach, mar sin, mar atá ar aon dul leis an méid a thugtar chun cuimhne i mír 95 den bhreithiúnas seo maidir leis na rialacha is infheidhme i dtaca leis an gcóras araíonachta do bhreithiúna, cinntí lena n-údaraitear imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne na mbreithiúna lena mbaineann, iad a ghabháil nó a chur faoi choinneáil shealadach, iad a chur ar fionraí nó laghdú a dhéanamh ar a luach saothair nó cinntí maidir le gnéithe bunúsacha de na córais saothair, slándála sóisialta nó cur ar scor is infheidhme maidir lena leithéid de bhreithiúna, go nglacfadh agus go n-athbhreithneodh comhlacht a chomhlíonann na ráthaíochtaí atá ina ngné dhílis de chosaint dlí éifeachtach, lena n-áirítear an neamhspleáchas [féach, *mutatis mutandis*, breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:59, mír 80 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 101 I ndáil leis sin, ní mór á chur i dtreis, go háirithe, go bhféadfaí difear a dhéanamh dá neamhspleáchas féin toisc, agus dá thoisc sin amháin, gur féidir le breithiúna dul i mbaol go n-iarrfaí agus go bhfaighfí údarás chun imeachtaí choiriúla a thionscnamh os comhair comhlacht a bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras [féach, *mutatis mutandis*, breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:59, mír 82 agus an cásdlí dá dtagraítear]. Is amhlaidh atá maidir leis an mbaol go bhféadfadh a leithéid de chomhlacht a chinneadh go gcuirfí iad ar fionraí óna bhfeidhmeanna agus go ndéanfaí laghdú ar a luach saothair nó go gcuirfí iad ar luathscor nó fiú go dtabharfaí rialú ar bhunghnéithe eile dá gcórais saothair agus slándála sóisialta.
- 102 Sa chás seo, ní mór a thabhairt chun cuimhne, i bhfianaise na mbreithnithe arna leagan amach, agus an méid arna thabhairt faoi deara, i míreanna 89 go 110 de bhreithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)* (C-791/19, EU:C:2021:596), a bhfuil tagairt le déanamh dó, gur rialaigh an Chúirt, i mír 112 den bhreithiúnas sin, go bhfuil an comhthéacs áirithe agus na himthosca oibiachtúla inar cruthaíodh an Dlísheomra Araíonachta, a shaintréithe agus an bealach ina gceaptar a bhaill de chineál, curtha san áireamh le chéile, a bheith ina n-údar maith amhrais ag na daoine aonair faoi nach gcuirfí as don chomhlacht sin le himthosca seachtracha, go háirithe, leis an tionchar díreach nó indíreach a imríonn an reachtas agus an feidhmeannas de chuid na Polainne, agus faoina neodracht maidir leis na leasanna

iomaíocha agus, mar sin, d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis leis an gcuma a chur ar an gcomhlacht sin nach bhfuil sé neamhspleách na neamhchlaon, rud ar dócha go mbainfeadh sé an bonn ón muinín i sochaí dhaonlathach agus faoi smacht reachta nach mór a spreagadh leis an gceartas i ndaoine aonair.

103 Sna himthosca sin, ní mór seasamh leis an gceathrú gearán.

An tríú gearán

Argóintí na bpáirtithe

104 Tá dhá chuid sa tríú gearán, a bhfuil scrúdú le déanamh air ar an dara dul síos.

105 Leis an gcéad chuid den ghearán sin, cuireann an Coimisiún faoi chonspóid comhréireacht na bhforálacha d'Airteagal 72(1)(2) agus (3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach agus na forálacha d'Airteagal 107(1)(2) agus (3) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, le dlí an Aontais, ar dlíthe iad lena ndéantar cionta araíonachta, ó thaobh bhreithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus le breithiúna na nGnáthchúirteanna, idir de ghníomhartha nó neamhghníomhartha de chineál a gcuirtear cosc tríothu le feidhmiú údaráis bhreithiúnaigh, nó a chuirtear as dó, agus de ghníomhartha lena dtugtar faoi cheist go bhfuil caidreamh fostaíochta ag breitheamh, éifeachtacht ceapacháin breithimh nó dlisteanacht comhlachta bhunreachtúil de chuid Phoblacht na Polainne. Soiléiríonn an Coimisiún, ina leith sin, mar is léir ó Airteagal 29(1) agus ó Airteagal 49(1) den Dlí Leasaithe maidir le Cúirteanna Riaracháin, go bhfuil na forálacha d'Airteagal 107(1)(2) agus (3) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna infheidhme maidir le breithiúna na gCúirteanna Riaracháin chomh maith.

106 Dar leis an gCoimisiún, sáraítear leis na forálacha náisiúnta sin, ar an gcéad dul síos, na comhforálacha den dara fómhír d'Airteagal 19(1) CAE agus d'Airteagal 47 den Chairt, a mhéid arb é is aidhm leo cosc a chur ar na breithiúna go léir lena mbaineann, faoi réir cionta araíonachta a ghearradh orthu lena bhfuil briseadh as a bpoist san áireamh, measúnú a dhéanamh, mar a dhlítear orthu a dhéanamh de réir chásdlí na Cúirte, i gcásanna a bhaineann le cearta daoine aonair faoi dhlí an Aontais, le feiceáil an bhféadfaí nó nach bhféadfaí an ceart a ráthú atá ag daoine aonair go bhfaighidís éisteacht ó bhinse neamhspleách neamhchlaon, arna bhunú roimh ré le dlí, nó le feiceáil an bhfuil sé inráthaithe nó nach ndearnadh sárú air.

107 Bíodh is nach mór do chion araíonachta a chur i bhfocail soiléire mhionsonraithe fós féin, ní chomhlíonfaí a leithéid de cheanglas leis na focail “de chineál a gcuirtear cosc tríothu le” feidhmiú údaráis bhreithiúnaigh nó go “[g]cuirtear as dó go tromchúiseach”, atá in Airteagal 72(1)(2) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach agus in Airteagal 107(1)(2) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna.

108 Ceadáítear leis na focail sin, mar sin, mar shampla, a chinneadh go ndéantar cion dá dtagraítear sna forálacha náisiúnta i gcás, in ionad scrúdú ar iarratas ar bhreitheamh a bhaint ó chás a chur faoi bhráid an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí arís, mar a éilítear le hAirteagal 26(2) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, ina ndéanfaidh comhlacht breithiúnach scrúdú as féin le feiceáil an bhfuil nó nach bhfuil an breitheamh lena mbaineann neamhspleách agus chinnfeadh sé nach amhlaidh atá, agus é ag brath ar chásdlí na Cúirte.

- 109 Is amhlaidh atá i gcás, i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá uirthi faoi bhreithiúnas *A. K. agus páirtithe eile*, ina gcuireann cúirt náisiúnta na critéir arna mbunú ag an gCúirt i míreanna 132 go 154 den bhreithiúnas seo i bhfeidhm maidir le cúirt eile a iarrtar uirthi rialú a thabhairt i gcás, agus cinneann sí, agus na critéir sin á gcur san áireamh aici, ar an gcéad dul síos, staonadh ó chur i bhfeidhm na forála náisiúnta lena dtugtar inniúlacht di as siocair nach bhfuil sí neamhspleách agus, ar an dara dul síos, an cás a tharchur chuig tríú cúirt nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras. Go deimhin, d'fhéadfaí a rialú gurb ionann a leithéid de bheart breithiúnach a dhéanamh agus gníomh nó neamhghníomh de chineál a gcuirtear cosc tríothu le feidhmiú údarais bhreithiúnaigh, nó a gcuirtear as go tromchúiseach dó dá mbarr, de réir bhrí na bhforálacha náisiúnta atá faoi chonspóid.
- 110 Maidir leis na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 72(1)(3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach agus in Airteagal 107(1)(3) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, d'fhéadfadh sé go bhfuil san áireamh iontu, ní hamháin tabhairt faoi cheist bailíocht an ghnímh lena gceaptar breitheamh fiú, ach, ar bhonn níos ginearálta, gach measúnú diúltach a dhéantar ar dhleathacht an nós imeachta um cheapachán breithiúna ar mhaithe le fíorú an bhfuil nó nach bhfuil urraim á tabhairt ar cheanglas dhlí an Aontais maidir le cúirt a bhunú roimh ré le dlí. Mar sin, d'fhéadfaí a mheas, mar shampla, go ndéantar an cion lena mbaineann i gcás ina rialaíonn cúirt, ar achomharc, nach cúirt arna bunú roimh ré le dlí í an chúirt chéadchéime mar gheall ar an dóigh inar ceapadh na breithiúna atá ina suí inti agus, ar an bhforas sin, cuireann sí cinneadh na cúirte sin ar neamhní.
- 111 I ndáil leis sin, is léir, *inter alia*, ó mhíreanna 133 agus 134 de bhreithiúnas *A. K. agus páirtithe eile*, mar chuid den scrúdú atá le déanamh ag gach cúirt a chuirtear síos orthu i mír 109 den bhreithiúnas seo, is gá go háirithe go bhféadfadh sí a áirithiú nach coinníollacha substainteacha agus socrúithe nós imeachta iad, lena rialaítear glacadh ceapachán breithiúna a chomhdhéanann an chúirt a bhfuil amhras á tharraingt faoina neamhspleáchas, nach bhféadfaidís a bheith ina n-údar maith, ag na daoine aonair, faoi nach gcuirfí as do na breithiúna lena mbaineann le gnéithe seachtracha nó faoina neodracht maidir leis na leasanna atá i gceist, ar a gceapadh. D'fhéadfaí pionóis araíonachta a ghearradh ar bhonn na bhforálacha náisiúnta atá faoi chonspóid as a leithéid d'athbhreithniú a dhéanamh fiú chomh maith.
- 112 Thairis sin, is léir ón meabhrán míniúcháin a ghabhann leis an mbille ba chúis leis an Dlí Leasaithe a ghlacadh go raibh sé mar phríomhchuspóir ag na cionta araíonachta nua a bunaíodh mar sin chun breithiúna agus comhlachtaí bunreachtúla an Stáit a chosaint ar thabhairt faoi cheist ag a gcomhlachtaí féin.
- 113 Ina theannta sin, bhain na cionta nua sin le hábhar cinntí breithiúnacha, bíodh is go gcuirtear toirmeasc leis an gceanglas maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna ar an mbaol go n-úsáidfí an córas araíonachta arna chur i bhfeidhm maidir leo chun críocha a leithéid d'ábhar a rialú go polaitiúil.
- 114 Ar an dara dul síos, cuireann an Coimisiún in iúl go sáraítear le hAirteagal 267 CFAE na forálacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 105 thuas chomh maith. Go deimhin, is inmheasta mar chion araíonachta i bhfianaise fhocail na bhforálacha náisiúnta sin fiú é cur ar fionraí nós imeachta reatha ag cúirt náisiúnta agus ceisteanna a tharchur aici chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú, ar ceisteanna iad a bhaineann leis an léiriú atá le déanamh ar na ceanglais a bhaineann leis an gceart cosaint dlí éifeachtach a fháil faoi dhlí an Aontais mar gheall, mar shampla, ar amhras atá

ar an gcúirt sin faoi chomhréireacht na hinniúlachta a thugtar do chúirt náisiúnta nó do chomhlacht bunreachtúil amhail KRS leis na ceanglais sin nó leis na himthosca ina gceaptar breitheamh.

- 115 Leis an dara cuid den tríú gearán, áitíonn an Coimisiún gurb ionann an cáineadh atá le déanamh ar thabhairt isteach cion araíonachta dar thréithe é sárú “follasach agus tromchúiseach” ar na rialacha dlí sa chéad fhomhír d’Airteagal 72(1)(1) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach agus an cáineadh a dhearna an Coimisiún, i gcomhthéacs na caingne mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh a thionscain sé i gCás *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)* (C-791/19, EU:C:2021:596), ar an bhforáil sa chéad fhomhír d’Airteagal 107(1) den Dlí maidir le Gnáthchúirteanna, atá ar comhfhocail leis. Go deimhin, ba shiocair é cion a leagtar amach i bhfocail cé chomh doiléir sin, atá níos doiléire sa chomhthéacs, mar a chuireann an Coimisiún síos air sa chaingean seo mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh, ina bhfuil gníomhartha araíonachta i ndáil le breithiúna ag dul i ndéine agus ina bhfuil borradh faoi bhrú an fheidhmeannais ar ghníomhaíocht na gcomhlachtaí araíonachta, leis an mbaol go n-úsáidfí Airteagal 72(1)(1) chun críocha rialaithe pholaitiúil agus go gcuirfí ina stad gníomhaíocht bhreithiúnach bhreithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach).
- 116 Ina athfhreagra, áitíonn an Coimisiún, idir an dá linn, gur deimhníodh ina iomláine fiúntas an tríú gearán leis na cinntí ó bhreithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)* (C-791/19, EU:C:2021:596).
- 117 Faoi dheireadh, le linn na héisteachta, chuir an Coimisiún i dtreis gur deimhníodh leis an gcomhthéacs inar glacadh an Dlí Leasaitheach, ar bhonn práinneach agus mí amháin ar éigean i ndiaidh bhreithiúnas *A.K. agus páirtithe eile* a thabhairt, ina raibh an measúnú ar neamhspleáchas an Dlísheomra Araíonachta agus KRS faoi cheist, go raibh sé d’fheidhm, i ndáiríre, ag na forálacha náisiúnta a chuirtear faoi chonspóid mar chuid den tríú gearán mar a bhí sé ag forálacha náisiúnta a chuireann an institiúid sin faoi chonspóid mar chuid den chéad ghearán, cosc a chur trí chur i bhfeidhm na gcinntí ó bhreithiúnas *A.K. agus páirtithe eile*, agus ó bhreithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí– Ceapachán)* (C-487/19, EU:C:2021:798), ar tugadh idir an dá linn.
- 118 Go deimhin, is léir, go háirithe, ó na breithiúnais sin go háirithe go bhféadfadh gá a bheith le hathbhreithniú a dhéanamh ar an nós imeachta um cheapachán breithiúna, chomh maith leis an scrúdú chun a áirithiú, sa chomhthéacs sin, gur comhlacht neamhspleách é KRS, d’fhonn a áirithiú go bhfuil na breithiúna i gceist nó an chúirt lena mbaineann siad neamhspleách agus bunaithe roimh ré le dlí. Cuireadh cosc, áfach, trína leithéidí d’athbhreithniú agus de scrúdú a dhéanamh leis na forálacha atá faoi chonspóid ós rud é go gceadaítear leo pionós araíonachta a ghearradh ar aon tabhairt faoi cheist d’éifeachtacht ceapacháin breithimh nó dlisteanacht comhlachta bhunreachtúil.
- 119 Ina cosaint, áitíonn Poblacht na Polainne nach bhfuil an dualgas cruthúnais á chomhlíonadh ag an gCoimisiún agus nach dtéann sé ach i mbun toimhdí i ndáil leis na forálacha náisiúnta atá faoi gconspóid trí sheasamh le léirithe orthu atá ar neamhréir lena bhfocail agus lena gcuspóir, fad a ligeann sé thar ceal tagairt a dhéanamh d’aon chleachtas ag na húdaráis nó cúirteanna de chuid na Polainne lena bhféadfaí tacú leis na léirithe sin a dhéanamh.

- 120 Go deimhin, ar an gcéad dul síos, ní fhéadfadh sé gurb ionann dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i gceart ag cúirt náisiúnta, go háirithe maidir le neamhspleáchas breithiúna nó le hinniúlacht cúirte arna bunú roimh ré le dlí, nó ceist a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú agus gníomh nó neamhghníomh lena bhféadfaí cosc a chur le feidhmiú an cheartais, nó cur as dó go tromchúiseach, ós é is cuspóir atá leis an gcion araíonachta atá i gceist ná a áirithiú nach sáraíonn na breithiúna a ndualgais ná nach n-iompraíonn siad iad féin ar neamhréir le dínit a bpost.
- 121 Ar an dara dul síos, maidir le cionta araíonachta a bhaineann le tabhairt faoi cheist na ndualgas nó an chaidrimh fostaíochta atá ag breitheamh, ní fhéadfadh sé gurb é is cúis leo ná scrúdú arna dhéanamh ag breitheamh le feiceáil an bhfuil nó nach bhfuil ag duine aonair an ceart cosaint dlí éifeachtach a fháil, nó, i gcás ina ndéanfaí aon sárú ar a leithéid de cheart, go mbainfeadh a leithéid de bhreitheamh na tátail dá bhforáiltear le dlí as, amhail breitheamh a bhaint ó chás, cás a tharchur chuig cúirt eile nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras nó cinneadh breithiúnach a chur ar neamhní. Ní fhéadfadh sé gurb é is cúis lena leithéid de chionta ach an oiread go gcuirtear ceisteanna maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna faoi bhráid na Cúirte mar a fhianaítear, i ndeireadh na dála, le roinnt ceisteanna arna dtarchur le haghaidh réamhrialú ag cúirteanna de chuid na Polainne le déanaí ar bhain leis, gan imeachtaí araíonachta a thionscnamh mar thoradh air.
- 122 Ba é a bhí sna forálacha náisiúnta i gceist, i ndáiríre, ná tabhairt faoi cheist ceapacháin breithimh nó éifeachtaí an cheapacháin sin mar chuid de nósanna imeachta nach bhforáiltear dóibh sa Bhunreacht, atá i gcomhréir, thairis sin, leis na ceanglais nach mór do bhreithiúna a bheith do-aistrithe agus go bhfuil a gcaidreamh fostaíochta le bheith seasmhach.
- 123 Ar an tríú dul síos, an t-aon chuspóir amháin a bhí le tabhairt isteach an chion araíonachta a bhaineann le sárú “follasach agus tromchúiseach” ar na rialacha dlí in Airteagal 72(1)(1) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach ab ea na cásanna ina n-agraítear dlíteanas araíonachta breithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) a chur ag teacht leis na cásanna is infheidhme maidir le breithiúna na nGnáthchúirteanna dá bhforáiltear le hAirteagal 107(1)(1) den Dlí maidir le Gnáthchúirteanna, ionas go dtugtar aon raon feidhme amháin don dá fhoráil sin. Rinne an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) léiriú seanbhunaithe agus an-sriantach ar Airteagal 107(1)(1) den Dlí maidir le Gnáthchúirteanna, á chur as an áireamh go bhféadfadh ábhar na gcinntí breithiúnacha lena ndéantar léiriú ar an dlí a bheith ina chúis lena leithéid de chion. Go sonrach, faoi mar a thuigfí, ní fhéadfadh sé gurb ionann comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirtear uirthi le dlí an Aontais ag cúirt náisiúnta, lena n-áirítear an oibleagáid a áirithiú go bhfuil ag páirtí an ceart cosaint dlí éifeachtach a fháil, de réir bhrí na gcomhfhorálacha den dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE agus d’Airteagal 47 den Chairt, nó ceist a chur ag a leithéid de chúirt ar an gCúirt maidir leis an léiriú le déanamh ar fhorálacha dhlí an Aontais, agus sárú follasach agus tromchúiseach ar na rialacha dlí, de réir bhrí Airteagal 72(1)(1).
- 124 Faoi dheireadh, tá Poblacht na Polainne den tuairim nach bhfuil an tríú gearán agus an dara gearán ag teacht le chéile, a mhéid nach bhféadfaí a mheas go gcuirtear toirmeasc leis an dlí náisiúnta ar bhreithiúna na gcúirteanna náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh le feiceáil an ndéantar nó nach ndéantar aon sárú ar an gceart cosaint dlí éifeachtach a fháil faoi réir pionós araíonachta, fad a líomhnaítear, san am céanna, go bhfuil sé de dhlínse eisiach ag an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí rialú a dhéanamh ar na forais lena leithéid de sháruithe.

Breithniú na Cúirte Breithiúnais

– Réamhbhreithnithe

- 125 Mar réamhphointe, is tábhachtach a thabhairt chun cuimhne, ar an gcéad dul síos, cé go dtagann bunú an chórais araíonachta is infheidhme maidir le breithiúna faoi inniúlacht na mBallstát, go gceanglaítear mar sin féin ar gach Ballstát, i bhfeidhmiú a inniúlachta, dlí an Aontais a chomhlíonadh. Mar sin, ceanglaítear ar Phoblacht na Polainne a áirithiú go bhfuil an córas araíonachta arna bhunú aici i ndáil le breithiúna náisiúnta iomchuí chun neamhspleáchas cúirteanna a choimirciú, ar cúirteanna iad a iarrtar orthu, mar a iarrtar ar na gnáthchúirteanna, na cúirteanna riaracháin agus Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm nó le léiriú a dhéanamh air, d’fhonn a áirithiú go bhfuil ag daoine aonair an chosaint dlí éifeachtach is gá de réir an dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE [féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)* C-791/19, EU:C:2021:596, mír 136 agus an cásdlí dá dtagraítear]. I gcomhréir le prionsabal scaradh na gcumhachtaí atá de réir thréithe an smachta reachta, caithfidh, *inter alia*, neamhspleáchas an reachtais agus an fheidhmeannais gan bheith inchurtha in amhras [breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht breithiúnas cúirte bunreachtúla)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 126 Maidir leis na cineálacha iompair a d’fhéadfaí cionta araíonachta a dhéanamh díobh ó thaobh na mbreithiúna, is deimhin gur shoiléirigh an Chúirt nach bhféadfadh sé a bheith mar thoradh ar an gcoimirciú sin ar an neamhspleáchas go gcuirtear dliteanas araíonachta breithimh, i gcásanna fíor-eisceachtúla, chun do-agarthachta iomlán. Go deimhin, is léir nach bhféachtar lena leithéid de cheanglas neamhspleáchais glacadh le haon iompraíocht thromchúiseach agus dhochosanta ag breithiúna, mar shampla, lena sárófaí, d’aon ghnó de mheon mímhacánta nó trí fhaillí atá thar a bheith tromchúiseach agus mór, rialacha an dlí náisiúnta agus dlí an Aontais atá le comhlíonadh leo, nó lena ngníomhaítear go treallach nó séantar an ceartas i gcás ina n-iarrtar orthu, mar choimirceoirí an dualgais chun rialú a thabhairt, breithniú a thabhairt ar dhíospóidí lena dtugtar daoine aonair os a gcomhair [breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, mír 137].
- 127 Mar sin féin, rialaigh an Chúirt, áfach, go raibh sé bunriachtanach, chun críocha an neamhspleáchas sin a chaomhnú agus ionas nach bhfuil an córas araíonachta inchurtha dá chuspóirí a bhfuil údar maith leo agus in-úsáidte chun cinntí breithiúnacha a rialú go polaitiúil, nach bhféadfaí dliteanas araíonachta breithimh a thabhairt faoi cheist ach amháin i gcásanna fíor-eisceachtúla amháin na cásanna dá dtagraítear sa mhír roimhe sin a rialaítear, ina leith sin, le critéir oibiachtúla agus infhíoraithe a bhaineann leis na riachtanais riar chuí an cheartais agus le ráthaíochtaí lena bhféachtar aon bhaol a sheachaint go gcuirfí ábhar cinntí breithiúnacha faoi bhrú seachtrach. I ndáil leis sin, is tábhachtach, go háirithe, foráil a dhéanamh maidir leis na rialacha lena sainítear, go soiléir agus go beacht a ndóthain, na cineálacha iompair lena bhféadfaí dliteanas araíonachta breithiúna lena mbaineann a agairt [féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, míreanna 138 go 140 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 128 Ar an dara dul síos, ní mór a thabhairt chun cuimhne chomh maith, mar is léir ó chásdlí na Cúirte, chun a áirithiú go gcaomhnaítear saintréithe sonracha agus uathriail dhlíchóras an Aontais, gur tugadh isteach leis na conarthaí dlíchóras, agus léiriú á dhéanamh ar dhlí an Aontais, a beartaíodh chun comhleanúnachas agus aonchineálacht a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, cuirtear de chúram le hAirteagal 19 CAE, ar Airteagal é, mar a thugtar chun cuimhne i mír 69 den

bhreithiúnas sin, lena ndearbhaítear an luach atá ag an smacht reachta le hAirteagal 2 CAE, ar chúirteanna náisiúnta agus ar an gCúirt go ráthóidís idir chur i lán-feidhm dhlí an Aontais sna Ballstáit ar fad agus an chosaint dlí a bhaineann daoine aonair ón gceart sin [féach, chuige sin, breithiúnais an 24 Deireadh Fómhair 2018, *XC agus páirtithe eile*, C-234/17, EU:C:2018:853, míreanna 39 agus 40 agus an cásdlí dá dtagraítear agus an 2 Márta 2021, *A.B. agus páirtithe eile (Ceapachán breithiúna don Chúirt Uachtarach – Caingne)*, C-824/18, EU:C:2021:153, mír 108 agus an cásdlí dá dtagraítear].

- 129 Mar a thugann an Coimisiún chun cuimhne, rialaigh an Chúirt mar sin go bhfuil sé mar thoradh riachtanach ag an gceart bunúsach chun trialach córa agus, go háirithe, na ráthaíochtaí maidir le rochtain ar bhinse neamhspleách, neamhchlaon arna bhunú roimh ré le dlí atá de réir thréithe an chirt bhunúsaigh sin, go ndlitear ar gach cúirt a fhíorú, mar gheall ar an dóigh ina bhfuil sí chomhdhéanta, go bhfuil sí ina cúirt dá leithéid i gcás ina dtarraingítear an-amhras faoi, ar fíorú é atá riachtanach ar mhaithe leis an muinín atá le spreagadh i nduine aonair ag cúirteanna sochaí daonlathaí (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Márta 2020, *Athbhreithniú Simpson v an Chomhairle agus HG v an Coimisiún*, C-542/18 RX-II agus C-543/18 RX-II, EU:C:2020:232, mír 57).
- 130 Ar dóigh níos ginearálta, is léir, i ndáil leis sin, ó chásdlí na Cúirte go bhféadfadh fíorú ar comhlíonadh na gceanglas faoin gceart bunúsach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, de réir bhrí Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 47 den Chairt, agus, go háirithe, na ceanglais sin a bhaineann le rochtain ar bhinse neamhspleách neamhchlaonta a bunaíodh roimhe sin le dlí, a bheith ina cheangal ar chúirteanna náisiúnta in imthosca áirithe [féach, mar shamplaí, na breithiúnais *A. K. agus páirtithe eile*, míreanna 153, 154, 164 agus 166; an 2 Márta 2021, *A.B. agus páirtithe eile (Ceapachán breithiúna don Chúirt Uachtarach – Caingne)* C-824/18, EU:C:2021:153, míreanna 139, 149, 165 agus 166, agus an 16 Samhain 2021, *Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim agus páirtithe eile*, C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:931, míreanna 74 agus 87].
- 131 Mar sin, glactar leis, go háirithe, nach mór do chúirt náisiúnta a bheith in ann, i gcásanna áirithe, a fhíorú an féidir nó nach féidir gur cúis le sárú ar an gceart bunúsach seo é go bhfuil ábhar neamhdhleathach sa nós imeachta um cheapachán breithimh [féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)* C-487/19, EU:C:2021:798, míreanna 130 agus 131, 152 go 154 agus 159].
- 132 Sna himthosca sin, ní fhéadfaí cion araíonachta ó thaobh na mbreithiúna atá ina suí i gcúirt náisiúnta a dhéanamh de chur i gcrích feidhmeanna a thugtar di leis na conarthaí agus de chloí, dá bharr sin, leis na hoibleagáidí atá fúithi dá réir, trí éifeacht a thabhairt d'fhorálacha amhail na forálacha sa dara fómhír d'Airteagal 19(1) CAE agus in Airteagal 47 den Chairt, gan na forálacha sin de dhlí an Aontais a shárú *ipso facto*.

– *An chéad chuid den tríú gearán*

- 133 Leis an gcéad chuid den tríú gearán, iarrann an Coimisiún ar an gCúirt a dhearbhu, trí ghlacadh agus coimeád i bhfeidhm na bhforálacha a leagtar amach in Airteagal 72(1)(2) agus (3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach agus in Airteagal 107(1)(2) agus (3) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, gur mhainnigh Poblacht na Polainne ina hoibleagáidí a chomhlíonadh de réir idir na comhforálacha den dara fómhír d'Airteagal 19(1) CAE agus d'Airteagal 47 den Chairt, agus faoin dara mír d'Airteagal 267 CFAE.

- 134 Mar is léir óna bhfocail, déantar cionta araíonachta, ó thaobh chúirteanna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) leis na forálacha náisiúnta seo de “g[h]níomhartha nó neamhghníomhartha de chineál a gcuirtear cosc tríothu le feidhmiú údaráis bhreithiúnaigh, nó a gcuirtear as go tromchúiseach dó dá mbarr” agus de “g[h]níomhartha lena dtugtar faoi cheist cé acu an bhfuil nó nach bhfuil caidreamh fostaíochta ag breitheamh, éifeachtacht ceapacháin breithimh nó dlisteanacht orgáin bhunreachtúil de chuid Phoblacht na Polainne”. Thairis sin, is léir ó Airteagal 29(1) agus ó Airteagal 49(1) den Dlí Leasaithe maidir le Cúirteanna Riaracháin go bhfuil feidhm ag na cionta araíonachta sin maidir le breithiúna na gCúirteanna Riaracháin chomh maith.
- 135 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an sárú a líomhnaítear atá á dhéanamh ar na comhfhórlacha den dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE agus d’Airteagal 47 den Chairt, ní mór a chinneadh, ar dtús, murab ionann agus ábhar áitithe Phoblacht na Polainne, nach bhféadfaí a mheas leis na focail ina bhfuil na forálacha náisiúnta faoi chonspóid nach bhfuil i gceist leis na cionta araíonachta ach gníomhartha breithiúnacha a bhaineann le rialú a thabhairt ar bhailíocht ceapacháin breithimh í féin.
- 136 Go deimhin, tá na tagairtí sna forálacha náisiúnta sin do “g[h]níomhartha nó neamhghníomhartha” lena bhféadfaí “cosc [a chur le] feidhmiú údaráis bhreithiúnaigh [nó cur as dó]” nó fiú do “g[h]níomhartha” lena “dtugtar faoi cheist” cé acu an bhfuil nó nach bhfuil “caidreamh fostaíochta ag breitheamh”, “éifeachtacht” ceapacháin breithimh nó “dlisteanacht orgáin bhunreachtúil” de chineál a bheith ina gcúis le réimse réasúnta leathan gníomhartha nó neamhghníomhartha, go háirithe gníomhartha nó neamhghníomhartha breithiúnacha, i bhfianaise a n-ábhar agus a n-éifeachtaí, a bheith inmheasta mar “c[h]ionta araíonachta” ó thaobh na mbreithiúna lena mbaineann, gan an léiriú róshimplí ag Poblacht na Polainne ar na forálacha náisiúnta a bheith intacaithe leis na focail a ndeachaigh reachtas na Polainne ina muinín.
- 137 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta dá aire, go bunúsach, i míreanna 181 agus 183 dá Thuairim, tá na tagairtí sin chomh leathan agus chomh neamhbheacht sin go bhféadfaidís, go háirithe, a bheith ina gcúis le cur i bhfeidhm na bhforálacha náisiúnta atá faoi chonspóid agus imeachtaí araíonachta a thionscnamh in aghaidh na mbreithiúna lena mbaineann i gcásanna ina ndéanann na breithiúna sin scrúdú agus tugann siad rialú ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ceanglais faoin dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 47 den Chairt á gcomhlíonadh acu nó ag an gcúirt ina suíonn siad nó breithiúna eile nó na cúirteanna lena mbaineann.
- 138 Thairis sin, i bhfianaise a bhfocal nach bhfuil soiléir agus beacht a ndóthain, ní féidir a áirithiú leis na forálacha náisiúnta sin ach an oiread nach mbaineann dliteanas na mbreithiúna i gceist i leith na gcinntí breithiúnacha a dtugtar orthu a thabhairt ach le cásanna fíor-eisceachtúla, amhail iad siúd dá dtagraítear i mír 126 den bhreithiúnas seo.
- 139 Sa dara háit, is tábhachtach chomh maith, mar a áitíonn an Coimisiún, na himthosca agus an comhthéacs ar leith a chur san áireamh inar glacadh na forálacha náisiúnta sin, atá de chineál, go deimhin, a d’fhéadfaí cur leo le soiléiriú a thabhairt ar a raon feidhme.
- 140 I ndáil leis sin, ní féidir neamhaird a dhéanamh de, go háirithe, leis na focail arbh fhearr le reachtas na Polainne ar ghlacadh, ar bhonn práinneach bille arna thíolacadh do Theach íochtarach na parlaiminte an 12 Nollaig 2019, Dhlí Leasaitheach an 20 Nollaig 2019 lenar tugadh isteach na forálacha náisiúnta a chuirtear faoi chonspóid sa Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach, sa Dlí maidir le Gnáthchúirteanna agus sa Dlí maidir le Cúirteanna Riaracháin, go dtugtar chun cuimhne go follasach agus go sonrach sraith ceisteanna arna dtógáil ag cúirteanna éagsúla de

chuid na Polainne maidir le comhréireacht roinnt athruithe reachtacha le déanaí lena ndearnadh difear d’eagrú an chórais cheartais sa Pholainn le dlí an Aontais agus, le bheith cruinn faoi, leis na ceanglais faoin dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 47 den Chairt.

- 141 Mar sin, ar an gcéad dul síos, tugtar le tuiscint go soiléir ó bhreithiúnas *A.K. agus páirtithe eile*, ar tugadh go gearr roimh ghlacadh an Dlí Leasaithigh, go háirithe míreanna 134, 139 agus 149 chomh maith leis an gcuid oibríochtúil den bhreithiúnas, gur léir go bhféadfadh sé nach mór don chúirt a rinne an tarchur sna cásanna uamtha ba chúis leis, agus i bhfianaise na éifeachta *erga omnes* atá ag na breithiúnais léiritheacha ar thug an Chúirt ar bhonn Airteagal 267 CFAE [féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Meitheamh 1987, X, 14/86, EU:C:1987:275, mír 12 agus an cásdlí dá dtagraítear; an 24 Samhain 202, *Openbaar Ministerie (Brionnú doiciméad)*, C-510/19, EU:C:2020:953, mír 73 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Conorzio Italian Management agus Catania Multiservizi*, C-561/19, EU:C:2021:799, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear] agus do gach cúirt náisiúnta eile a d’fhéadfaí iarraidh uirthi rialú a thabhairt ar chásanna comhchosúla ina dhiaidh sin, idir rialú a thabhairt, ar bhonn dhlí an Aontais, an bhfuil nó nach bhfuil comhlacht amhail an Dlísheomra Araíonachta inniúil chun rialú a thabhairt ar chásanna a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais ar chur san áireamh, go háirithe, na n-imthosca inar ceapadh na comhaltaí de agus rialú a thabhairt ar neamhspleáchas KRS mar chomhlacht a iarrtar air idirghabháil a dhéanamh sa phróiseas ceapacháin breithiúna.
- 142 Dá bharr sin, d’fhéadfaí iarraidh ar na cúirteanna náisiúnta atá freagrach, mar chuid dá n-inniúlacht, as forálacha dhlí an Aontais go nglacfaidís gníomhartha a d’fhéadfaidís a bheith “de chineál a gcuirtear cosc tríothu le feidhmiú údaráis bhreithiúnaigh, nó a gcuirtear as go tromchúiseach dó dá mbarr”, amhail an Dlísheomra Araíonachta agus a “tugtar faoi cheist” idir “éifeachtacht ceapacháin” breithiúna atá ina suí ann agus gníomhartha lena bhféadfaí a thabhairt faoi cheist “dlisteanacht orgáin bhunreachtúil de chuid Phoblacht na Polainne” amhail KRS agus mar sin a d’fhéadfaidís a theacht faoi na forálacha náisiúnta a chuireann an Coimisiún faoi chonspóid sa chéad chuid den tríú gearán.
- 143 I ndeireadh na dála, ní mór a chur san áireamh chomh maith, ina leith sin, gur rialaigh an Są Najwyższy (Izba Pracy i Ubezpieczeń Społecznych) [an Chúirt Uachtarach (an Dlísheomra um Shaothar agus Slándáil Shóisialta)] é féin, ar bhonn na gcinntí a eascraíonn ó bhreithiúnas *A.K. agus páirtithe eile*, nach raibh KRS, faoi mar a raibh sé nua-chomhdhéanta, ina chomhlacht atá neamhspleách ón reachtas agus ón reachtas de chuid na Polainne agus nach raibh an Dlísheomra Araíonachta ina bhinse, de réir bhrí Airteagal 47 den Chairt, Airteagal 6 de ECHR agus Airteagal 45(1) den Bhunreacht.
- 144 Ar an dara dul síos, ní mór a thabhairt faoi deara, thairis sin, ar dháta ghlacadh na bhforálacha náisiúnta atá faoi chonspóid, go raibh roinnt ceisteanna le haghaidh réamhrialú os comhair na Cúirte ar bhain leis an léiriú le déanamh ar na forálacha den dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE ar chuir cúirteanna de chuid na Polainne faoina bráid, ar ceisteanna iad lena bhfiafraítear an bhfuil nó nach bhfuil léiriú le déanamh ar an bhforáil sin amhail:
- nach cúirt neamhspleách neamhchlaon arna bunú roimh ré le dlí í cúirt atá comhdhéanta de dhuine amháin a cheaptar ina bhreitheamh, nó ina breitheamh, de shárú follasach ar fhorálacha an Bhallstáit lena rialaítear ceapachán breithiúna [Cás C-487/19, *W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)*];

- nach bhféadfadh cúirt náisiúnta, mar chuid de nós imeachta le haghaidh dearbhú nach bhfuil aon chaidreamh fostaíochta ag breitheamh, rialú a thabhairt nach bhfuil stádas breithimh ag duine a ceapadh ar neamhréir le prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí [Cás C-508/19, *Prokurator Generalny agus páirtithe eile (Dlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)*];
 - go sáraítear na ceanglais maidir le cosaint dlí éifeachtach, lena n-áirítear neamhspleáchas na mbreithiúna, i gcás ina n-eagraítear nós imeachta coiriúil ionas go bhféadfadh an tAire Dlí agus Cirt breitheamh a bhaineann le cúirt atá níos ísle a tharmligean chun suí i bhfoirmíocht cúirte atá chun éisteacht le cás ar leith, gan fhios a bheith ar na critéir a chuirtear i bhfeidhm chun críocha a leithéide de tharmligean agus gan an cinneadh sin a bheith in-athbhreithnithe agus mar sin go bhfuil údarás ag an aire sin deireadh a chur leis an tarmligean sin in am ar bith (Cásanna Uamtha C-748/19 go C-754/19, *Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim agus páirtithe eile*)
- 145 Ní mór a chinneadh, de réir a n-ábhar, gur follasach go raibh na freagraí a rabhthas ag súil leo ar na ceisteanna éagsúla sin de chineál a bheith ina gcúis leis go gceanglófaí ar na cúirteanna a rinne an tarchur chuig an gCúirt sna cásanna lena mbaineann agus, i ndeireadh na dála, aon chúirt náisiúnta eile a iarrfar uirthi, as seo amach, rialú a thabhairt ar chásanna comhchosúla, gníomhartha a ghlacadh i gcás inarb iomchuí, a d'fhéadfaí a rialú gur “[thug siad] faoi cheist” “éifeachtacht ceapacháin breithimh”, “cé acu an bhfuil nó nach bhfuil caidreamh fostaíochta ag breitheamh” nó gur “[cuireadh] as [leo] go tromchúiseach [d’]fheidhmiú údaráis bhreithiúnaigh” de réir bhrí na bhforálacha náisiúnta atá faoi chonspóid, agus a d'fhéadfadh a theacht fúthu mar sin.
- 146 Ar an tríú dul síos, is tábhachtach a chur i dtreis, gur rialaigh an Chúirt, i gceann de na breithiúnais a rabhthas ag súil leo ar dháta ghlacadh na bhforálacha náisiúnta sin, eadhon breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí– Ceapachán)* (C-487/19, EU:C:2021:798) go bhfuil léiriú le déanamh ar an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE agus ar phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais amhail nach mór do chúirt náisiúnta os a comhair a thugtar iarratas ar breitheamh a bhaint ó chás mar fho-chuid de chaingean ina bhfuil cinneadh é nó í a aistriú gan toiliú á chur faoi chonspóid ag breitheamh atá ar seirbhís i gcúirt a d’fhéadfadh léiriú a dhéanamh ar an gceart agus é a chur i bhfeidhm, i gcás ina bhfuil géarghá leis sin i bhfianaise na staidéir nós imeachta atá i gceist chun tosaíocht an dlí sin a áirithiú, a chinneadh go bhfuil ordú ar neamhní lenar dhiúltaigh comhlacht don chaingean sin, ar comhlacht é atá ag tabhairt rialú céim dheireanach agus ina bhfuil an breitheamh aonair sin ina shuí nó ina suí ann, más léir ó chúinsí agus dálaí an phróisis chun an breitheamh aonair sin a cheapadh gur ceapadh é nó í de shárú follasach ar na rialacha bunúsacha atá ina gcuid dhílis de bhunú agus feidhmiú an dlíchórais lena mbaineann agus gur cuireadh i mbaol sláine de thoradh an phróisis sin le hamhras a chothú, lena raibh údar maith, i ndaoine aonair roimh neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh lena mbaineann, ionas gurb amhlaidh nach féidir a mheas gur eascair an t-ordú sin ó bhinse neamhspleách neamhchlaon, arna bhunú roimhe sin le dlí, de réir bhrí an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE.
- 147 Tá an chuma ar an scéal, trí scrúdú a dhéanamh mar a cheanglaítear agus trí ordú a dhíbhne i gcás inarb iomchuí, ar na cúiseanna thuasluaite, amhail an t-ordú a bhí i gceist sna príomhimeachtaí i gCás C-487/19, go bhfuil na breithiúna a chomhdhéanann an chúirt a rinne an tarchur i mbaol, mar atá gach breitheamh a d’fhéadfadh sé nach mór dó nó di, as seo amach, a leithéid de scrúdú a dhéanamh agus a leithéid de chinneadh a ghlacadh, a gcurtha ina leith, dá bharr sin, gur “[thug

siad] faoi cheist” “éifeachtúlacht cheapachán an bhreithimh” ar thug a leithéid d’ordú nó ar ghlac gníomh “de chineál a gcuirtear cosc tríothu le feidhmiú údaráis bhreithiúnaigh, nó a gcuirtear as go tromchúiseach dó dá mbarr” de réir bhrí na bhforálacha náisiúnta atá faoi chonspóid.

- 148 Thairis sin, i gcás eile a rabhtas ag súil leis ar dháta ghlacadh na bhforálacha náisiúnta, eadhon breithiúnas an 16 Samhain 2021, *Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim agus páirtithe eile* (C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:931), rialaigh an Chúirt, mar is léir ón gcuid oibríochtúil de, go bhfuil léiriú le déanamh ar an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 2 CAE agus Airteagal 6(1) agus (2) de Threoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla (IO 2016 L 65, lch. 1) amhail go gcuirtear toirmeasc leo ar fhorálacha náisiúnta faoina bhféadfadh aire dlí agus cirt Ballstáit, ar bhonn critéar nach gcuirtear ar fáil don phobal, idir bhreitheamh a tharmligean do chúirt choiriúil níos airde ar feadh tréimhse socraithe nó tréimhse éiginnte agus, in am ar bith agus trí chinneadh neamh-réasúnaithe, deireadh a chur leis an tarmligean sin, gan beann ar fhad socraithe nó éiginnte an tarmligin sin.
- 149 Is léir, arís eile, toisc go n-iarrtar orthu tátail a bhaint as breithiúnas an 16 Samhain 2021, *Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim agus páirtithe eile* (C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:931), tá na breithiúna dá bhfuil an chúirt a rinne an tarchur sna príomhimeachtaí is cúis leis an mbreithiúnas sin comhdhéanta nó aon bhreitheamh a d’fhéadfadh nach mór dóibh, amach anseo, rialú a thabhairt ar chásanna comhchosúla, i mbaol a lochtaithe as gníomhartha a ghlacadh, dá bharr sin, ar “de chineál a gcuirtear cosc tríothu le feidhmiú údaráis bhreithiúnaigh, nó a gcuirtear as go tromchúiseach dó dá mbarr” iad de réir bhrí na bhforálacha náisiúnta atá faoi chonspóid agus, dá bhrí sin, imeachtaí araíonachta a sheasamh ar an mbonn sin.
- 150 Sa tríú háit, maidir leis an bhfíoras, dar le Poblacht na Polainne, nach mbaineann na cionta araíonachta dá dtagraítear sna forálacha náisiúnta, ach le cineálacha iompair a gcuirtear cosc orthu ar shlí eile de réir na bhforálacha náisiúnta bunreachtúla mar a dharna an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) léiriú orthu, is leor a thabhairt ar aird, mar is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i míreanna 75 go 79 den bhreithiúnas seo, nach mbaineann a leithéid le hábhar, cuir i gcás go dtarlódh sí, chun críocha measúnú a dhéanamh ar na ceanglais ar Bhallstáit faoin dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE.
- 151 Thairis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne, i gcás, i ndiaidh don Chúirt Bhreithiúnais a thabhairt, ina mbeadh ar chúirt náisiúnta a chinneadh go bhfuil cásdlí cúirte bunreachtúla bunoscionn le dlí an Aontais, nach bhfuil a dliteanas araíonachta inagartha ach an oiread toisc an cásdlí sin a fhágáil as feidhm ag a leithéid de chúirt náisiúnta, i gcomhréir le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus páirtithe eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 260).
- 152 Tugtar le tuiscint ón méid roimhe seo go bhfuil sé léirithe sa chás seo go bhfuil an baol ann go ndéanfaí léiriú ar na forálacha dá dtagraítear i mír 133 den bhreithiúnas seo amhail go gceadófaí leo go n-úsáidfí an córas araíonachta is infheidhme maidir le breithiúna agus, go háirithe, leis na pionóis mar chuid den chóras sin, chun críocha cosc a chur le cinntí nó measúnuithe a dhéanamh ag cúirteanna náisiúnta a cheanglaítear orthu a dhéanamh, mar sin féin, leis na forálacha den dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE agus le hAirteagal 47 den Chairt agus chun

tionchar a imirt, dá dheasca sin, ar na cinntí breithiúnacha a bhítear ag súil leo ó na cúirteanna sin, rud lena ndéanfaí difear do neamhspleáchas na mbreithiúna a chomhdhéanann na cúirteanna sin, agus go sáraítear forálacha dhlí an Aontais ar dhá bhealach, dá bhrí sin.

- 153 Ar an dara dul síos, maidir leis an sárú a líomhnaítear a dhéantar ar Airteagal 267 CFAE, tugtar le fios leis na breithnithe a leagtar amach i míreanna 135 go 149 den bhreithiúnas seo go bhfuil breithiúna na nGnáthchúirteanna, na gCúirteanna Riaracháin nó an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) ar tharchuir cheisteanna chun na Cúirte le haghaidh réamhrialú, ar ceisteanna iad a bhaineann leis an léiriú le déanamh ar na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna agus leis an gcoincheap “binse arna bhunú roimh ré le dlí” faoi fhorálacha an dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE agus d’Airteagal 47 den Chairt, amhail iadsan ar cuireadh faoi bhráid na Cúirte mar chuid de na cásanna tarchurtha i gcomhair réamhrialú dá dtagraítear i míreanna 141 agus 144 den bhreithiúnas seo, i mbaol, toisc a leithéid de cheisteanna a chur le chéile agus a chur in iúl gurb é an t-amhras atá orthu is bun leo, a lochtaithe, dá dheasca sin, as na cionta a dhéanamh dá dtagraítear leis na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid.
- 154 Go deimhin, tá na forálacha náisiúnta sin, mar a thugtar faoi deara i míreanna 135 go 138 den bhreithiúnas seo, i bhfocail chomh leathan agus chomh neamhbheacht sin nach gceadaítear leo a chur as an áireamh go bhféadfaí a mheas go “dtugtar faoi cheist cé acu an bhfuil nó nach bhfuil caidreamh fostaíochta ag breitheamh, éifeachtacht ceapacháin breithimh nó dlisteanacht orgáin bhunreachtúil de chuid Phoblacht na Polainne” lena leithéid d’amhras nó ceisteanna nó go raibh baint aige le cur as “[d]fheidhmiú údaráis bhreithiúnaigh” de réir bhrí na bhforálacha sin.
- 155 Ní mór a thabhairt chun cuimhne, de réir chásdlí comhsheasmhach na Cúirte, go gcuirtear, le hAirteagal 267 CFAE, na cúirteanna náisiúnta sa chumas is leithne cás a thabhairt os a comhair má mheasann siad go dtógtar ceisteanna i gcás atá ar feitheamh os a comhair inar gá léiriú a dhéanamh ar dhlí an Aontais chun réiteach a thabhairt ar an díospóid arna cur faoina mbráid [breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, mír 223 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 156 Ina theannta sin, maidir le cúirteanna amhail an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) nó an Naczelny Sąd Administracyjny (an Chúirt Uachtarach Riaracháin), nach bhfuil a gcinntí in-achomhairc faoin dlí intíre, de réir bhrí an tríú fómhír d’Airteagal 267 CFAE, claochlaítear an cumas sin fiú ina oibleagáid ceist a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú, faoi réir na n-eisceachtaí a aithnítear le cásdlí na Cúirte [breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, mír 224 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 157 Is é a thagann ón gcásdlí comhsheasmhach nach bhféadfaí cosc a chur trí riail dlí le húsáid a bhaint as an gcumas sin nó le comhlíonadh na hoibleagáide sin, rudaí atá, go deimhin, ina ngnéithe dílse den chóras comhair idir cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt, dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, agus d’fheidhmeanna breithimh atá freagrach as cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a thugtar leis an bhforáil sin do chúirteanna náisiúnta [breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, mír 225 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 158 Ina theannta sin, déantar difear do na sainchearta a aithnítear le hAirteagal 267 CFAE go bhfuil ag na cúirteanna náisiúnta mar sin agus, dá bhrí sin, d’éifeachtacht an chórais chomhair sin le riail dlí náisiúnta lena dtéitear i mbaol go bhfuil sé de thoradh uirthi, *inter alia*, gurbh fhéarr le

breitheamh náisiúnta staonadh ó cheisteanna a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú [breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, mír 226 agus an cásdlí dá dtagraítear].

- 159 Mar sin, ní fhéadfaí glacadh le forálacha náisiúnta faoina bhféadfaí breithiúna náisiúnta a fhágáil gan cosaint ar nósanna imeachtaí araíonachta toisc gur tharchuir siad ceist chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú. Go deimhin, d'fhéadfaí difear a dhéanamh do chur i gcrích éifeachtach an chumais agus na bhfeidhmeanna dá dtagraítear le mír 157 den bhreithiúnas seo ag na breithiúna náisiúnta lena mbaineann toisc, agus dá thoisc sin amháin, i gcás inarb iomchuí, go bhféadfaí a bheith faoi réir imeachtaí araíonachta mar gheall ar a leithéid de tharchur a dhéanamh nó mar gheall ar chinneadh a dhéanamh leanúint ar aghaidh leis i ndiaidh a thionscnamh [breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, mír 227 agus an cásdlí dá dtagraítear].
- 160 Sa chomhthéacs sin, thairis sin, ní mór a chur i dtreis nár mhór don Chúirt a thabhairt dá haire, i roinnt breithiúnas, gurbh é fírinne an scéil gur tionscnaíodh cheana féin imscrúduithe a dhéantar sula gcuirtear tús le haon nós imeachta lenar chuir gnáthchúirteanna de chuid na Polainne iarratais ar réamhrialú a bhaineann, go háirithe, leis an léiriú atá le déanamh ar an dara fómhír d'Airteagal 19(1) CAE [féach breithiúnais an 2 Márta 2021, *A.B. agus páirtithe eile (Ceapachán breithiúna don Chúirt Uachtarach – Caingne)* C-824/18, EU:C:2021:153, mír 101 agus an cásdlí dá dtagraítear agus an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, mír 231].
- 161 Mar sin, tugtar le tuiscint ón méid roimhe seo go bhfuil an baol bunaithe chomh maith go bhféadfaí léiriú a dhéanamh ar na forálacha náisiúnta, a chuireann an Coimisiún faoi chonspóid sa chéad chuid den tríú gearán, amhail go gceadaítear leo úsáid a bhaint as an gcóras araíonachta lena mbaineann chun críocha pionóis a ghearradh ar bhreithiúna náisiúnta as ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú nó as leanúint ar aghaidh lena leithéid de tharchur agus go sáraítear leis na forálacha náisiúnta Airteagal 267 CFAE dá bhrí sin.
- 162 Faoi dheireadh, ní mór diúltú d'argóint Phoblacht na Polainne a leagtar amach i mír 124 den bhreithiúnas seo nach bhfuil an tríú gearán agus an dara gearán ag teacht le chéile, mar a líomhnaítear. I ndáil leis sin, is leor a thabhairt faoi deara, cé go bhféachtar leis an dara gearán cáineadh a dhéanamh air go dtagann scrúdú a dhéanamh ar roinnt ceisteanna breithiúnacha faoi réim na hinniúlachta eisiaiche atá ag an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, go mbaineann an tríú gearán, óna thaobh féin de, le comhréireacht forálacha le dlí an Aontais, ar forálacha iad lena ndéantar cineálacha áirithe iompair de chionta araíonachta ó thaobh bhreithiúna na nGnáthchúirteanna, na Cúirteanna Riaracháin agus an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), lena n-áirítear, i ndeireadh na dála, breithiúna an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí.
- 163 I bhfianaise an mhéid thuasluaite, ní mór a mheas go sáraítear na comhfhorálacha den dara fómhír d'Airteagal 19(1) CAE agus d'Airteagal 47 den Chairt, agus forálacha Airteagal 267 CFAE le forálacha Airteagal 72(1)(2) agus (3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach agus Airteagal 107(1)(2) agus (3) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, rud a fhágann nach mór seasamh leis an gcéad chuid den tríú gearán ag an gCoimisiún.

– *An dara cuid den tríú gearán*

- 164 Ní mór a thabhairt faoi deara, ar dtús, mar a chuireann an Coimisiún i dtreis, go bhfuil an fhoráil d’Airteagal 72(1)(1) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, lena rangáítear “sárúithe follasacha agus tromchúiseacha ar an dlí” mar chion araíonachta, ó thaobh bhreithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), ar comhfhocal, ina leith sin, leis an bhforáil a bhí sa chéad fhómhír d’Airteagal 107(1) den Dlí maidir le Gnáthchúirteanna cheana féin sular leasaíodh é leis an Dlí Leasaitheach lena ndéantar cion araíonachta, ó thaobh bhreithiúna na gcúirteanna sin, de shárú dá leithéid.
- 165 Mar is léir ó mhír 157 agus ón dara heang de mhír 1 de chuid oibríochtúil bhreithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, (C-791/19, EU:C:2021:596), ar tugadh le linn na n-imeachtaí seo, rialaigh an Chúirt, i ndáil leis an riail a leagtar amach in Airteagal 107(1)(1) den Dlí maidir le Gnáthchúirteanna, i bhfianaise na mbreithnithe go léir a leagtar amach i míreanna 134 go 156 den bhreithiúnas seo, go raibh sé bunaithe, sa chomhthéacs áirithe a eascraíonn ó na hathchóirithe a rinneadh le déanaí lena ndearnadh difear do na breithiúna agus don chóras araíonachta is infheidhme maidir le breithiúna na ngnáthchúirteanna sa Pholainn, nach féidir a chur as an áireamh, le sainiú an choincheapa “cion araíonachta” lena mbaineann an fhoráil sin, go n-úsáidfidh an córas araíonachta seo chun brú a chothú, ó thaobh na mbreithiúna, a iarrtar orthu léiriú a dhéanamh ar dhlí an Aontais agus é a chur i bhfeidhm, agus chun éifeacht bactha a chothú lena bhféadfaí tionchar a imirt ar ábhar a gcinntí. Chuige sin, i mír 157, chinn an Chúirt go ndearnadh difear le hAirteagal 107(1)(1), mar thoradh air sin, do neamhspleáchas bhreithiúna na ngnáthchúirteanna, de shárú ar an dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE.
- 166 Sna himthosca sin, ní mór a chinneadh, ar fhorais atá comhionann go bunúsach leis na forais a leagtar amach i míreanna 134 go 156 de bhreithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)* (C-791/19, EU:C:2021:596), a bhfuil tagairt le déanamh dóibh, go sáraítear an dara fómhír Airteagal 19(1) CAE le hAirteagal 72(1)(1) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach. Go deimhin, baintear an bonn leis an bhforáil sin ó neamhspleáchas bhreithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) a n-iarrtar orthu léiriú a dhéanamh ar dhlí an Aontais agus é a chur i bhfeidhm chomh maith, mar is léir ó mhír 92 den bhreithiúnas seo, ós rud é nach gceadaítear leis an bhforáil náisiúnta seo a chur as an áireamh go n-úsáidfidh an córas araíonachta is infheidhme maidir leis na breithiúna sin chun críocha brú agus éifeacht bactha a chothú lena bhféadfaí tionchar a imirt ar ábhar a gcinntí, go háirithe iad siúd a bhaineann leis na ceanglais a eascraíonn ón gceart cosaint dlí éifeachtach a fháil maidir le binsí neamhspleácha agus neamhchlaona a bheith ann arna mbunú roimh ré le dlí.
- 167 Thairis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne, i mbreithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)* (C-791/19, EU:C:2021:596) gur rialaigh an Chúirt chomh maith, mar is léir ó mhír 234 agus ó mhír 2 den chuid oibríochtúil de, mar gheall ar chion araíonachta a bheith leagtha amach in Airteagal 107(1)(1) den Dlí maidir le Gnáthchúirteanna agus ar chúiseanna a luaitear i míreanna 222 go 233 den bhreithiúnas seo, gur mhainnigh Poblacht na Polainne sna hoibleagáidí a chomhlíonadh atá uirthi faoin dara fómhír agus faoin tríú fómhír d’Airteagal 267 CFAE, le ceadú teorainn a chur, toisc gur féidir imeachtaí araíonachta a thionscnamh, leis an gceart ag na cúirteanna náisiúnta lena mbaineann chun ceistanna a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú.

- 168 Sna himthosca sin, ní mór, ar fhorais atá combhionann go bunúsach leis na forais a seastar leo i míreanna 222 go 233 de bhreithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)* (C-791/19, EU:C:2021:596), a bhfuil tagairt le déanamh dóibh, a chinneadh, le glacadh agus coinneáil na forála d’Airteagal 72(1)(1) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach agus le ceadú, mar sin, teorainn a chur, toisc gur féidir imeachtaí araíonachta a thionscnamh i ndáil le breithiúna na cúirte náisiúnta sin, le hoibleagáid an Są Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú, gur mhainnigh Poblacht na Polainne sna hoibleagáidí a chomhlíonadh atá uirthi de réir Airteagal 267 CFAE.
- 169 Tugtar le tuiscint uaidh sin go bhfuil bunús maith leis an dara cuid den tríú gearán chomh maith agus nach mór seasamh, dá bhrí sin, leis an ngearán sin ina iomláine.

An chéad ghearán

Argóintí na bpáirtithe

- 170 Lena chéad ghearán, nach mór scrúdú a dhéanamh air sa tríú háit, áitíonn an Coimisiún go sáraítear na comhfhórlacha den dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE agus d’Airteagal 47 den Chairt, prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais agus Airteagal 267 CFAE leis na fórlacha d’Airteagal 42a(1) agus (2) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, d’Airteagal 26(3) agus d’Airteagal 29(2) agus (3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach agus d’Airteagal 5(1a) agus (1b) den Dlí Leasaithe maidir le Cúirteanna Riaracháin mar aon leis na fórlacha d’Airteagal 55(4) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna agus Airteagal 8 den Dlí Leasaitheach.
- 171 De réir an Choimisiúin, is é is cuspóir leis na fórlacha náisiúnta seo cosc a chur ar na cúirteanna náisiúnta lena mbaineann siad fíorú, mar a dhlitear orthu mar sin féin, ar a dtionscnamh féin nó ar iarraidh ó pháirtí, an bhfuil nó nach bhfuil an ceart atá ag daoine aonair go bhfaighidís éisteacht ó bhinse neamhspleách neamhchlaon, arna bhunú roimh ré le dlí, i gcásanna maidir le cearta ar leith a ghabhann siad ó dhlí an Aontais, inchurtha in amhras nó ar sáraíodh é, le hathbhreithniú a dhéanamh le feiceáil an gcomhlíontar nó nach gcomhlíontar, leis an dóigh ina bhfuil sí nó cúirt eile comhdhéanta, na saincheanglais, rud a fhágann nach bhfuil sé inchurtha in amhras. Go deimhin, ní mór a leithéid d’athbhreithniú a bheith indéanta ar dhleathacht an phróisis chun na breithiúna de na cúirteanna lena mbaineann a cheapadh nó go gceadaítear leis measúnú a dhéanamh ar dhlísteacht na gcúirteanna sin nó a gcomhaltaí, rud a fhéachtar, leis na fórlacha náisiúnta atá faoi chonspóid, cosc a chur leis.
- 172 Ar agairt phrionsabal do-aistritheacht breithiúna agus dodhéantacht bhunreachtúil a gceapachán a chur chun neamhbhailíochta di, meascann Poblacht na Polainne an oibleagáid a leithéid d’athbhreithniú a dhéanamh faoi dhlí an Aontais agus iarmhairtí an chinnidh, i ndiaidh an athbhreithnithe bhreithiúnaigh sin, nach bhfuil na ceanglais á gcomhlíonadh faoin gceart rochtana ar bhinse neamhspleách neamhchlaon arna bhunú roimh ré le dlí. Caithfidh nach bhfuil sna hiarmhairtí sin, atá le socrú ag an gcúirt náisiúnta a iarrtar uirthi rialú a thabhairt, ar bhonn an dlí náisiúnta is infheidhme agus ag cur éifeachtacht iomláine dhlí an Aontais agus an riachtanas le cothromaíocht a bhaint amach idir na ceanglais maidir le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus na ceanglais maidir le comhlíonadh an dlí is infheidhme san áireamh, go gcuirtear ar neamhní an ceapachán atá i gceist nó go mbristear an breitheamh lena mbaineann as a phost.

Formhór an ama, socraítear na hiarmhairtí sin, ina theannta sin, mar chuid d'athbhreithniú breithiúnach a dhéantar ag an dara céim a bhaineann le breithiúnas nó gníomh seachas ceapachán i bpost mar bhreitheamh.

- 173 I gcás ina mbunaítear go ndéantar sárú ar cheart bunúsach daoine aonair chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil, ceanglaítear le prionsabal thosaíocht agus éifeachtacht dhlí an Aontais, ina theannta sin, i gcás ina n-éilítear amhlaidh de dheasca na cothromaíochta thuasluaite a bhaint amach, nach mór na rialacha náisiúnta lena mbaineann a fhágáil as feidhm.
- 174 Ina cosaint, cuireann Poblacht na Polainne in iúl gur mhainnigh an Coimisiún sa dualgas cruthúnais atá air a chomhlíonadh toisc gur staon sé ó bhunús a thabhairt lena líomhaintí maidir leis na sáruithe féideartha ar Airteagal 267 CFAE agus ar phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais. Ar aon chás, ní bhaineann na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid le ceisteanna a tharchur ag cúirteanna náisiúnta le haghaidh réamhrialú nó le ceisteanna maidir le coimhlint idir rialacha ar mar a chuid díobh a d'fhéadfadh sé go bhfuil an prionsabal sin le cur i bhfeidhm. Thairis sin, níor mhínnigh an Coimisiún ach an oiread conas a d'fhéadfaí na comhfhóralacha den dara fómhír d'Airteagal 19(1) CAE agus d'Airteagal 47 den Chairt a shárú le haon cheann de na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid, eadhon Airteagal 26(3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach.
- 175 Maidir leis na sáruithe eile a dhéantar ar an dá fhoráil dheireanacha sin, mar a líomhnaítear, áitíonn Poblacht na Polainne nach bhfuil sé mar thoradh riachtanach ag an oibleagáid ar chúirt náisiúnta scrúdú a dhéanamh le feiceáil an bhfuil nó nach bhfuil na ráthaíochtaí á gcomhlíonadh a cheanglaítear dá réir chun críocha a áirithiú nach ndéantar difear leis an ábhar neamhdhleathach den nós imeachta um ceapachán breithiúna don cheart ag páirtí chun binse arna bhunú le dlí i gcás áirithe, go n-aithnítear go bhfuil ag gach duine aonair an ceart a iarraidh go mbainfí a dhualgais ó bhreitheamh agus go bhfuil gach cúirt náisiúnta inniúil, mar chuid de nós imeachta ar bith, ceapachán breithimh agus seasmhacht a éifeachtaí a thabhairt faoi cheist gan bunús dlí. Dar leis an mBallstát sin, ina theannta sin, shárófaí na prionsabail maidir le do-aistritheacht agus neamhspleáchas breithiúna de dheasca aon léiriú eile a dhéanamh.
- 176 Mar is léir ó léiriú liteartha, comhthéacsúil, teilea-eolaíoch agus córasach a dhéanamh orthu, agus murab ionann agus an chiall chontráilte a tugann an Coimisiún dóibh, ní chuirtear cosc le comhlíonadh na ráthaíochtaí is gá de réir an dara fómhír d'Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 47 den Chairt le hAirteagal 42a(1) agus (2) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, le hAirteagal 26(3) agus 29(2) agus (3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach agus le hAirteagal 5(1a) agus (1b) den Dlí Leasaithe maidir le Cúirteanna Riaracháin.
- 177 Ar an gcéad dul síos, níor tugadh na forálacha náisiúnta sin isteach ach amháin mar gheall ar bhagairtí tromchúiseacha ar shlándáil an chaidrimh dhlíthiúil agus an ceartas a bhaineann leis an mborradh le déanaí faoi iarrachtaí a rinneadh chun tabhairt faoi cheist go bhfuil sainordú fiú ag breithiúna. Dá bharr sin, d'fhéach reachtas na Polainne, thairis sin, le comhlíonadh an dlí náisiúnta a bhí ann cheana a áirithiú. Go deimhin, cuireadh toirmeasc leis an mBunreacht agus le cásdlí comhsheasmhach na gcúirteanna bunreachtúla agus riaracháin araon, riamh anall, ar athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar bhailíocht nó ar éifeachtacht ceapacháin.
- 178 Sa dara háit, ní mór léiriú a dhéanamh ar na forálacha náisiúnta sin i bhfianaise agus i gcomhréir leis na forálacha is ardchéimiúla san ordlathas rialacha, eadhon Airteagal 45 den Bhunreacht, Airteagal 6 de ECHR agus na forálacha comhfhreagracha de dhlí an Aontais.

- 179 Sa tríú háit, áirithítear le cur i bhfeidhm forálacha náisiúnta éagsúla eile go ndéantar athbhreithniú éifeachtach ar na ráthaíochtaí a bhaineann le rochtain ar bhinse neamhspleách neamhchlaon agus arna bhunú roimhe sin faoi dhlí an Aontais. D’fhéadfadh sé gurb amhlaidh atá i gceist, ar an gcéad dul síos, le hAirteagail 48 go 54 den ustawa – Kodeks postępowania cywilnego (an Dlí maidir le Cód an Nós Imeachta Shibhialta) (“Cód an Nós Imeachta Shibhialta”), le hAirteagail 40 go 44 den ustawa – Kodeks postępowania karnego (an Dlí maidir leis an Nós Imeachta Choiriúil) agus le hAirteagal 18 go 24 den ustawa – Prawo o postępowaniu przed sądami administracyjnymi (an Dlí maidir leis an nós imeachta os comhair na gcúirteanna riaracháin), ar forálacha iad lena gceadaítear iarraidh go mbainfí breithiúna ó chas má táthar in amhras faoina neamhchlaontacht agus faoina neamhspleáchas. Ar an dara dul síos, ráthaítear go bhféadfadh duine aonair, a bhfuil amhras air nó uirthi faoi gur féidir le cúirt a cheart a ráthú chun a leithéide de chúirt, iarraidh go dtarchuirfí an cas lena mbaineann chuig cúirt eile, i gcomhréir leis na cinntí faoi bhreithiúnas *A. K. agus páirtithe eile*, le hAirteagal 200 (1⁴) de Chód an Nós Imeachta Shibhialta, ar dá réir nach mór do chúirteanna náisiúnta scrúdú a dhéanamh ar a dtionscnamh féin le feiceáil an bhfuil nó nach bhfuil siad inniúil agus, mura bhfuil siad inniúil mar sin, an cas a tharchur chuig cúirt inniúil. Ar an tríú dul síos, i gcás ina bhfuil an chúirt ar thug rialú comhdhéanta mar atá bunoscionn leis an dlí, ceanglaítear ar an gcúirt is airde ar tugadh achomharc os a comhair, ar a tionscnamh féin, na himeachtaí lena mbaineann a chur ar neamhní agus an breithiúnas i gceist a chúlghairm, i gcomhréir le hAirteagal 379 pointe 4 den Dlí maidir le Cód an Nós Imeachta Shibhialta, le hAirteagal 439(1)(1) den Dlí maidir le Cód an Nós Imeachta Choiriúil agus le hAirteagal 183(2)(4) den Dlí maidir le Cód an Nós Imeachta Riaracháin.
- 180 Thairis sin, tá an Coimisiún mícheart faoi raon feidhme Airteagal 55(4) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna agus, dá bhrí sin, faoi Airteagal 8 den Dlí Leasaitheach, lena bhforáiltear do chur i bhfeidhm Airteagal 55(4) maidir le cásanna atá ar feitheamh. Go deimhin, ní chuirtear aon toirmeasc le hAirteagal 55(4) ar mheasúnú a dhéanamh le feiceáil an bhfuil nó nach bhfuil binse comhdhéanta i gceart, go háirithe trí iarratas ar bhreitheamh a bhaint ó chás nó chun críocha athbhreithniú a dhéanamh le feiceáil an raibh nó nach raibh tionchar diúltach ag an dóigh sin a raibh sé comhdhéanta ar thoradh na díospóide lena mbaineann. Ní dhéantar le Airteagal 55(4), i ndáiríre, ach cásdlí comhsheasmhach an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) a chódú, ar dá réir nach ionann scrúdú a dhéanamh ar chás ag foirmíocht breithiúna de shárú ar na forálacha “rialála” maidir le cásanna a leagan ar bhreithiúna agus maidir le hainmniú foirmíochtaí breithiúna agus beartas poiblí de chineál a chuirtear an nós imeachta lena mbaineann chun neamhbhailíochta leis go huathoibríoch nó cas lena dtionscnaítear achomharc urghnách.
- 181 Faoi dheireadh, áitíonn Poblacht na Polainne, i bhfocail atá comhchosúil leo siúd a luaitear i mír 124 den bhreithiúnas seo, nach bhfuil an chéad ghearán agus an dara gearán ag teacht le chéile, a mhéid nach féidir a mheas idir go gcuirtear toirmeasc leis an dlí náisiúnta ar chúirteanna náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh le feiceáil an ndéantar nó nach ndéantar aon sárú ar an gceart cosaint dlí éifeachtach a fháil, agus, san am céanna, go bhfuil sé de dhlínse eisiach ag an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí rialú a dhéanamh ar na forais lena leithéid de shárúithe.
- 182 Ina fhreagra, áitíonn an Coimisiún, *inter alia*, maidir leis an sárú a líomhnaítear a dhéantar ar Airteagal 267 CFAE, gur shonraigh sé, sa tuairim réasúnaithe, agus i ndeireadh na dála, gur léir, trí thoirmeasc a chur ar chúirteanna náisiúnta measúnú a dhéanamh an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann cúirt nó breitheamh ceanglais áirithe a bhaineann le cosaint éifeachtach bhreithiúnach faoi dhlí an Aontais, go gcuirtear cosc go huathoibríoch leis na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid ar na cúirteanna náisiúnta sin dul i mbun idirphlé réamhrialaithe leis an gCúirt Bhreithiúnais ina leith sin. Thairis sin, tugadh bunús mionsonraithe leis an sárú ar Airteagal 267 CFAE, mar a líomhnaítear, san iarratas maidir leis an dara gearán. Maidir le hAirteagal 26(3) den

Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, tá an luach normatach céanna aige agus atá ag Airteagal 29(3) den dlí sin agus Airteagal 42a den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, ionas go mbeidh feidhm ag an réasúnaíocht dhlíthiúil chéanna ann maidir leis na forálacha seo go léir gan é a bheith riachtanach é a shonrú ar fhorais na n-iarratas.

- 183 Maidir leis an sárú a líomhnaítear ar an dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt agus ar phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, cuireann na forálacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 176 den bhreithiúnas seo toirmeasc ní hamháin ar “bhunú”, ach ar “mheasúnú” freisin ar dhlíthiúlacht an cheapacháin agus “an chumhacht feidhmeanna chur i gcrích in ábhair riartha an cheartais de dheasca an cheapacháin sin”, gan an gníomh ceapacháin lena mbaineann a lua, agus é mar thoradh air sin, ar bhonn na foclaíochta sin, go dtoirmiscfí measúnú ar chumhacht breithimh rialú i gcás ar leith. Is léir an léiriú sin ó Airteagal 26(3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach freisin, ar dá réir nach féidir baint a bheith ag iarraidh dá bhforáiltear faoi mhír 2 den Airteagal céanna leis an measúnú ar dhlíthiúlacht ceapacháin breithimh nó ar a dhlísteacht chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú.
- 184 Maidir le hAirteagal 55(4) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, tugann an Coimisiún suntas don bhfíoras nach gcumhdaítear leis an bhforáil náisiúnta sin na forálacha maidir le cásanna a shannadh agus le foirmíochtaí na cúirte a cheapadh nó a athrú agus mar thoradh air sin nach mbaineann na hargóintí a chuir Poblacht na Polainne chun cinn lena líomhnaítear sárú den sórt sin le hábhar.
- 185 San athfhreagra, maíonn Poblacht na Polainne, a mhéid a bhaineann leis na sárúithe a líomhnaítear ar Airteagal 267 CFAE agus ar phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, nach bhfuil an Coimisiún i dteideal a bheith sásta le “fianaise” arna líomhain, ós rud é go bhfuil aon toimhde ar bith eisiata ina leith sin, ná go bhfuil argóintí nach n-úsáidtear san iarratas le feiceáil sa tuairim réasúnaithe. Maidir le hAirteagal 26(3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, ba faoin gCoimisiún a bhí sé bunús a thabhairt lena ghearáin gan é a bheith indéanta a bheith ag súil go nglacfadh an cosantóir leis go bhféadfadh argóintí a cuireadh chun cinn san iarratas maidir le forálacha náisiúnta eile a bheith mar bhonn do na gearáin sin freisin.
- 186 Maidir le hAirteagal 55(4) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, níl sé soiléir ón dara habairt den fhoráil sin agus, go háirithe, ó úsáid na bhfocal “ní fhéadfar é a agairt” san fhoráil sin, go bhfuil comhlíonadh na bhforálacha rialacháin maidir le cásanna a shannadh nó le foirmíochtaí na cúirte a cheapadh nó a athrú de chineál na lochtanna eile go léir a thabhairt chun rialtacha, a chuir na himeachtaí lena mbaineann ó bhail, más ann dóibh, agus a d’fhéadfadh a bheith mar thoradh orthu cinneadh lena sáraítear ceart an duine aonair chun binse neamhspleách neamhchlaon arna bhunú roimh ré le dlí.
- 187 Ag an éisteacht, cé is moite de na breithnithe a leagtar amach i míreanna 117 agus 118 den bhreithiúnas seo, mhaígh an Coimisiún, a mhéid a bhaineann le hAirteagal 55(4) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, go raibh an fhoráil náisiúnta seo, mar shampla, in ann cosc a chur ar chúirteanna náisiúnta an treoir a eascraíonn as mír 176 de bhreithiúnas an 15 Iúil 2021, an *Coimisiún v an Pholainn* (Córas araíonachta do bhreithiúna) (C-791/19, EU:C:2021:596) a chomhlíonadh ar thaobh amháin, an *Coimisiún v an Pholainn* (C 791/19, EU:C:2021:596), agus, ar an taobh eile, ón gcuid oibríochtúil de bhreithiúnas an 16 Samhain 2021, *Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim agus páirtithe eile*, (C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:931).

Breithniú na Cúirte

– *Inghlathacht*

- 188 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an sárú a líomhnaítear a dhéantar ar Airteagal 267 CFAE, is ceart a choinneáil i gcuimhne, i gcomhréir le hAirteagal 120(c) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus leis an gcásdlí ina leith sin a bhaineann leis an bhforáil sin, ní mór ábhar na n-imeachtaí, na pléadálacha dlí agus na hargóintí a chuirtear chun cinn agus achoimre ar na pléadálacha sin sa dlí atá leagtha amach a lua san iarratais lena dtionscnaítear imeachtaí. Ní mór léiriú den sórt sin a bheith soiléir agus beacht go leor chun a chur ar chumas an chosantóra a chosaint a ullmhú agus chun an Chúirt a cumhacht athbhreithnithe a fheidhmiú. Dá bhrí sin, ní mór gnéithe bunriachtanacha dlí agus fíorais ar a bhfuil caingean bunaithe a léiriú go comhleanúnach agus go hintuigthe san iarratas féin agus ní mór an t-ordú atá á lorg a leagan amach gan amhras ionas nach rialóidh an Chúirt *ultra petita* nó nach rialóidh sí ar ghearán (breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2017, *an Coimisiún v Éire* (Cáin Chlárúcháin) C-552/15, EU:C:2017:698, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 189 Chinn an Chúirt chomh maith, i gcaingean arna tabhairt faoi Airteagal 258 CFAE, nach mór don chaingean sin na gearáin a leagan amach go comhleanúnach agus go beacht, ionas go mbeidh an Ballstát agus an Chúirt in ann raon feidhme an tsáraithe a líomhnaítear ar dhlí an Aontais a thuiscint go díreach, ar choinníoll riachtanach é chun go mbeidh an Stát sin in ann leas éifeachtach a bhaint as a cheart chun é féin a chosaint agus chun go mbeidh an Chúirt in ann a fhíorú gurb ann don mhainneachtain a líomhnaítear oibleagáidí a chomhlíonadh (breithiúnas an 8 Márta 2022, *an Coimisiún v an Ríocht Aontaithe* (maidir le calaois tearcluachála a chomhrac), C-213/19, EU:C:2022:167, mír 133 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 190 Go háirithe, ní mór ráiteas comhleanúnach mionsonraithe a bheith i gcaingean an Choimisiúin ar na cúiseanna a thug air a chreidiúint gur mhainnigh an Ballstát lena mbaineann i gceann dá oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh (breithiúnas an 31 Deireadh Fómhair 2019, *an Coimisiún v an Ísiltír*, C-395/17, EU:C:2019:918, mír 54 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 191 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, cé go dtagraítear d’Airteagal 267 CFAE, *inter alia*, den chineál ordaithe atá á lorg in *petitum* an iarratais a bhaineann leis an gcéad ghearán, níl aon tagairt sna hargóintí a cuireadh chun cinn san iarratas a bhaineann leis an ngearán sin agus in argóintí an Choimisiúin a bhaineann leis, ar an taobh eile, don Airteagal sin agus don sárú a d’fhéadfadh a bheith ann, ná, *a fortiori*, don soiléiriú is lú maidir leis na cúiseanna go sárfaí an tAirteagal sin leis na forálacha náisiúnta i gcomhthéacs an ghearáin sin.
- 192 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, mar a rinne an tAbhcóide Ginearálta i bpointe 128 dá Thuairim, maidir leis an sárú a líomhnaítear ar Airteagal 267 CFAE i gcomhthéacs an chéad ghearáin, nach gcomhlíonann an t-iarratas na ceanglais a leagtar amach i míreanna 188 go 190 den bhreithiúnas seo. Chuige sin, in ainneoin gur thug an Coimisiún bunús leis an sárú sin a líomhnaítear, a mhéid a bhaineann leis an gcéad ghearán sin sa tuairim réasúnaithe, nó in ainneoin go raibh sárú comhchosúil ar Airteagal 267 CFAE ina ábhar argóinte maidir le gearáin a cuireadh ar aghaidh san iarratas a bhaineann le forálacha náisiúnta, seachas na forálacha sin dá dtagraítear sa chéad ghearán sin, ní féidir leis na fíorais sin an neamhrialtacht a bhaineann leis an doiciméad lena dtionscnaítear na himeachtaí a leigheas. Leis an dara fómhír, ní féidir, maidir leis an gcéad ghearán, an díospóid a bhaineann le hAirteagal 267 CFAE, a cuireadh faoi bhráid na Cúirte sa chás seo ag deireadh na n-imeachtaí réamhdhlíthíochta, teacht chun cinn go comhleanúnach, go soiléir agus go beacht.

- 193 Ar an dara dul síos, maidir leis an sárú a líomhnaítear ar phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an taobh eile, go dtagraíonn an Coimisiún, sna hargóintí a bhaineann leis an gcéad ghearán a leag sé amach san iarratas, don phrionsabal sin, ag cur in iúl, *inter alia*, i mír 75 den iarratas sin, go ndéanann sé, trí chosc a chur ar chúirteanna na Polainne rialú a thabhairt i dtaobh an gcomhlíontar na ceanglais a eascraíonn as forálacha comhcheangailte an dara fómhír d’Airteagal 19(1)CAE agus in Airteagal 47 den Chairt, sna cásanna a chumhdaítear leis na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid, bhí na forálacha sin, dá bhrí sin, in ann cosc a chur ar na cúirteanna sin, i gcomhréir leis an bprionsabal sin, na gníomhartha a ghlacadh a d’fhéadfadh a bheith riachtanach chun comhlíonadh éifeachtach na gceanglas sin a áirithiú i gcásanna den sórt sin.
- 194 Ar an tríú dul síos, maidir le hAirteagal 26(3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, is fíor, mar a thugann Poblacht na Polainne faoi deara, cé go bhfuil an fhoráil náisiúnta sin le feiceáil in *petitum* an iarratais a bhaineann leis an gcéad ghearán, nach bhfuil aon argóintí sonracha a bhaineann leis an bhforáil sin sna hargóintí a cuireadh chun cinn mar thaca leis an ngearán sin san iarratas sin.
- 195 De réir mar a áitíonn an Coimisiún, áfach, trína chur in iúl nach féidir le Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí scrúdú a dhéanamh ar iarratas maidir le cinneadh agus measúnú ar dhlíthiúlacht ceapacháin breithimh nó ar a dhlisteanacht feidhmeanna breithiúnacha a chur i gcrích, ní athdhaingnítear in Airteagal 26(3) ach, go bunúsach, an méid is léir cheana féin ó Airteagal 29(3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, eadhon go gcoisctear ar Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), go háirithe an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, dleathacht ceapacháin breithimh a bhunú nó measúnú a dhéanamh uirthi nó ar an gcumhacht feidhmeanna a chur i gcrích in ábhair riartha an cheartais de dheasca an cheapacháin sin.
- 196 Sna himthosca sin, ní mór a mheas go mbaineann an cáineadh a rinne an Coimisiún ar Airteagal 29(3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach *ipso facto* le hAirteagal 26(3) de agus, dá bhrí sin, go gcuimsítear an fhoráil dheireanach sin. Dá bhrí sin, níor ghá don Choimisiún míniú ar leith a chur ar fáil maidir leis an bhforáil náisiúnta sin agus, dá bhrí sin, nach raibh tionchar ag easpa mínithe den sórt sin ar chearta cosanta Phoblacht na Polainne.
- 197 Eascraíonn sé as an méid sin roimhe seo go bhfuil an chéad ghearán ón gCoimisiún neamh-inghlactha a mhéid a bhaineann sé leis an sárú a líomhnaítear ar Airteagal 267 CFAE agus tá sé inghlactha maidir leis an gcuid eile.

– *Substaint an cháis*

- 198 Ar an gcéad dul síos, maidir le hAirteagal 42(1) agus (2) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, Airteagal 29(2) agus (3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach agus Airteagal 5(1d) agus (1b) den Dlí Leasaithe maidir le Cúirteanna Riaracháin, is léir ó fhoclaíocht an chéad dá fhoráil náisiúnta a luaitear, sa chéad áit, “i gcomhthéacs g[h]níomhaíochtaí” na gcúirteanna éagsúla lena mbaineann “nó a n-orgán”, “ní féidir dlisteanacht [cúirteanna], na n-orgán bunreachtúil Stáit agus na n-orgán um athbhreithniú a dhéanamh agus um chosaint ar an dlí” a thabhairt faoi cheist agus, ar an dara dul síos, nach bhféadfaidh na cúirteanna sin cinneadh nó measúnú a dhéanamh ar dhleathacht ceapacháin breithimh nó ar an gcumhacht feidhmeanna a chur i gcrích in ábhair riartha an cheartais de dheasca an cheapacháin sin. Maidir le hAirteagal 26(3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, cuirtear cosc leis an bhforáil sin ar an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí a bheith in ann, tar

éis do chúirt eile iarraidh a tharchur chuig an Dlísheomra sin, ar iarraidh í a bhaineann le breitheamh a dhíbirt nó le cúirt a ainmniú a bhfuil imeachtaí le seoladh os a comhair agus lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, gearáin ina líomhnaítear easpa neamhspleáchais an bhreithimh nó na cúirte lena mbaineann, scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh sin i gcás ina mbaineann an iarraidh sin “le dlíthiúlacht ceapacháin breithimh, nó an t-údarás atá aige feidhmeanna breithiúnacha a chur i gcrích, a shuíomh agus a mheasúnú”.

- 199 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, mar a thugtar faoi deara, go bunúsach, i míreanna 135 go 137 den bhreithiúnas seo maidir leis na forálacha náisiúnta a ndearna an Coimisiún agóid ina gcoinne i gcomhthéacs an tríú gearán, nach gceadaítear leis na téarmaí atá ina saintréith de na forálacha náisiúnta dá dtagraítear sa chéad ghearán a mheas, murab ionann agus a mhaíonn Poblacht na Polainne, go mbaineann na toirmisc atá leagtha síos amhlaidh go heisiach le gníomhartha breithiúnacha arb é is cuspóir dóibh rialú a thabhairt ar bhailíocht an ghnímh lena gceaptar breitheamh.
- 200 Ar an gcéad dul síos, cuirtear cosc leis na forálacha náisiúnta deireanacha sin ní hamháin ar “b[h]unú”, ach ar “m[h]easúnú” freisin, i bhfianaise a “[n]dleathachta”, den “cheapacháin” féin agus den “chumhacht feidhmeanna a chur i gcrích in ábhair riartha an cheartais de dheasca an cheapacháin sin.” Ar an taobh eile, toirmisctear leis na forálacha sin, i dtéarmaí níos ginearálta fós, aon “amhras a chaitheamh” ar “d[h]listeanacht” na “[g]cúirteanna” agus “na [n-]orgán bunreachtúil Stáit agus na n-orgán um athbhreithniú a dhéanamh agus um chosaint ar an dlí”.
- 201 Ós rud é go bhfuil siad sách leathan agus neamhbheacht, is cosúil go bhféadfadh foirmli den sórt sin a bheith de chineál go dtiocfadh raon leathan gníomhartha nó iompar na nGnáthchúirteanna, na gCúirteanna Riaracháin nó an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) nó a gcuid orgán faoi na toirmisc a fhorchuirtear dá bhrí sin mar gheall ar a n-ábhair nó ar a n-éifeachtaí. Féadfaidh an cás a bheith amhlaidh, go háirithe, i gcás ina gceanglaítear ar na cúirteanna sin, i gcomhréir lena n-oibleagáidí dá dtagraítear i mír 128 go 131 den bhreithiúnas seo, a fhíorú, in imthosca áirithe, an gcomhlíonann siad féin nó na breithiúna a bhfuil siad comhdhéanta díobh nó breithiúna nó cúirteanna eile, a dtugtar orthu rialú a thabhairt ar chásanna a bhaineann le dlí an Aontais nó a bhfuil rialú tugtha acu orthu, na ceanglais a eascraíonn as an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE agus as Airteagal 47 den Chairt a bhaineann le neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus bunú roimh ré le dlí na gcúirteanna agus na mbreithiúna lena mbaineann.
- 202 Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil na téarmaí a úsáideann reachtas na Polainne ar an gcaoi sin, mar a thugtar ar aird i mír 140 den bhreithiúnas seo maidir leis na forálacha náisiúnta a ndearna an Coimisiún agóid ina gcoinne i gcomhthéacs an tríú gearán, nasctha go dlúth le sraith ceisteanna a d’ardaigh cúirteanna éagsúla na Polainne maidir le dlí an Aontais agus, go sonrach, na ceanglais a eascraíonn as an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE agus as Airteagal 47 den Chairt, a bheith á gcomhlíonadh ag leasuithe reachtacha éagsúla a rinne difear do riar an cheartais sa Pholainn.
- 203 Glacadh an Dlí Leasaitheach agus na forálacha náisiúnta dá dtagraítear sa chéad ghearán, mar ábhar práinne, sa chomhthéacs a leagtar amach i míreanna 141 go 145 den bhreithiúnas seo, arb é is príomhthréith dó, *inter alia*, na forbairtí is déanaí sa chásdlí a bhaineann le caomhnú an smachta reachta agus, go háirithe, neamhspleáchas na mbreithiúna sa Pholainn, a eascraíonn as an mbreithiúnas in *A. K. agus páirtithe eile*, a bheith ann ar thaobh amháin, agus, roinnt tarchur le haghaidh réamhrialú atá ar feitheamh os comhair na Cúirte maidir le fadhb den sórt sin ar an taobh eile.

- 204 I ndáil leis sin, is léir, go háirithe, ó mhíreanna 134, 139 agus 149 agus ón gcuid oibríochtúil den bhreithiúnas in *A. K. agus páirtithe eile* go mbaineann cinntí an bhreithiúnais sin, amhail cinntí an chásdlí náisiúnta, dá dtagraítear i mír 143 den bhreithiúnas seo, a forbraíodh i bhfianaise *A. K. agus páirtithe eile*, le comhréireacht na gcumhachtaí le dlí an Aontais a thugtar don Dlísheomra Araíonachta, go háirithe i bhfianaise na socrúithe lena rialaítear ceapachán chomhaltaí an dlísheomra sin agus easpa neamhspleáchais an dlísheomra sin agus an KRS a raibh baint acu leis an bpróiseas ceapacháin sin.
- 205 Go háirithe, mar a tugadh faoi deara i mír 141 den bhreithiúnas seo, ba léir ón mbreithiúnas in *A. K. agus páirtithe eile* go bhféadfadh sé go gceanglófaí ar chúirteanna náisiúnta rialú ar chásanna den chineál sin, faoi dhlí an Aontais, rialú a dhéanamh ar dtús, ar oiriúnacht comhlachta amhail an Dlísheomra Araíonachta chun rialú a thabhairt ar chásanna a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar na himthosca inar ceapadh a chomhaltaí, agus, ar an dara dul síos, neamhspleáchas KRS a scrúdú agus, in éagmais neamhspleáchas den sórt sin, rialú a thabhairt ar iarmhairtí rannpháirtíocht an chomhlachta sin sa phróiseas ceapacháin breithiúna don Dlísheomra Araíonachta.
- 206 Ba léir, agus an méid sin á dhéanamh acu, go bhféadfaí iarraidh ar na cúirteanna náisiúnta sin, a bhfuil sé de chúram orthu forálacha dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm laistigh de theorainneacha a ndlínse, gníomhartha a ghlacadh a d'fhéadfaí a mheas ar chaoi go “[d]tabharfaí dlisteanacht na [gcúirteanna] faoi cheist”, amhail an Dlísheomra Araíonachta, nó “orgáin bhunreachtúla Stáit [...] [nó] um chosaint dhlíthiúil”, amhail KRS, thairis sin, ar an ócáid sin, “measúnú” ar “dlíthiúlacht” “c[h]eapachán” na mbreithiúna ina suí sa dlísheomra sin agus “cumhacht [na ndaoine] feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú in ábhair a bhaineann le riar an cheartais”, de réir bhrí na bhforálacha náisiúnta a ndéanann an Coimisiún iad a chonspóid i gcomhthéacs an chéad ghearáin.
- 207 Maidir leis na ceisteanna a tarchuireadh chun réamhrialú, dá dtagraítear i mír 144 den bhreithiúnas seo, a tarchuireadh chuig an gCúirt ar an dáta a glacadh na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid, baineann siad sin, ar thaobh amháin, leis an easpa comhréireachta a d'fhéadfadh a bheith ann le dlí an Aontais i dtaca le rialacha nua náisiúnta faoinar ceapadh roinnt daoine le déanaí ina bpoist mar bhreithiúna ag an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus ar an taobh eile leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an easpa comhréireachta sin maidir leis na gníomhartha breithiúnacha a ghlac na breithiúna lena mbaineann. Ar an taobh eile, bhain na ceisteanna a tarchuireadh chun réamhrialú leis an easpa comhréireachta a d'fhéadfadh a bheith ann leis an dlí sin maidir le rialacha náisiúnta lena n-údaráítear cinntí aireachta a ghlacadh ina ndéantar tarmligean breithiúna chuig cúirteanna seachas a gcúirt tionscnaimh.
- 208 Ag brath ar an ábhar, bhí na freagraí a bhí le tabhairt ag an gCúirt ansin ar na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú de chineál go bhféadfaí a threorú go mbeadh ar na cúirteanna náisiúnta, i gcás inarb iomchuí, “measúnú” a dhéanamh ar “dlíthiúlacht” “cheapachán” bhreithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) nó “cumhacht [na ndaoine] feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú in ábhair a bhaineann le riar an cheartais” nó gníomhartha a ghlacadh ar féidir a mheas go “[d]tabharfaí dlisteanacht na [gcúirteanna] faoi cheist”, go háirithe na gníomhartha sin ar tarmligeadh breithiúna chucu.
- 209 Ina theannta sin, mar is léir ó na breithiúnais dá dtagraítear i mír 146 agus 148 den bhreithiúnas seo, deimhníodh leis na freagraí a thug an Chúirt ar na ceisteanna a tarchuireadh chun réamhrialú, ceisteanna a bhfuil a n-abhair leagtha amach i mír 207 den bhreithiúnas sin, an riosca go dtiocfadh gníomhartha nó measúnú atá, in imthosca áirithe, ar na cúirteanna náisiúnta

faoi fhorálacha comhcheangailte Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 47 den Chairt faoi raon feidhme na dtoirmeasc a leagtar síos sna forálacha náisiúnta atá i gceist i gcomhthéacs an chéad ghearáin.

- 210 Ní hionann argóint Phoblacht na Polainne dá dtagraítear i mír 175 den bhreithiúnas seo agus an anailís thuasluaite a thabhairt faoi cheist. Ní leanann sé ón bhforáil sin gur cheart a aithint go bhfuil dlínse ag gach cúirt náisiúnta chun ceist a thabhairt, uaithi féin nó arna iarraidh sin do dhuine aonair, in aon imeachtaí, an gníomh lena gceaptar breitheamh, a chaidreamh fostaíochta nó feidhmiú a chumhachta breithiúnaí, tar éis di, i gcás inarb iomchuí, réamhrialú a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais.
- 211 Dá bhrí sin, i mbreithiúnas an 22 Márta 2022, *Prokurator Generalny agus páirtithe eile* (Dlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán) (C 508/19, EU:C:2022:201, míreanna 70, 71 agus 81 go 83), chinn an Chúirt maidir le hiarraidh ar réamhrialú a rinneadh i gcomhthéacs agóide, os comhair na cúirte a rinne an tarchur, maidir le bailíocht ceapacháin breithimh chuig an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), tar éis a thabhairt ar aird, *inter alia*, ar an gcéad dul síos, gur bhain na ceisteanna a tarchuireadh san iarraidh sin go bunúsach le díospóid seachas an díospóid sna príomhimeachtaí agus, ar an dara dul síos, go ndearnadh iarracht leis an gcaingean sna príomhimeachtaí neamhbhailíocht *erga omnes* a shuí maidir le ceapachán an bhreithimh lena mbaineann chuig oifig bhreitheamh na cúirte sin cé nach n-údaráítear, agus nár údaráíodh riamh, faoin dlí náisiúnta do na dlíthithe uile cur i gcoinne ceapachán breithiúna trí chaingean dhíreach le haghaidh ceapachán mar sin a neamhniú nó a neamhbhailiú.
- 212 Ar an tríú dul síos, maidir le héilimh Phoblacht na Polainne go gceadaítear le rialacha náisiúnta eile na ceanglais a eascraíonn as forálacha an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 47 den Chairt a chomhlíonadh, ba cheart a thabhairt faoi deara, i dtús báire, maidir leis na forálacha náisiúnta a bhaineann le breithiúna a atreorú dá dtagraítear i mír 179 den bhreithiúnas seo, go leanann sé, sa chéad áit, ó Airteagal 26(3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, nach gceadaítear measúnú ar dhlíthiúlacht ceapacháin breithimh nó ar a dhlisteanacht chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú i gcomhthéacs nós imeachta agóide den sórt sin.
- 213 Sa dara háit, mar is léir ó fhoclaíocht na bhforálacha náisiúnta maidir le breithiúna a scaoileadh ó chás ar thagair Poblacht na Polainne dóibh agus an fhoclaíocht a chuir sí ar fáil, arna hiarraidh sin don Chúirt, is cosúil nach mbaineann an t-athbhreithniú a údaráíodh leis na forálacha náisiúnta sin ach le comhlíonadh le cuid de na ceanglais a eascraíonn as prionsabal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh agus, go sonrach, na ceanglais sin a bhaineann le gné inmheánach an phrionsabail sin, a bhfuil forluí eatarthu le coincheap na “neamhchlaontacht[a]” agus a bhaineann leis an achar comhionann nach mór do bhreithiúna a urramú i ndáil leis na páirtithe sa díospóid agus lena leasanna faoi seach. Ar an taobh eile, i bhfianaise na foclaíochta sin, is cosúil nach n-údaráítear leis na forálacha náisiúnta sin athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe eile a eascraíonn as na ceanglais sin, go háirithe na gnéithe sin a bhaineann le gné sheachtrach an phrionsabail sin agus a bhaineann, go háirithe, le caomhnú an chomhlachta bhreithiúnaigh lena mbaineann ó idirghabháil sheachtrach nó ó bhrú seachtrach nó ón ngá go mbunófaí an comhlacht breithiúnach sin roimh ré le dlí.

- 214 Ag an éisteacht, mhaígh Poblacht na Polainne, ina theannta sin, i ndáil leis sin, gur lean sí as breithiúnais a thug an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) le déanaí nár údaráíodh leis na forálacha náisiúnta sin, *inter alia*, iarratais nó ráitis bunaithe ar ghearáin lena líomhnaítear neamhrialtacht i gceapachán breithimh nó aon imthoisc eile a bhaineann leis an nós imeachta um breitheamh a cheapadh.
- 215 Ar an taobh eile, maidir leis na sásraí náisiúnta eile ar a bhfuil Poblacht na Polainne ag brath, dá dtagraítear freisin i mír 179 den bhreithiúnas seo, eadhon na sásraí sin a bhaineann le cás a tharchur chuig an gcúirt inniúil agus leis an athbhreithniú arna dhéanamh ag na cúirteanna níos airde, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a thugtar faoi deara i míreanna 200 agus 201 den bhreithiúnas seo, go ndéantar na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid i gcomhthéacs an chéad ghearáin a fhoirmiú i dtéarmaí leathana neamhbheachta nach gcuirtear cosc ar an bhféidearthacht go bhféadfar an bonn a bhaint as sásraí den sórt sin chomh maith.
- 216 Tá sé i gceist freisin go mbeidh feidhm ag na toirmisc a leagtar síos leis na forálacha náisiúnta sin maidir le cúirteanna ar os a comhair a ardaítear an cheist go bhféadfaí an cás a tharchur chuig cúirt eile de bhun Airteagal 200(1⁴) de Chód an Nós Imeachta Shibhialta agus is cosúil, dá bhrí sin, go bhféadfaidh cúirteanna den sórt sin an tarchur sin a chosc, mar shampla, i gcás, sna himthosca a leagtar amach sa bhreithiúnas *A. K. agus páirtithe eile*, ina ndéanfaí amhras ar chomhréireacht le ceanglais an neamhspleáchais a eascraíonn as dlí an Aontais agus, dá bhrí sin, dlisteanacht na cúirte ar cheart an cás lena mbaineann a scrúdú os a comhair de ghnáth nó, sa chomhthéacs sin, dlisteanacht orgáin bhunreachtúil amhail KRS a cheistiú.
- 217 I bhfianaise a bhfoclaíochta leithne agus neamhbheachta, tá na forálacha náisiúnta atá á gconspóid de chineál a chuirfeadh cosc freisin ar chúirt níos airde a éistean cinneadh ó chúirt níos ísle measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht ceapacháin breithimh nó ar a chumhacht chun na feidhmeanna breithiúnacha a eascraíonn as ceapachán den sórt sin a fheidhmiú nó ó amhras a chaitheamh ar dhlísteacht na gcúirteanna agus na mbinsí, cibé acu ar cheart rialú a thabhairt ar a comhdhéanamh nó ar a dlisteanacht féin mar chúirt dara céime nó ar dhlísteacht na cúirte níos ísle.
- 218 Ar an gceathrú dul síos, ní mór d'argóint Phoblacht na Polainne dá dtagraítear i mír 181 den bhreithiúnas seo agus a líomhnaítear contrárthacht idir an chéad ghearán agus an dara gearán a dhiúltú freisin. I ndáil leis sin, is leor a chur in iúl, cé go bhféadfaí leis an dara gearán cáineadh a dhéanamh go dtagann an scrúdú ar cheisteanna áirithe faoi dhlínse eisiach an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, baineann an chéad ghearán, dá thaobh, le comhréireacht le dlí an Aontais d'fhorálacha lena leagtar síos toirmisc áirithe a bhfuil feidhm acu maidir leis na gnáthchúirteanna, maidir leis na cúirteanna riaracháin agus maidir leis an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), lena n-áirítear Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí.
- 219 Leanann sé ón méid sin roimhe seo go sáraítear leis na forálacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 198 den bhreithiúnas seo an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt.
- 220 Thairis sin, maidir le hAirteagal 55(4) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, agus Airteagal 8 den Dlí Leasaitheach lena ndéantar foráil maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail 55(4) sin maidir le cásanna lena cuireadh tús nó críoch roimh dháta theacht i bhfeidhm an dlí deiridh sin, is léir, *inter alia*, ó fhoclaíocht an dara habairt d'Airteagal 55(4) nach “[bh]féadfar [...] a chinneadh ar bhonn na bhforálacha maidir le cásanna a shannadh agus le foirmíochtaí na cúirte a cheapadh nó a athrú [...] go bhfuil cúirt comhdhéanta go míchuí nó gur cuid den chúirt sin é duine nach bhfuil údaráithe ná inniúil le breithniú a dhéanamh.”

- 221 Ní mór a chur in iúl, amhail na forálacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 133 agus 198 den bhreithiúnas seo, gur tugadh Airteagal 55(4) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, isteach le déanaí freisin i ndlíchóras na Polainne leis an dlí leasaitheach, sa chomhthéacs sonrach dá dtagraítear i míreanna 140 go 145 den bhreithiúnas sin.
- 222 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, go sonrach, gur tugadh os comhair na Cúirte, ar an dáta a glacadh na forálacha náisiúnta sin, na hiarrataí ar réamhrialú dá dtagraítear sa tríú fleasc de mhír 144 den bhreithiúnas seo sna cásanna uamtha ónar eascair breithiúnas an 16 Samhain 2021, *Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim agus páirtithe eile* (C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:931).
- 223 Sa bhreithiúnas deireanach sin, chinn an Chúirt nach mór an dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar fhorálacha náisiúnta ar dá réir a fhéadfaidh Aire Dlí agus Cirt Ballstáit, ar bhonn critéar nach gcuirtear ar fáil don phobal, ar an gcéad dul síos, breitheamh a tharmligean chuig cúirt choiriúil níos airde ar feadh tréimhse socraithe nó tréimhse éiginnte agus, ar an dara dul síos, tráth ar bith, le cinneadh nach bhfuil foras tugtha ina leith, an tarmligean sin a chúlghairm, gan beann ar thréimshe shocraithe nó tréimshe éiginnte tarmligin den sórt sin.
- 224 Thairis sin, nuair a glacadh Airteagal 55(4) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, tugadh os comhair na Cúirte freisin, i gCás C-791/19, caingean maidir le dearbhú maidir le mainneachtain ina chuid oibleagáidí a chomhlíonadh, arna tabhairt ag an gCoimisiún i gcoinne Phoblacht na Polainne, chun, *inter alia*, a chinneadh gur mhainnigh an Ballstát sin ina oibleagáidí faoin dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh, a mhéid a thugtar leo d’Uachtarán an Dlísheomra Araíonachta an chumhacht lánroghnach chun an dlísheomra araíonacht araíonachta, a bhfuil dlínse aici ag an gcéad chéim a ainmniú i gcásanna a bhaineann le breithiúna na nGnáthchúirteanna.
- 225 Ba cheart a thabhairt faoi deara, i ndáil leis sin, i mbreithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn* (Córas araíonachta do bhreithiúna) (C-791/19, EU:C:2021:596, arna thabhairt idir an dá linn, sheas an Chúirt, i míreanna 164 go 177 de, le gearán den sórt sin agus chinn sí, dá bhrí sin, nár chomhlíon Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin dara fómhír d’Airteagal 19(1) CAE tríd an lánrogha sin a thabhairt d’Uachtarán an Dlísheomra Araíonachta agus, dá bhrí sin, trí mhainneachtain a áirithiú gur scrúdaigh binse “arna b[h]unú le dlí” cásanna araíonachta.
- 226 Is léir, dá bhrí sin, nuair a iarrtar orthu iarmhairtí iomchuí a bhaint as breithiúnais na Cúirte dá dtagraítear i míreanna 222 agus 225 den bhreithiúnas seo, go bhféadfadh sé go mbeadh ar chúirteanna náisiúnta scrúdú a dhéanamh ar fhorálacha náisiúnta agus, dá bhrí sin, ceangal a chur orthu iad a “agairt”, amhail na forálacha atá i gceist sna breithiúnais sin, maidir le “cásanna a shannadh” agus chun a fháil amach, i gcás sonrach, go bhfuil cúirt náisiúnta “comhdhéanta go míchuí” mar thoradh ar chur i bhfeidhm na bhforálacha náisiúnta sin agus ar a neamh-chomhoiriúnacht le dlí an Aontais, nó gur cuid den chúirt sin é duine nach bhfuil údaraithe nó inniúil le breithniú a dhéanamh”. Agus an méid sin á dhéanamh, thiocfadh na cúirteanna náisiúnta lena mbaineann leis na toirmisc a leagtar síos mar sin in Airteagal 55(4) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna. Thairis sin, tá sé beartaithe go mbeidh feidhm níos ginearálta ag na toirmisc sin, d’ainneoin aon agóid ó dhuine aonair a fhágann go mbeadh forálacha náisiúnta a bhaineann le cásanna a shannadh nó le foirmíochtaí na cúirte a cheapadh nó a athrú, nó go mbeadh cur i bhfeidhm na bhforálacha sin contrártha do cheanglais dhlí an Aontais a bhaineann leis an gceart chun binse neamhspleách neamhchlaon arna bhunú roimh ré le dlí.

- 227 I bhfianaise an mhéid sin thuas, ní mór a mheas go ndéantar sárú le hAirteagal 55(4) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, agus, dá bhrí sin, go ndéantar sárú le hAirteagal 8 den Dlí Leasaitheach an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt.
- 228 Ar deireadh, maidir leis an sárú a líomhnaítear ar phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, is ceart a choinneáil i gcuimhne go gceanglaítear leis an bprionsabal sin ar an gcúirt náisiúnta a n-iarrtar uirthi forálacha dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm, laistigh de theorainneacha a dlínse, chun a áirithiú go bhfuil ceanglais dhlí an Aontais go hiomlán éifeachtach sa díospóid os a comhair. Go háirithe, ní mór dó a húdarás féin a fhágáil gan feidhm, aon riail nó cleachtas náisiúnta, fiú má ghlactar iad ina dhiaidh sin, a bheith contrártha le forálacha de chuid dhlí an Aontais a bhfuil éifeacht dhíreach aici, gan bheith uirthi iarraidh a dhéanamh go gcuirfí an dlí nó cleachtas náisiúnta sin ar leataobh nó gan bheith uirthi fanacht ar an gcéanna tríd an dlí nó trí mhodh bunreachtúil eile (féach, chuige sin, breithiúnais an 9 Márta 1978, *Simmenthal*, 106/77, EU:C:1978:49, mír 24, agus an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht breithiúnas de chuid cúirt bhunreachtúil)*, C430/21, EU:C:2022:99, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 229 Mar is léir ón gcásdlí socair, tá éifeacht dhíreach den sórt sin ag Airteagal 47 den Chairt (féach, *inter alia*, breithiúnas an 29 Iúil 2019, *Torubarov*, C-556/17, EU:C:2019:626, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear) agus, thairis sin, meabhraíodh é, i mír 78 den bhreithiúnas seo, go bhfuil an rud céanna fíor maidir leis an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE.
- 230 Dá bhrí sin, a mhéid atá na forálacha náisiúnta dá dtagraítear i míreanna 198 agus 220 den bhreithiúnas seo in ann, de bhua na dtoirmeasc ar fad a leagtar síos leo, cosc a chur ar chúirteanna na Polainne lena mbaineann gan forálacha áirithe a chur i bhfeidhm a mheastar a bheith contrártha d’fhorálacha dhlí an Aontais a bhfuil éifeacht dhíreach acu, d’fhéadfaidís freisin prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a shárú.
- 231 I bhfianaise an mhéid sin thuas, ní mór seasamh leis an gcéad ghearán a mhéid a líomhnaítear sárúithe ar an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt agus ar phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais.

An dara gearán

Argóintí na bpáirtithe

- 232 Lena dara gearán, arb iomchuí é a scrúdú sa cheathrú háit, áitíonn an Coimisiún, go bunúsach, gur “saincheisteanna cothrománacha” iad ceisteanna a bhaineann le neamhspleáchas cúirte nó breithimh atá ag aon chúirt náisiúnta atá ag éisteacht le cás a bhaineann le dlí an Aontais, lena n-áirítear *in limine litis* agus i gcás ina gcinneann sí ag an gcéad chéim, an oibleagáid scrúdú a dhéanamh i bhfianaise an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 47 den Chairt, ar ina leith nach mór di a bheith in ann tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú ar bhonn Airteagal 267 CFAE, ina dhiaidh sin, más gá, i gcomhréir le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, na forálacha náisiúnta go léir atá contrártha leis na forálacha sin de dhlí an Aontais, mar a léirmhíononn an Chúirt iad. Ní ceisteanna sonracha dlí iad ceisteanna den sórt sin i réimse dlí dá gcuid féin a d’fhéadfadh, ar an mbonn sin, teacht faoi dhlínse eisiach cúirte a líomhnaítear a bheith speisialaithe.

- 233 Dá bhrí sin, mhainnigh Poblacht na Polainne ina hoibleagáidí faoi na forálacha sin de dhlí an Aontais agus de phrionsabal tosaíochta sin a chomhlíonadh, ar an gcéad dul síos, trí dhlínse eisiach a thabhairt, faoi Airteagal 26(2) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, do Dhlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, chun rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le Breithiúna a scaoileadh ó chás ina líomhnaítear nach bhfuil neamhspleáchas ag cúirt ná ag breitheamh, agus cúirteanna a ainmniú a bhfuil dlínse acu chun éisteacht leis agus trína cheangal ar an gcúirt ar tugadh os a comhair cás ina n-eascraítear na ceisteanna sin agus iad a chur ar aghaidh chuig an dlísheomra sin, cé nach bhfuil dlínse ag an dlísheomra sin chun substaint an cháis atá i gceist a éisteacht.
- 234 Agus an méid sin á dhéanamh, ba mhian le reachtas na Polainne freisin cosc a chur ar chúirteanna náisiúnta ar a dtagann díospóid os a gcomhair a fhíorú, i gcás inarb infheidhme, trína iarraidh ar an gCúirt, an gcomhlíonann an comhlacht breithiúnach na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a eascraíonn as dlí an Aontais agus, in éagmais neamhspleáchas agus neamhchlaontacht den sórt sin, comhlíonadh a dhéanamh ar a n-oibleagáid, arna léiriú ag an gCúirt in *A. K. agus páirtithe eile*, an fhoráil náisiúnta lena bhforchoimeádtar dlínse chun díospóid den sórt sin a éisteacht a dhífheidhmiú chuig an gcúirt sin. Tá sé i gceist freisin leis an bhforáil náisiúnta atá faoi chonspóid, cosc a chur ar chúirteanna náisiúnta scrúdú a dhéanamh, as a stuaim féin nó arna iarraidh sin ag páirtí sna himeachtaí, ar an ngá atá le breitheamh a scaoileadh ó chás nach gcomhlíonann na ceanglais sin nó le ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt ina leith sin.
- 235 Ar an dara dul síos, déantar forálacha agus prionsabal dhlí an Aontais dá dtagraítear i mír 232 den bhreithiúnas seo a shárú freisin le forálacha Airteagal 82(2) go (5) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach. Trí fhoráil a dhéanamh, ar thaobh amháin, go bhfuil dlínse eisiach ag Dhlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, chun rialú a dhéanamh ar cheisteanna dlí a bhaineann le neamhspleáchas breithimh nó cúirte i gcásanna atá ag feitheamh os comhair an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), ar an taobh eile, nuair a ghlacann an dlísheomra sin cinneadh den sórt sin, nach bhfuil sé faoi cheangal ag aon chinneadh eile de chuid an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus, ar deireadh, go bhfuil cinntí an tseomra sin ina gceangal ar fhoirmíochtaí eile uile an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), leis na forálacha náisiúnta sin, baintear de phainéil na ndlísheomraí eile sa Chúirt Uachtarach an fhéidearthacht rialú a dhéanamh ar na ceisteanna dlí sin agus tarchur a dhéanamh chun na Cúirte ina leith sin.
- 236 Ar an tríú dul síos, sáraítear na forálacha agus an prionsabal sin de dhlí an Aontais le hAirteagal 26(4) go (6) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach lena mbronntar dlínse eisiach ar Dhlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, chun éisteacht le caingne le haghaidh dearbhú go bhfuil breithiúnais chríochnaitheacha ó chúirteanna uile na Polainne, idir bhreithiúnacha agus riaracháin, lena n-áirítear breithiúnais ó dhlísheomraí eile den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) neamhdhleathach, i gcás inarb é atá neamhdhleathach ná tabhairt faoi cheist stádas an duine arna cheapadh do phost mar bhreitheamh ar bhreithnigh an cás lena mbaineann, ós rud é gur féidir na caingne sin a thabhairt beag beann ar na leigheasanna eile atá ar fáil dó a bheith ídithe ag an bpáirtí lena mbaineann. Cuirtear cosc le forálacha náisiúnta den sórt sin ar na dlísheomraí eile sin den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) rialú a thabhairt ar na ceisteanna sin agus aon cheisteanna a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú ina leith sin.
- 237 Ar an gceathrú dul síos, leantar d'fhorálacha agus prionsabal dhlí an Aontais dá dtagraítear i mír 232 den bhreithiúnas seo a shárú ag forálacha idirthréimhseacha Airteagal 10 den Dlí Leasaitheach lena bhforáiltear, ar an gcéad dul síos, go ndéanfaidh cúirteanna na Polainne, lena

n-áirítear dlísheomraí eile an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), na cásanna atá ar feitheamh an 14 Feabhra 2020 a tharchur chuig an Dhlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, roimh an 21 Feabhra 2020, maidir leis na ceisteanna atá faoi dhlínse eisiach an dlísheomra sin, féadfaidh an dlísheomra sin, ina dhiaidh sin, i gcás den sórt sin anois, gníomhartha arna gcur i gcrích cheana féin a chúlghairm ag an gcúirt a dhiúltaigh chun a leasa féin, gníomhartha a féadfaidh tarchur chun na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú a bheith ar áireamh iontu, agus, ar deireadh, go bhfuil gníomhartha a rinneadh sna cásanna sin tar éis an 14 Feabhra 2020, amhail tarchur chun réamhrialú, gan éifeacht.

- 238 Ina cosaint, cuireann Poblacht na Polainne in iúl, ar an gcéad dul síos, go mbaineann an Coimisiún míthuiscint as an mbreithiúnas in *A. K. agus páirtithe eile*. De thoradh an bhreithiúnais sin amháin, i gcás ina n-áitíonn páirtí go sárófaí a chearta faoi Airteagal 47 den Chairt dá ndéanfadh cúirt a bhfuil dlínse aici de ghnáth, scrúdú ar an gcás, go bhféadfaidh an chúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair rialú ar agóid den sórt sin agus, má tá bunús maith leis an agóid sin, an cás a tharchur chuig cúirt eile a thugann na ráthaíochtaí riachtanacha neamhspleáchais agus a mbeadh dlínse aici faoin dlí in éagmais forálacha lena bhforchoimeádtar dlínse chun na cúirte nach dtugann na ráthaíochtaí sin.
- 239 Ar an taobh eile, ní leanann sé ón mbreithiúnas sin go bhfuil sé de cheart ag gach cúirt náisiúnta cásanna den sórt sin a éisteacht. Thairis sin, tugann an argóint a chuir an Coimisiún chun cinn neamhaird ar an gceanglas a bhaineann leis an gceart chun cúirte arna bunú le dlí, rud a fhágann nach féidir cinneadh na cúirte inniúla a fhágáil faoi rogha na n-údarás breithiúnach. Sa bhreithiúnas in *A. K. agus páirtithe eile*, níor chruthaigh an Chúirt, dá bhrí sin, ar mhaithe leis na cúirteanna a rinne an tarchur lena mbaineann, an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh gan bunús dlí, ach an chumhacht chun na cásanna lena mbaineann a tharchur chuig cúirt eile a dtagann a dlínse ó ghníomh de chuid na Parlaiminte, i gcomhréir le hAirteagal 200(1⁴) de Chód an Nós Imeachta Shibhialta. Is é an t-aon oibleagáid atá ar na Ballstáit, i ndáil leis sin, a áirithiú, mar a cheanglaítear leis an dara fómhír d'Airteagal 19(1) CAE, go dtabharfar cásanna a bhfuil nasc acu le dlí an Aontais os comhair cúirteanna a thairgeann na ráthaíochtaí a cheanglaítear leis an bhforáil sin.
- 240 Ina theannta sin, níl baint ag an gcás dá dtagraítear sa bhreithiúnas in *A. K. agus páirtithe eile*, leis na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid sa mhéid go mbaineann siad le seasamh cúirte ar tugadh iarratas os a comhair ar bhreitheamh a scaoileadh ó chás, i gcás ina bhfuil ceist dlí a bhaineann le neamhspleáchas cúirte nó le hamhras faoi dhleathacht cinnidh chríochnaithigh roimpi.
- 241 Ar an dara dul síos, a mhéid a bhaineann, go sonrach, le hábhar na bhforálacha náisiúnta atá faoi chonspóid, cuireann Poblacht na Polainne i dtábhacht, sa chéad áit, maidir le hAirteagal 26(2) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, nár tugadh scrúdú ar iarratas ar bhreitheamh a scaoileadh ó chás riamh, i ndlí na Polainne, faoi dhlínse na cúirte nó an bhinse lena mbaineann, ach nach mór, roimhe sin, é a chur i gcrích ag painéal breithiúnach eile den chúirt chéanna nó ag cúirt níos airde. Dá bhrí sin, ní bhaineann an fhoráil náisiúnta sin dlínse a bhí acu roimhe sin de na breithiúna nó de na cúirteanna ar os a gcomhair a thugtar ceist theagmhasach den sórt sin ar aird. Ní fhoráiltear leis ach, i gcás ina mbaineann na gearáin lena dtugtar bonn cirt le breithiúna áirithe a scaoileadh ó chás lena neamhspleáchas, nach mór an cheist sin a tharchur feasta chuig an Dhlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí. Tá sé de shaoirse i gcónaí ag gach Ballstát cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcúirt nach mór éisteacht a thabhairt do na cásanna sin, ós rud é nach gceanglaítear le dlí an Aontais ach go dtugann an chúirt a bhfuil dlínse aici cás den chineál sin a éisteacht na ráthaíochtaí dá dtagraítear sa dara fómhír d'Airteagal 19(1) CAE.

- 242 Maidir leis an dara mír d’Airteagal 26(4) go (6) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, ní hionann cinneadh go bhfuil cinneadh críochnaitheach neamhdhleathach agus ceist “t[h]eagmhasach” a fhéadfar a scrúdú *in limine litis* i gcomhthéacs nós imeachta eile, ach ceanglaítear leis go dtaiscfear achomharc urghnách nach féidir a dhéanamh, de réir sainmhíthe, ach amháin má thugtar cinneadh críochnaitheach den sórt sin, os comhair cúirt a bhfuil dlínse aici faoin dlí, a chaithfidh a bheith éagsúil ón gcúirt a thug an breithiúnas sin. Thairis sin, trí fhoráil a dhéanamh, dá bhrí sin, go mbeidh cineál áirithe achomhairc le scrúdú ag an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), i ndlísheomra a bhfuil saineolas aige maidir le scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le neamhspleáchas na mbreithiúna, neartaítear leis na forálacha náisiúnta sin na ráthaíochtaí nós imeachta atá ag na páirtithe.
- 243 Ar an tríú dul síos, maidir le hAirteagal 82(2) go (5) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, sonraíonn Poblacht na Polainne, i gcomhréir le hAirteagal 1(1)(a) den Dlí sin, go bhfuil dlínse ag an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) chun rúin a ghlacadh maidir le ceisteanna dlí a bhaineann le gach cás a thagann faoi dhlínse na cúirte sin. I ndáil leis sin, tá an dara gearán bunaithe go hiomlán ar cheanglas a líomhnaítear a bheith ann, i gcás ina mbaineann ceisteanna dlí den sórt sin le neamhspleáchas na mbreithiúna, nach mór do na cúirteanna a n-ardaítear na ceisteanna sin os a gcomhair cinneadh a dhéanamh maidir le ceanglas nach bhfuil bunús tugtha ag an gCoimisiún ar bhealach ar bith, áfach. Thairis sin, is é príomhchuspóir na n-imeachtaí a bhaineann le ceist dlí a réiteach go beacht, i gcás ceist chasta a d’fhéadfadh a bheith ina cúis le difríochtaí léirmhíthe, cead a thabhairt do chúirt ar os a comhair a ardaíodh ceist den sórt sin scrúdú na ceiste sin a tharchur chuig painéal speisialaithe níos airde chun an soiléiriú is gá a fháil agus chun éagsúlachtaí suntasacha agus leanúnacha sa chásdlí a chosc, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil. Ina theannta sin, ní chuirfeadh sásra den sórt sin d’oibleagáid ar na cúirteanna lena mbaineann cinneadh a iarraidh maidir le ceist dlí, ach thabharfadh sé an deis dóibh é sin a dhéanamh, agus ní bhainfeadh cinneadh den sórt sin ach le léiriú an dlí agus ní lena chur i bhfeidhm, rud a bheadh fós faoi dhlínse na cúirte ar tugadh substaint na díospóide lena mbaineann os a comhair.
- 244 Ar an gceathrú dul síos, tá na forálacha idirthréimhseacha atá in Airteagal 10 den Dlí Leasaitheach dulta in éag agus, in aon chás, níor áirithíodh iontu ach, i gcomhréir leis an gceart chuig binse arna bhunú le dlí, cúirteanna a scoir de dhlínse a bheith acu na cásanna lena mbaineann a tharchur chuig an gcúirt a bhfuil dlínse aici anois.
- 245 Sa tríú háit, measann Poblacht na Polainne nach gcuireann na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid teorainn le cumhacht chúirteanna na Polainne ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú a mhéid a ghníomhaíonn siad laistigh dá ndlínse chríochach agus shubstainteach. Thairis sin, ós rud é gur cúirt céime deiridh é an Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, tá sé de cheangal air réamhrialú a iarraidh ar an gCúirt aon uair a bhíonn amhras air maidir le léiriú an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE, rud a mhéadódh, sa chleachtas, líon na gcásanna ina bhféadfadh oibleagáid a bheith ann tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú agus, dá bhrí sin, éifeachtacht fheidhmiú na gceart faoi Airteagal 47 den Chairt a mhéadú.
- 246 Ina theannta sin, leis na forálacha idirthréimhseacha atá in Airteagal 10 den Dlí Leasaitheach, ní údaraítear don Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí tarchur le haghaidh réamhrialú a tharraingt siar, ós rud é go gceanglaítear a mhalairt ar an dlísheomra sin, i gcás amhras maidir le léiriú dhlí an Aontais, na ceisteanna a tarchuireadh roimhe sin a dheimhniú nó iad a tharchur ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, ní cheadaítear leis na forálacha idirthréimhseacha sin gníomhartha níos luaithe a chúlghairm ach amháin i gcás ina gcuirtear cosc ar an gcás lena

- mbaineann a scrúdú ‘i gcomhréir leis an dlí’, rud nach bhféadfadh, de réir sainmhínte, a bheith ina tharchur chun réamhrialú. Ní thoirmisctear leis na forálacha idirthréimhseacha sin ach oiread ar chúirteanna náisiúnta atá faoi oibleagáid cásanna a tarchuireadh chucu cheana chun réamhrialú, mar is léir, ón méid ceisteanna a tarchuireadh chun réamhrialú maidir le ceanglais an neamhspleáchais bhreithiúnaigh a tarchuireadh chuig an gCúirt le déanaí.
- 247 Sa cheathrú háit, níor thug an Coimisiún bunús leis an dara gearán maidir le sárú ar phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais agus ní bhaineann na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid le coinbhleachtaí idir rialacha nach mór an prionsabal sin a chur i bhfeidhm ina leith.
- 248 Ina fhreagra, sonraíonn an Coimisiún go bhféachann an dara gearán, go bunúsach, le cáineadh a dhéanamh ar an bhfioras gur tarraingíodh dlínse siar a bhí ag cúirteanna náisiúnta nó ag dlísheomraí éagsúla an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) roimhe seo agus gur bronnadh, gan cúiseanna dlísteanaigh sonracha, ar phainéal breithiúnach nua, nach féidir dlínse a mheas mar chúirt speisialaithe, an dlínse eisiach chun scrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais dhlí an Aontais atá i gceist. Ar an gcéad dul síos, níl ach 20 breitheamh as 10 000 breitheamh Pho-blacht na Polainne ag an bpainéal breithiúnach nua, agus mar thoradh air sin atá ceart daoine aonair chun cosanta breithiúnaigh agus éifeachtacht dhlí an Aontais lagaithe go mór, cé go leanann sé as cásdlí na Cúirte nach mór do gach cúirt náisiúnta forálacha dhlí an Aontais a bhaineann le neamhspleáchas breithiúnach a chur i bhfeidhm chomh forleathan agus is féidir. Ar an dara dul síos, ós rud é gur ceapadh comhaltaí uile an Dhlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí, ar thogra an KRS, ina chomhdhéanamh nua, is é sin le rá, in imthosca a mbíonn, go minic, iad siúd a bhfuiltear ag brath orthu sna hiarratais ar bhreithiúna a scaoileadh ó chás bunaithe ar easpa neamhspleáchas breithimh, thioctadh an cheist maidir le measúnú neamhchlaonta ar cheisteanna den sórt sin ón dlísheomra sin chun cinn.
- 249 Maidir le hAirteagal 267 CFAE, cuireann an Coimisiún in iúl, i bhfianaise, go háirithe, na n-athchóirithe breithiúnacha inar glacadh na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid agus i bhfianaise na mbeart leanúnach arna nglacadh ag údaráis na Polainne d’fhonn fheidhmiú cuí an tsásra réamhrialaithe a bunaíodh leis an Airteagal sin a chosc, gur léir go ndearnadh na forálacha náisiúnta sin a bhaint go saorga ó dhlínse shubstainteach na gcúirteanna náisiúnta a bhfuil dlínse acu go dtí seo chun scrúdú a dhéanamh ar “cheist c[h]othrománach” neamhspleáchas na mbreithiúna a d’fhéadfadh teacht chun cinn in aon chás, chun an fhéidearthacht a bhaint de na cúirteanna náisiúnta sin ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais sa réimse sin, de shárú ar Airteagal 267 CFAE, arna léamh in éineacht leis an tríú fomhír d’Airteagal 4(3) CAE.
- 324 Ar an dara dul síos, baineann forálacha náisiúnta lena gcuimsítear, mar atá sa chás seo, le linn dearbhaithe agus cur ar líne na faisnéise atá i gceist a bheith éigeantach, oibríochtaí arb é atá iontu an fhaisnéis sin a bhailiú, a thaifeadadh agus a scaipeadh, eadhon sraith oibríochtaí arb ionann iad agus “próiseáil” sonraí pearsanta de réir bhrí Airteagal 4(2) de RGCS (féach, maidir le sonraí pearsanta a chur ar líne, breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, mír 65 agus an cásdlí dá dtagraítear).

325 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, ní mór a mheas go dtagann na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid faoi raon feidhme RGCS agus nach mór dóibh, dá bhrí sin, forálacha an Rialacháin sin a chomhlíonadh, a líomhnaíonn an Coimisiún go ndearnadh sárú air sa chás seo.

– *Infheidhmeacht Airteagal 7 agus Airteagal 8(1) den Chairt*

326 Mar a fhoráiltear in Airteagal 51(1) den Chairt, díritear forálacha na Cairte chuig na Ballstáit agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu.

327 Sa chás seo, is léir ó na breithnithe a leagtar amach i míreanna 313 go 325 den bhreithiúnas seo go mbaineann na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid le próiseáil sonraí pearsanta agus go dtagann siad faoi raon feidhme RGCS. Dá bhrí sin, nuair a glacadh na forálacha náisiúnta sin, iarradh ar Phoblacht na Polainne, *inter alia*, RGCS a chur chun feidhme.

328 Thairis sin, ós rud é go bhfuil faisnéis faoi dhaoine nádúrtha sainaitheanta sna sonraí pearsanta sin, déanann rochtain ag aon duine den phobal i gcoitinne ar na sonraí sin difear do cheart bunúsach na ndaoine lena mbaineann maidir le hurraim dá saol príobháideach, a ráthaítear in Airteagal 7 den Chairt, gan é a bheith ábhartha, sa chomhthéacs sin, go bhféadfadh baint a bheith ag na sonraí sin le gníomhaíochtaí gairmiúla. Ina theannta sin, is ionann cur ar fáil na sonraí lena mbaineann don phobal i gcoitinne agus próiseáil sonraí pearsanta arna gcumhdach ag Airteagal 8 den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Samhain 2022, *Luxembourg Business Registers*, C-37/20 agus C-601/20, EU:C:2022:912, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

329 Dá bhrí sin, is ionann na sonraí pearsanta sin a chur ar fail do thríú páirtí agus cur isteach ar na cearta bunúsacha a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, beag beann ar an úsáid a bhaintear as an bhfaisnéis i gceist ina dhiaidh sin. I ndáil leis sin, is cuma an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis a bhaineann leis an saol príobháideach lena mbaineann íogair nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil na daoine lena mbaineann faoi aon mhíbhuntáistí mar thoradh ar an gcur isteach sin (féach, chuige sin, breithiúnas an Samhain 2022, *Ligue des droits humains*, C-817/20, EU:C:2022:912, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear). (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Samhain 2022, *Luxembourg Business Registers*, C-37/20 agus C-601/20, EU:C:2022:912, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

330 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, leanann sé go bhfuil Airteagal 7 agus Airteagal 8(1) den Chairt infheidhme sa chás seo agus nach mór, dá bhrí sin, na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid, na hAirteagail seo a chomhlíonadh [féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Meitheamh 2020, *an Coimisiún v an Ungáir* (Trédhearcacht comhlachas), C-78/18, EU:C:2020:476, mír 103].

– *An sárú a líomhnaítear ar fhorálacha den chéad fhomhír d’Airteagal 6(1)(c) agus (e) agus (3) agus Airteagal 9(1) de RGCS agus Airteagal 7 agus Airteagal 8(1) den Chairt*

331 Is iomchúí a chur chun suntais, ar an gcéad dul síos, ar na dlúthnaisc idir RGCS agus forálacha Airteagal 7 agus Airteagal 8(1) den Chairt, ar forálacha iad nach mór an Rialachán sin a léiriú ina bhfianaise.

332 Is léir freisin in Airteagal 1(2) de RGCS, arna léamh i gcomhar le haithrisí 4 agus 10 de, gurb é is cuspóir don Rialachán sin, *inter alia*, ardleibhéal cosanta a ráthú do chearta bunúsacha agus do shaoirsí bunúsacha daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta, an ceart sin a aithnítear

- freisin in Airteagal 8 den Chairt agus a bhfuil dlúthbhaint aige leis an gceart go n-urramófaí an saol príobháideach, a chumhdaítear in Airteagal 7 de (breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, mír 61). Dá bhrí sin, go háirithe mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 235 dá Thuairim, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le próiseáil dhleathach sonraí pearsanta faoin Rialachán sin, meastar, i bprionsabal, go gcomhlíontar freisin na ceanglais atá leagtha síos in Airteagail 7 agus 8 den Chairt (féach, de réir analaí, breithiúnas an 27 Meán Fómhair 2017, *Puškár*, C-73/16, EU:C:2017:725, mír 102).
- 333 Ar an dara dul síos, mar is léir ó na hargóintí a chuireann sé chun cinn chun tacú leis an gcúigiú gearán, tá an Coimisiún den tuairim nach gcomhlíonann na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid na cuspóirí atá curtha chun cinn ag Poblacht na Polainne i ndáiríre agus cuireann sé in iúl nach gcomhlíonann an cur isteach ar na cearta bunúsacha go ndéanfar na sonraí pearsanta a chosaint, go ndéanfar an saol príobháideach a urramú a eascraíonn as na forálacha náisiúnta sin, i gcás ar bith, ceanglas na comhréireachta a eascraíonn as na forálacha éagsúla de dhlí an Aontais a líomhnaíonn sé gur sáraíodh iad. Ós rud é nár mhaígh an Coimisiún nach gcomhlíonann na forálacha náisiúnta sin ceanglais eile a eascraíonn as na forálacha sin de dhlí an Aontais, ní mór don Chúirt, dá bhrí sin, í féin a theorannú do scrúdú a dhéanamh ar an ngearán arna fhoirmiú amhlaidh ag an gCoimisiún ar an gcaoi sin agus na forálacha náisiúnta céanna a scrúdú ó thaobh a gcomhréireachta amháin i bhfianaise na gculpóirí arna líomhain ag Poblacht na Polainne.
- 334 Is ceart a choinneáil i gcuimhne ar an gcéad dul síos, nach sainchearta absalóideacha iad na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus maidir le cosaint sonraí pearsanta, a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt, agus nach mór iad a chur san áireamh i ndáil lena bhfeidhm sa tsochaí agus iad á gcothromú le cearta bunúsacha eile. Féadfar teorainneacha a chur i bhfeidhm, dá bhrí sin, chomh fada, i gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, is a dhéantar foráil sa dlí dóibh agus go ndéanann siad bunbhí na gceart bunúsach agus prionsabal na comhréireachta a urramú. De bhun phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfar teorainneacha a thabhairt isteach ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraíonn siad go hiarbhír do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas chun cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint. Ní mór iad a dhéanamh a mhéid a bhfuil fíorghá leo amháin agus ní mór do na rialacháin a bhaineann leis an gcur isteach rialacha soiléire agus beachta a leagan síos lena rialaítear raon feidhme agus cur i bhfeidhm an bhírt atá i gceist (breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, mír 70 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 335 Ar an dara dul síos, maidir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 6(1) de RGCS leagtar amach liosta uileghabhálach agus sriantach de na cásanna ina bhféadfaí a mheas go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta dleathach. Chun go bhféadfaí próiseáil a mheas mar dhleathach, ní mór di teacht faoi cheann de na cásanna dá bhforáiltear san fhoráil sin (breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, mír 67 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 336 De bhun na chéad fhomhíre d’Airteagal 6(1)(c) de RGCS, tá próiseáil atá riachtanach chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh a bhfuil an rialaitheoir faoina réir. Faoin gcéad fhomhír d’Airteagal 6(1)(e) de RGCS, dá dtagair an chúirt a rinne an tarchur ina céad cheist, tá próiseáil atá riachtanach chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas ginearálta nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir dleathach.
- 337 Sonraítear in Airteagal 6(3) de RGCS, maidir leis an dá chás sin ina mbeadh próiseáil dleathach, nach mór an phróiseáil a bhunú ar dhlí an Aontais nó ar dhlí an Bhallstáit a bhfuil an rialaitheoir faoina réir, agus nach mór don bhunús dlí sin freagairt do chuspóir a bhaineann le leas ginearálta

agus a bheith comhréireach leis an gcuspóir dlisteanach atá á shaothrú. Ós rud é gur léiriú iad na ceanglais sin ar na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 52(1) den Chairt, ní mór iad a léiriú i bhfianaise na forála deiridh sin (breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, mír 69).

- 338 Sa chás seo, is é is cuspóir do na forálacha náisiúnta atá á gconspóid, mar atá luaite i mír 310 den bhreithiúnas seo, a cheangal ar na breithiúna lena mbaineann, de réir na cúirte lena mbaineann siad agus de réir an phoist atá acu sa chúirt sin, dearbhú a dhéanamh nach mór, i bhformhór na gcásanna, é a chur faoi bhráid uachtaráin cúirteanna an ordaithe bhreithiúnaigh nó riaracháin agus, go heisceachtúil, chuig KRS nó chuig an Aire Dlí agus Cirt, chun críocha an fhaisnéis atá sa dearbhú sin a fhoilsiú in *Biuletyn Informacji Publicznej*.
- 339 Ós rud é go n-eascraíonn an oibleagáid sonraí pearsanta atá i gceist a bhailiú, a thaifeadadh agus a chur ar line, a bhfuil na húdaráis sin faoina réir, mar thoradh ar na forálacha dá dtagraítear i mír 310 den bhreithiúnas seo, ní mór a mheas go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta atá i gceist riachtanach chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh a cheanglaítear ar gach ceann de na húdaráis sin a chomhlíonadh mar rialaitheoir na próiseála sin. Dá réir sin, tagann an phróiseáil sin laistigh den chás dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d’Airteagal 6(1) de RGCS (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, mír 71).
- 340 Maidir le dlíthiúlacht dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad fhomhír d’Airteagal 6(1) de RGCS, ba cheart a thabhairt faoi deara go rannchuidíonn saothrú chuspóir neamhchlaontacht na mbreithiúna, a léirítear, *inter alia*, sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an Dlí Leasaitheach a bhaineann leis na forálacha náisiúnta a chonspóideann an Coimisiún ina chúigiú gearán, le feidhmiú cuí na feidhme breithiúnaí, ar cúram é a dhéantar ar mhaithe le leas ginearálta, a áirithiú, de réir bhrí na forála sin den Rialachán sin.
- 341 Ar an tríú dul síos, le hAirteagal 9(1) de RGCS maidir le Cosaint Sonraí, toirmeascfar, *inter alia*, próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta lena léirítear, tuairimí polaitiúla nó creidimh reiligiúnacha nó fhealsúnacha duine nádúrtha. De réir theideal Airteagal 9 sin, is “catagóirí speisialta sonraí pearsanta” iad sin, agus aicmítear na sonraí sin mar “s[h]onraí íogaire” freisin in aithris 10 de RGCS.
- 342 Foráiltear d’eisceachtaí áirithe ar thoirmeasc den sórt sin in Airteagal 9(2) de RGCS. Mar is léir ó Airteagal 9(2)(g) den Rialachán sin ní bheidh feidhm ag an toirmeasc sin, *inter alia*, i gcás inar gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna leasa an phobail, ar bhonn dhlí an Aontais nó dhlí Ballstáit a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a fhorálfaidh do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a choimirciú.
- 343 Dá bhrí sin, is léir ó fhoclaíocht Airteagal 9 de RGCS go bhfuil feidhm ag an toirmeasc a leagtar síos san fhoráil sin, faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear ann, maidir le gach cineál próiseála catagóirí speisialta sonraí dá dtagraítear san fhoráil sin agus maidir le gach rialaitheoir a dhéanann próiseáil den sórt sin [féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Meán Fómhair 2019, *GC agus páirtithe eile* (Tagairtí do shonraí íogaire a bhaint), C-136/17, EU:C:2019:773, mír 42].
- 344 Chun a chinneadh an dtagann na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid faoi raon feidhme Airteagal 9 de RGCS, is ceart a choinneáil i gcuimhne, sa chéad áit, go bhfuil feidhm ag an bhforáil sin maidir le hoibríochtaí próiseála a bhaineann ní hamháin le sonraí atá íogair astu féin,

lena mbaineann an tAirteagal sin, ach freisin le sonraí lena nochtar go hindíreach, tar éis próiseas intleachtúil chun tátal a bhaint astu nó cros-seiceáil a dhéanamh orthu, faisnéis den chineál sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, mír 123).

- 345 Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin, mar a chinn an Chúirt go dtacaítear le léiriú leathan ar choincheap “sonraí íogaire” le cuspóir RGCS, a mheabhraítear i mír 316 den bhreithiúnas seo, agus is é sin ardléibhéal cosanta a áirithiú do shaoirsí agus do chearta bunúsacha daoine nádúrtha, go háirithe a gceart chun príobháideachais, i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leo. Tá an léiriú sin comhsheasmhach freisin le cuspóir Airteagal 9(1) de RGCS chun cosaint mhéadaithe a áirithiú i gcoinne próiseáil a d’fhéadfadh a bheith, mar gheall ar íogaireacht ar leith na sonraí lena mbaineann, mar is léir ó aithris 51 den Rialachán sin, ina cur isteach an-tromchúiseach ar na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus maidir le cosaint sonraí pearsanta, a ráthaítear le hAirteagal 7 agus 8 den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, míreanna 125 agus 126 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 346 Sa chás seo, ní mór a mheas gurb ionann bailiú agus cur ar líne faisnéise a bhaineann le “ballraíocht” roimhe seo breithimh de chuid “pháirtí polaitíochta” agus “fheidhmeanna” an pháirtí sin, dá dtagraítear in Airteagal 88a(1)(3) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, agus oibríochtaí próiseála lenar féidir tuairimí polaitiúla an duine lena mbaineann a nochtadh, de réir bhrí Airteagal 9(1) de RGCS.
- 347 Maidir leis an bhfaisnéis a bhaineann le “ballraíocht” roimhe seo nó le “ballraíocht” reatha breithimh i “[g]comhlachas” agus na “feidhmeanna” arna gcur i gcrích ag an mbreitheamh sin i gcomhthéacs an chomhlachais sin nó leis na “feidhmeanna” a chuir an breitheamh sin i gcrích roimhe seo nó reatha i bpost atá aige i gcomhlacht “fondúireachta neamhbhrabúis” dá dtagraítear in Airteagal 88a(1)(2) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, ní mór í a shonrú, mar a rinne an tAbhcóide Ginearálta i míreanna 244 agus 245 dá Thuairim, i bhfianaise chineál an-leathan agus neamhbheacht na dtéarmaí a úsáideann reachtas na Polainne, tá bailiú agus cur ar líne na faisnéise sin in ann, ag brath ar chineál beacht na gcomhlachas agus na bhfondúireachtaí lena mbaineann, creidimh reiligiúnacha nó fhealsúnacha na ndaoine lena mbaineann a nochtadh, de réir bhrí Airteagal 9(1) de RGCS, de réir mar a chuireann an Coimisiún in iúl.
- 348 Dá bhrí sin, chun éalú ón toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 9(1), ní mór do na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid freagairt do cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 9(2) agus na ceanglais a leagtar amach ann a chomhlíonadh, eadhon, sa chás seo, na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 9(2)(g) de RGCS.
- 349 Is léir ón méid sin roimhe seo ós rud é go dtagann na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid faoi raon feidhme phointí (c) agus (e) den chéad fhomhír d’Airteagal 6(1) agus d’Airteagal 9(1) de RGCS, agus Airteagal 7 agus Airteagal 8(1) den Chairt, go bhfuil sé riachtanach anois measúnú a dhéanamh ar an mbonn cirt a d’fhéadfadh a bheith leo i bhfianaise Airteagal 6(3) agus Airteagal 9(2) (g) den Rialachán sin agus Airteagal 52(1) den Chairt.
- 350 I ndáil leis sin, is léir ó mhíreanna 334, 337 agus 342 den bhreithiúnas seo, chun go gcomhlíonfaidh na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid, mar bhunús dlí chun sonraí pearsanta atá i gceist a phróiseáil, na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 52(1) den Chairt, Airteagal 6(3) de RGCS agus Airteagal 9(2) (g) faoi seach, ní mór do na hoibríochtaí próiseála sin, *inter alia*, cuspóir

a bhaineann le leas ginearálta a chomhlíonadh agus a bheith comhréireach leis an gcuspóir dlisteanach a shaothraítear amhlaidh (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, mír 73).

- 351 Sa chás seo, maíonn an Coimisiún ina iarratas gur léir ón meabhrán míniúcháin a ghabhann leis an dréacht, ar a bhonn a glacadh Airteagal 88a den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, mar thoradh air, gur mhian leis an dréacht sin neodracht pholaitiúil agus neamhchlaontacht na mbreithiúna a chaomhnú, muinín an phobail as an neamhchlaontacht sin agus, ar deireadh, dínit na bhfeidhmeanna a dhéanann siad.
- 352 Ina cosaint, rinne Poblacht na Polainne, chun údar a thabhairt le glacadh na bhforálacha náisiúnta atá faoi chonspóid, tagairt don chuspóir neodracht pholaitiúil agus neamhchlaontacht na mbreithiúna agus muinín na ndlíthithe sa neamhchlaontacht sin a neartú, agus á chur in iúl, maidir leis an neodracht pholaitiúil sin, go bhfuil na forálacha náisiúnta sin, sa chás seo, ceaptha, go sonrach, chun daoine aonair a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí polaitiúla na mbreithiúna lena mbaineann roimhe sin i gcás ina gcaithfidh na gníomhaíochtaí sin amhras ar oibiachtúlacht an bhreithimh i gcás áirithe agus a bheith ina chúis, dá réir sin, lena scaoileadh ó chás
- 353 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara sa chéad áit go bhfuil an cuspóir a líomhain amhlaidh ag Poblacht na Polainne, sa mhéid is gurb é atá ann neodracht pholaitiúil agus neamhchlaontacht na mbreithiúna a ráthú agus laghdú a dhéanamh ar an riosca go mbeadh tionchar ag breithnithe a bhaineann le leasanna príobháideacha nó polaitiúla ar bhreithiúna, agus a bhfeidhmeanna á gcur i gcrích acu, mar a luaitear i mír 340 den bhreithiúnas seo, ar mhaithe le leas ginearálta agus, dá bhrí sin, tá siad dlisteanach (féach, de réir analaí, breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, míreanna 75 agus 76). Is amhlaidh atá maidir leis an gcuspóir muinín na ndlíthithe a neartú i dtaca leis an neamhchlaontacht sin a bheith ann.
- 354 Mar a thug an Chúirt le fios arís agus arís eile, tá an ceanglas sin maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht cúirteanna agus binsí, atá ina ghné dhílis den chúram a bhaineann le breithiúnas a thabhairt, mar chuid lárnach den cheart bunúsach chun cosaint dlí éifeachtach agus chun triail chóir a fháil, a bhfuil ríthábhacht ag gabháil leis mar ráthaíocht ar chosaint na gceart uile arna dtabhairt do dhaoine aonair le dlí an Aontais agus ar chaomhnú na luachanna is coiteann do na Ballstáit, a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, go háirithe maidir le luach an smachta reachta (féach, chuige sin, breithiúnais an 20 Aibreán 2021, *Repubblika*, C-896/19, EU:C:2021:311, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank*, C-132/20, EU:C:2022:235, mír 94 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 355 De réir cásdlí socair, leis na ráthaíochtaí sin maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais, glactar leis mar sin feasta go bhfuil rialacha ann, go háirithe maidir le comhdhéanamh an chomhlachta bhreithiúnaigh sin, agus cúiseanna le tarraingt siar a gcomhaltaí, agóid ina n-aghaidh, agus iad a chur as post, lena gcuirtear deireadh le haon amhras réasúnta in aigne na ndaoine, maidir le neamh-thréscaoilteacht an chomhlachta sin i leith imthosca seachtracha agus maidir lena neodracht i ndáil leis na leasanna a thugtar os a chomhair (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank* C-132/20, EU:C:2022:235, mír 95 agus an cásdlí dá dtagraítear). Mar a mheabhraítear i mír 95 den bhreithiúnas seo, ní mór go bhfágfadh na rialacha sin, go háirithe, gur féidir na cineálacha tionchair níos indírí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chinntí na mbreithiúna lena mbaineann a eisiamh agus, dá bhrí sin, easpa

neamhspleáchais nó neamhchlaontachta na mbreithiúna sin a chur as an áireamh, rud a bhainfeadh an bonn den mhuinín nach mór don cheartas a spreagadh i sochaí dhaonlathach agus faoi smacht reachta.

- 356 Dá bhrí sin, maidir leis an gcuspóir a mhaíonn Poblacht na Polainne go raibh sé beartaithe aici a shaothrú sa chás seo, is cuspóir é sin a chomhfhreagraíonn do chuspóir leasa ghinearálta arna aithint ag an Aontas, de réir bhrí Airteagal 52(1) den Chairt, nó do chuspóir atá le leas ginearálta agus, dá bhrí sin, cuspóir dlisteanach, de réir bhrí Airteagal 6(3) de RGCS, ós rud é go bhféadfar, thairis sin, cuspóir leasa phoiblí den sórt sin a aicmiú mar chuspóir “tábhachtach” de réir bhrí Airteagal 9(2)(g) den Rialachán sin.
- 357 Dá bhrí sin, i gcomhréir leis na forálacha sin de dhlí an Aontais, údaraítear leis an gcuspóir sin teorainneacha ar fheidhmiú na gceart a ráthaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, ar choinníoll, *inter alia*, go gcomhlíonann na teorainneacha sin an cuspóir sin iarbhír agus go bhfuil siad comhréireach leis (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, mír 81).
- 358 De réir cásdlí socair, ceanglaítear le comhréireacht beart as a n-eascaíonn cur isteach ar na cearta a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt go n-urramófar na ceanglais maidir le hoiriúnacht agus riachtanas agus an ceanglas a bhaineann le cineál comhréireach na mbeart sin i ndáil leis an gcuspóir atá á shaothrú (breithiúnas an 22 Samhain 2022, *Luxembourg Business Registers*, C-37/20 agus C-601/20, EU:C:2022:912, mír 63 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 359 Go sonrach, feidhmíonn na maoluithe ó chosaint sonraí pearsanta agus na teorainneacha atá leo laistigh de theorainneacha a bhfuil fíorghá leo, agus tuigtear, i gcás ina gcaithfear roghnú idir roinnt mhaith bearta atá oiriúnach le haghaidh cuspóirí dlisteanacha atá á saothrú, gur cheart dul ar iontaoibh an bhirt lena mbaineann an t-ualach is éadroime. Ina theannta sin, ní féidir cuspóir leasa ghinearálta a shaothrú gan an gá le comhréiteach a fháil idir é sin agus cearta bunúsacha is ábhar don bheart a chur san áireamh, trí chothromaíocht a bhaint amach idir an cuspóir leasa ghinearálta de pháirt agus na cearta atá i gceist den pháirt eile d’fhonn a áirithiú nach mbeidh na míbhuntáistí a eascaíonn as an mbeart seo díreireach maidir leis na cuspóirí atá á saothrú. Mar sin, ní mór an fhéidearthacht bonn cirt a thabhairt do theorannú ar na cearta a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt a mheasúnú trí thromchúis an chur isteach a bhaineann le theorannú den sórt sin a thomhas agus trína fhíorú go bhfuil tábhacht an chuspóra leasa ghinearálta atá á shaothrú leis an teorannú sin i gcomhréir leis an tromchúis sin (breithiúnais an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, mír 98 agus an cásdlí dá dtagraítear agus an 22 Samhain 2022, *Luxembourg Business Registers*, C-37/20 agus C-601/20, EU:C:2022:912, mír 64 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 360 Sa ró céanna, is léir ó aithris 39 de RGCS go háirithe, go gcomhlíontar an ceanglas de riachtanas nuair nach féidir an cuspóir a bhaineann le l leas ginearálta atá á shaothrú a bhaint amach go réasúnta agus chomh héifeachtach ar bhealaí eile a dhéanann níos lú dochar do chearta bunúsacha na n-ábhar sonraí, go háirithe na cearta chun príobháideachais agus maidir le cosaint sonraí pearsanta a ráthaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, agus ní mór feidhm a bheith ag na maoluithe agus na srianta ar an bprionsabal maidir le cosaint sonraí den sórt sin a mhéid a bhfuil fíorghá leo amháin (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, mír 85 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 361 Sna himthosca sin, ba cheart a fhíorú, ar an gcéad dul síos, an bhfuil na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid iomchuí chun an cuspóir sin a bhaint amach, fiú má bhí siad i ndáiríre ag saothrú an chuspóra leasa phoiblí a líomhnaíonn Poblacht na Polainne. Más gá, beidh sé riachtanach a scrúdú, ar an dara dul síos, an bhfuil an cur isteach ar na cearta bunúsacha a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt a eascraíonn as na forálacha náisiúnta sin teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach, sa mhéid nach bhféadfaí an cuspóir sin a bhaint amach go réasúnta chomh héifeachtach céanna ar bhealaí eile nach ndéanfaí dochar do na cearta bunúsacha sin, agus, ar an tríú dul síos, an bhfuil an cur isteach sin díréireach i ndáil leis an gculpóir céanna sin, rud a thugann le tuiscint, *inter alia*, ualú a thábhacht agus tromchúis an chur isteach sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Samhain 2022, *Luxembourg Business Registers*, C-37/20 agus C-601/20, EU:C:2022:912, mír 66).
- 362 Maidir leis an gceist, ar an gcéad dul síos, an bhfuil sé iomchuí an fhaisnéis arna bailiú trí bhíthin dearbhuithe atá i gceist a fhoilsiú in *Biuletyn Informacji Publicznej* chun cuspóir an leasa ghinearálta a líomhnaítear a bheith á shaothrú sa chás seo a bhaint amach, ní mór a thabhairt faoi deara nár chuir Poblacht na Polainne mínithe soiléire nithiúla ar fáil ina gcuirtear in iúl cén fáth go bhféadfaí faisnéis a bhaineann le ballraíocht duine i bpáirtí polaitíochta sular ceapadh i bpost breithimh é a fhoilsiú ar líne go héigeantach roimh é a cheapadh chun poist mar bhreitheamh agus linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh roimh an 29 Nollaig 1989 rannchuidiú faoi láthair le neartú a dhéanamh ar an gceart atá ag daoine aonair go n-éistfear a gcás ag cúirt a chomhlíonann ceanglas na neamhchlaontachta agus a muinín sa neamhchlaontacht sin.
- 363 I ndáil leis sin, is ceart a choinneáil i gcuimhne, thairis sin, gur chinn an Chúirt cheana féin, ar bhonn níos ginearálta, nach féidir na cúinsí a bhaineann leis an gcéad cheapachán breithimh, a tharla le linn na tréimhse ina raibh réimeas neamhdhaonlathach Dhaon-Phoblacht na Polainne i bhfeidhm, a mheas ar chaoi go dtarraingítear amhrais dhlísteanacha agus thromchúiseacha leo, in aigne na ndaoine, maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh sin agus é ag gníomhú a fheidhmeanna breithiúnacha ina dhiaidh sin (breithiúnas an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank*, C-132/20, EU:C:2022:235, míreanna 82 go 84 agus 107).
- 364 Thairis sin, le glacadh na bhforálacha náisiúnta a thug an Coimisiún faoi cheist i gcomhthéacs a chúigiú gearán, ar cosúil leo sin dá dtagraítear sa chéad ghearán agus sa tríú gearán, sa Dlí Leasaitheach, a glacadh mar ábhar práinne agus sa chomhthéacs a bhfuil cur síos orthu i míreanna 141 go 145 agus 291 den bhreithiúnas seo, údaraítear, de réir mar a sheasann an Coimisiún, an tuairim go bhfuil na forálacha sin, a mhéid a bhaineann siad le faisnéis maidir le ballraíocht breithiúna i bpáirtí polaitíochta sula gceapfar iad agus le linn fheidhmiú a dtéarma oifige roimh an 29 Nollaig 1989, go deimhin, glacadh iad chun dochar a dhéanamh do chlú gairmiúil na mbreithiúna lena mbaineann agus don dearcadh atá ag dlíthithe orthu nó fiú stiogma a dhéanamh ar na breithiúna sin, agus dá bhrí sin d'fhonn srian a chur le forbairt gairme beatha na ndaoine lena mbaineann.
- 365 Leanann sé as an méid sin roimhe seo, a mhéid a bhaineann na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid le faisnéis den sórt sin, leis an oibleagáid ainm an pháirtí pholaitiúil lena mbaineann a lua, na feidhmeanna a chomhlíontar agus tréimhse bhallraíochta an pháirtí sin, eadhon sonraí pearsanta, atá, ina theannta sin, “íogair”, de réir bhrí Airteagal 9 de RGCS, is iad na forálacha náisiúnta sin, fiú má bhí sé i gceist go fírinneach leo an cuspóir dlisteanach a líomhnaítear a shaothrú sa chás seo, in aon chás nach féidir an cuspóir sin a bhaint amach.

- 366 Is leor na cinntí a rinneadh i míreanna 362 go 365 den bhreithiúnas seo chun a chur as an áireamh go bhféadfadh na forálacha náisiúnta, a mhéid a fhoráiltear leis na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid, faisnéis a bhailiú agus a chur ar líne maidir le ballraíocht duine i bpáirtí polaitíochta sular ceapadh i bpost breithimh é agus a bhallraíocht i bpáirtí polaitíochta le linn a théarma oifige, roimh an 29 Nollaig 1989, féadfaidh na forálacha náisiúnta sin na ceanglais a eascraíonn as prionsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 52(1) den Chairt agus in Airteagal 6(3) agus in Airteagal 9(2)(g) de RGCS a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann na forálacha náisiúnta sin le faisnéis den sórt sin, go ndéantar sárú ar fhorálacha Airteagal 6(1)(c) agus (e) agus (3) agus Airteagal 9(1) de RGCS agus forálacha Airteagal 7 agus Airteagal 8(1) den Chairt.
- 367 Ar an taobh eile, maidir leis an bhfaisnéis eile dá dtagraítear sna forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid, eadhon an fhaisnéis sin a bhaineann le ballraíocht reatha nó le ballraíocht i gcomhlachas roimhe seo agus le cur i gcrích a bhfeidhmeanna reatha nó roimhe seo laistigh den chomhlachas sin nó d'fhondúireacht neamhbhrabúis, ní féidir a chur as an áireamh, *a priori*, go rannchuidítear le foilsiú ar líne faisnéise den sórt sin le nochtadh gurb ann d'aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíonadh fheidhmeanna na mbreithiúna lena mbaineann agus iad ag déileáil le cásanna áirithe, trí oibriú i dtreo fheidhmiú neamhchlaonta na bhfeidhmeanna sin agus, dá bhrí sin, muinín daoine aonair in imeachtaí breithiúnacha a neartú (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, mír 83).
- 368 Dá bhrí sin, is gá, sa dara háit, a fháil amach an bhféadfaí an cuspóir a líomhnaíonn Poblacht na Polainne a bhaint amach ar bhonn réasúnta chomh héifeachtach céanna le bearta eile nach ndéanann dochar do chearta na mbreithiúna lena mbaineann maidir lena saol príobháideach a urramú agus maidir lena sonraí pearsanta a chosaint agus an bhfuil an cur isteach atá i gceist díreireach leis an gculpóir sin, arb é atá i gceist leis, *inter alia*, tábhacht an chuspóra sin agus tromchúis an chur isteach sin a mheas.
- 369 Ní mór na measúnuithe sin a dhéanamh, go háirithe, agus gnéithe uile an dlí agus na bhfíoras a bhaineann go sonrach leis an mBallstát lena mbaineann á gcur san áireamh, amhail bearta eile a bheith ann atá beartaithe an neamhchlaontacht sin a ráthú agus coinbhleachtaí leasa a chosc (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, mír 86).
- 370 I ndáil leis sin, cé go n-admhaítear, mar a áitíonn an Coimisiún agus mar is léir ó mhír 300 den bhreithiúnas seo, gurb ann d'fhorálacha náisiúnta éagsúla cheana féin chun neamhchlaontacht na mbreithiúna sa Pholainn a chumhdach agus rannchuidiú lena áirithiú, ní leanann sé, maidir le bearta atá ceaptha an neamhchlaontacht sin a neartú tuilleadh, lena n-áirítear neamhchlaontacht, agus muinín na ndlíthithe ann, go measfar go dtéann siad thar a bhfuil riachtanach chun na gcríoch sin.
- 371 Ina theannta sin, ní gá go gcuirfí an fhaisnéis atá i gceist ar fáil do na húdaráis a n-iarrtar orthu cinneadh a dhéanamh maidir le haon choinbhleacht leasa nó iad a chosc, mar a mholann an Coimisiún, chun a chur ar chumas daoine aonair iad féin eolas a bheith acu ar an bhfaisnéis sin agus a shainaithint go bhféadfadh coinbhleachtaí den sórt sin a bheith ann mar thoradh ar an bhfaisnéis sin, agus, i gcás inarb iomchuí, brath ar an bhfaisnéis sin chun iarraidh ar chúirt go scaoilfí breitheamh a n-iarrtar uirthi breithniú a dhéanamh ar chás ar leith. Ar an gcaoi chéanna, is amhlaidh, i bprionsabal, go gcuirfear foilsiú na sonraí céanna ar chumas na ndaoine aonair lena mbaineann rochtain a bheith acu uirthi i dtrédhearcacht iomlán agus gan bheith orthu bearta a

dhéanamh chun a fháil amach fúthu siúd a n-iarrtar orthu fiosrú a dhéanamh faoi na daoine a n-iarrtar orthu na díospóidí ina bhfuil siad ina bpáirtithe a réiteach. Ag an am céanna, is féidir le trédhearcacht den sórt sin cuidiú le muinín na ndlíthithe sin sna breithiúna a neartú.

- 372 Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, sa chás seo, go mbaineann na sonraí pearsanta lena mbaineann, *inter alia*, le tréimhsí roimh an dáta óna gceanglaítear ar bhreitheamh an dearbhú a cheanglaítear faoi na forálacha náisiúnta atá á gconspóid a dhéanamh, is cuma cé chomh fada siar atá na tréimhsí lena mbaineann. In éagmais teorainn ama, ar a laghad, maidir leis na tréimhsí níos luaithe lena mbaineann, ní féidir a mheas go réasúnta, a mhéid a bhaineann siad leis na tréimhsí níos luaithe sin, go bhfuil na bearta atá i gceist teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach chun rannchuidiú le neartú ceart daoine aonair a gcás a éisteacht trí chúirt a chomhlíonann an ceanglas maidir le neamhchlaontacht i gcás ar leith, agus a muinín sa neamhchlaontacht sin a neartú.
- 373 Ar an taobh eile, ag féachaint don chásdlí dá dtagraítear i mír 359 den bhreithiúnas seo, ní mór, chun comhréireacht na próiseála arna tabhairt faoi cheist ag Coimisiún a mheas, tomhas a dhéanamh ar a thromchúisí atá an cur isteach ar na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus maidir le cosaint sonraí pearsanta atá i gceist leis an bpróiseáil sin agus a fhíorú an bhfuil tábhacht chuspóir an leasa ghinearálta atá á shaothrú leis an bpróiseáil sin i gcomhréir leis an tromchúis sin.
- 374 D'fhonn measúnú a dhéanamh ar a thromchúisí atá an cur isteach sin, ní mór a chur san áireamh, go háirithe, cineál na sonraí pearsanta atá i gceist, go háirithe má tá na sonraí sin íogair, chomh maith leis an gcineál agus na socruithe nithiúla próiseála a bhaineann le próiseáil na sonraí sin, go háirithe an líon daoine a bhfuil rochtain acu orthu agus an bealach a fhaightear rochtain orthu (breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, mír 99 agus an cásdlí dá dtagraítear). Mar a luaitear i mír 369 den bhreithiúnas seo, ní mór aird a thabhairt freisin chun na críche sin ar gach ábhar dlí agus fíorais a bhaineann go sonrach leis an mBallstát lena mbaineann.
- 375 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go bhfuil foilsiú na sonraí ainmniúla atá i gceist ar an idirlíon, ag brath ar chuspóir na gcomhlachas nó na bhfondúireachtaí neamhbhrabúis lena mbaineann, in ann faisnéis a nochtadh maidir le gnéithe íogaire áirithe de shaol príobháideach na mbreithiúna lena mbaineann, go háirithe a gcreidimh reiligiúnacha nó fhealsúnacha, faisnéis a dtiocfaidh ansin, mar a bunaíodh roimhe seo, faoi Airteagal 9(1) de RGCS.
- 376 Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é an toradh a bhíonn ar phróiseáil na sonraí pearsanta atá i gceist go mbeidh rochtain gan chosc ar an idirlíon ag an bpobal i gcoitinne ar na sonraí sin agus, dá bhrí sin, ag líon daoine a d'fhéadfadh a bheith neamhtheoranta, agus dá thoradh sin gur dócha go gcuirfidh an phróiseáil ar chumas daoine, ar chúiseanna nach mbaineann leis an gcuspóir a líomhnaítear maidir le leas ginearálta, neamhchlaontacht na mbreithiúna a áirithiú agus coinbhleachtaí leasa ina leith a chosc, féachaint le faisnéis a fháil faoi staid phearsanta an dearbhóra, cead saor-rochtana a bheith acu ar na sonraí sin. (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Samhain 2022, *Luxembourg Business Registers*, C-37/20 agus C-601/20, EU:C:2022:912, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 377 Ar an tríú dul síos, tá sé tábhachtach a chur san áireamh freisin, de réir mar a áitíonn an Coimisiún agus mar a chuirtear béim air i mír 364 den bhreithiúnas seo, sa chomhthéacs ar leith, go sonrach don Bhallstát lena mbaineann, inar glacadh na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid, go bhféadfaí na sonraí pearsanta atá i gceist a chur ar líne, mar shampla, na breithiúna lena mbaineann a

nochtadh do rioscaí a bhaineann le stiogmatú míchuí, trí chur isteach gan údar ar an dearcadh atá ag daoine aonair agus ag an bpobal i gcoitinne orthu, agus ar an mbaol go gcuirfí bac míchuí ar fhorbairt a ngairmréime.

- 378 Dá bhrí sin, ní mór próiseáil sonraí pearsanta amhail an phróiseáil a bhunaítear leis na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid a mheas mar chur isteach an-tromchúiseach ar chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann maidir le hurraim dá saol príobháideach agus maidir le cosaint a sonraí pearsanta a chumhdaítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8(1) den Chairt.
- 379 Ní mór, dá bhrí sin, a thromchúisí atá an cur isteach sin a mheas i gcoinne a thábhachtaí atá cuspóir an leasa ghinearálta a líomhnaítear, is é sin neamhchlaontacht na mbreithiúna a áirithiú, lena n-áirítear láithreach na neamhchlaontachta, agus coinbhleachtaí leasa a chosc, agus trédhearcacht agus muinín na ndlíthithe sa neamhchlaontacht sin á méadú ag an am céanna.
- 380 Chuige sin, ní mór aird a thabhairt, go háirithe, ar réaltacht agus ar mhéid an riosca a líomhnaítear a bheith á chomhrac ar an gcaoi sin agus ar na críocha a shaothraítear go hiarbhir leis na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid, ag féachaint, go háirithe, don chomhthéacs ina nglactar iad, ionas nach gá gurb ionann an toradh ar an gcothromaíocht atá le déanamh idir na críocha sin, ar thaobh amháin, agus ceart na ndaoine is ábhar do na sonraí a saol príobháideach a urramú agus cosaint a sonraí pearsanta, ar an taobh eile, do na Ballstáit uile (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija*, C-184/20, EU:C:2022:601, mír 110 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 381 Sa chás seo, ní mór a mheas, i bhfianaise an chomhthéacs ghinearálta agus shonraigh náisiúnta dá dtagraítear thuas, inar cuid de na forálacha náisiúnta atá faoi chonspóid iad, agus i bhfianaise na n-iarmhairtí fíor-thromchúiseacha is dóigh a d'eascródh ó na forálacha náisiúnta sin do na breithiúna lena mbaineann, nach bhfuil cothromaíocht idir an cur isteach a eascraíonn as cur ar líne na sonraí pearsanta lena mbaineann agus cuspóir an leasa ghinearálta a líomhnaítear.
- 382 I gcomparáid leis an *status quo ante* a eascraíonn as an gcreat dlíthiúil náisiúnta a bhí ann roimhe sin, is ionann cur ar líne na sonraí pearsanta lena mbaineann agus cur isteach a d'fhéadfadh a bheith suntasach ar na cearta bunúsacha a ráthaítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8(1) den Chairt, gan an cur isteach sin a bheith in ann, sa chás seo, bonn cirt a bheith leis de bharr na dtairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an gcur isteach sin ó thaobh coinbhleachtaí leasa ar thaobh na mbreithiúna a chosc agus a muinín as a neamhchlaontacht a mhéadú.
- 383 Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach freisin a chur in iúl go bhfuil gach breitheamh faoi oibleagáid, faoi na rialacha is infheidhme go ginearálta maidir le stádas breithiúna agus maidir le cur i gcrích a bhfeidhmeanna reatha nó roimhe seo laistigh den chomhlachas sin nó d'fhondúireacht neamhbhrabúis, amhras a chaitheamh go dlisteanach ar a neamhchlaontacht.
- 384 I bhfianaise an méid sin roimhe seo, ní mór a mheas go sáraítear leis na forálacha atá faoi chonspóid forálacha Airteagal 6(1)(c) agus (e) agus (3) agus Airteagal 9(1) de RGCS agus forálacha Airteagal 7 agus Airteagal 8(1) den Chairt, chomh maith, a mhéid a bhaineann siad le bailiú agus le cur ar líne sonraí pearsanta a bhaineann le ballraíocht reatha nó roimhe sin de chomhlachas agus le cur i gcrích a bhfeidhmeanna reatha nó roimhe seo laistigh den chomhlachas sin nó d'fhondúireacht neamhbhrabúis.
- 385 Sna himthosca sin, ní mór seasamh leis an gcúigiú gearán ina iomláine a mhéid a líomhnaítear gur sáraíodh na forálacha sin de dhlí an Aontais.

386 I bhfianaise na mbreithnithe uile roimhe seo, ba cheart a dhearbhu:

- gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE trí dhlínse a thabhairt don Dlísheomra Araíonachta, nach ráthaítear go bhfuil sé neamhspleách agus neamhchlaon, chun cásanna a bhfuil tionchar díreach acu ar stádas breithiúna agus breithiúna atá faoi oiliúint agus ar fheidhmiú a ndualgas a éisteacht agus a chinneadh, amhail, ar an gcéad dul síos, iarratais ar údarú chun imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithiúna nó i gcoinne breithiúna atá faoi oiliúint nó iad a ghabháil agus, ar an dara dul síos, cásanna maidir le dlí na fostaíochta nó leis an dlí um chosaint shóisialta a bhaineann le breithiúna an Sąd Najwyższy (An Chúirt Uachtarach) agus cásanna maidir leis na breithiúna sin a chur ar scor éigeantach;
- gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt, agus faoi Airteagal 267 CFAE, trí ghlacadh agus coimeád i bhfeidhm pointí 2 agus 3 d’Airteagal 107(1) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna agus Airteagal 72(1), pointí (1) go (3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, faoina bhfuil an scrúdú ar chomhlíonadh cheanglais dhlí an Aontais maidir le binse a bheith neamhspleách agus neamhchlaon agus arna bhunú roimh ré le dlí, le haicmiú mar chion araíonachta;
- gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt agus faoi phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais trí ghlacadh agus coimeád i bhfeidhm Airteagal 42a(1) agus (2) agus Airteagal 55(4) den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, Airteagal 26(3) agus Airteagal 29(2) agus (3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach, Airteagal 5(1a) agus (1b) den Dlí Leasaithe maidir le Cúirteanna Riaracháin agus Airteagal 8 den Dlí Leasaitheach, lena dtairmeasctar ar aon chúirt náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais dhlí an Aontais maidir le binse a bheith neamhspleách agus neamhchlaon agus arna bhunú roimh ré le dlí;
- gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt, agus faoi Airteagal 267 CFAE agus faoi phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais trí ghlacadh agus coimeád i bhfeidhm Airteagal 26(2) agus (4) go (6) agus Airteagal 82(2) go (5) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach agus Airteagal 10 den Dlí Leasaitheach, chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus ceisteanna dlí a bhaineann le heaspa neamhspleáchais cúirte nó breithimh;
- gur sháraigh Poblacht na Polainne an ceart maidir le hurramú an tsaoil phríobháidigh agus maidir le cosaint sonraí pearsanta, a ráthaítear le hAirteagal 7 agus Airteagal 8(1) den Chairt agus leis an gcéad fhomhír (c) agus (e) d’Airteagail 6(1), Airteagal 6(3) agus Airteagal 9(1) de RGCS trí ghlacadh agus coimeád i bhfeidhm Airteagal 88a den Dlí Leasaithe maidir le Gnáthchúirteanna, Airteagal 45(3) den Dlí Leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach agus Airteagal 8(2) den Dlí Leasaithe maidir Cúirteanna Riaracháin.

387 Déantar an chuid eile den chaingean a dhiúltú, eadhon, a mhéid a iarrann an Coimisiún, trína chéad ghearán, cinneadh a lorg go ndearnadh sárú ar Airteagal 267 CFAE.

Costais

- 388 Faoi Airteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta, ordófar don pháirtí cailiteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.. Ós rud é gur iarr an Coimisiún go n-ordófaí do Phoblacht na Polainne na costais a íoc agus nár éirigh le Poblacht na Polainne, go bunúsach, ní mór do Phoblacht na Polainne na costais a íoc, lena n-áirítear na costais sin a bhaineann le himeachtaí maidir le faoiseamh eatramhach.
- 389 I gcomhréir le hAirteagal 140(1) de na Rialacha Nós Imeachta, iompróidh Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne a gcostais féin.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra):

- (1) gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE trí dhlínse a thabhairt do Dhlísheomra Araíonachta an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn), nach ráthaítear go bhfuil sé neamhspleách agus neamhchlaon, chun cásanna a bhfuil tionchar díreach acu ar stádas breithiúna agus breithiúna atá faoi oiliúint agus ar fheidhmiú a ndualgas a éisteacht agus a chinneadh, amhail, ar an gcéad dul síos, iarratais ar údarú chun imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithiúna nó i gcoinne breithiúna atá faoi oiliúint nó iad a ghabháil agus, ar an dara dul síos, cásanna maidir le dlí na fostaíochta nó maidir leis an dlí um chosaint shóisialta a bhaineann le breithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus cásanna maidir leis na breithiúna sin a chur ar scor éigeantach.
- (2) gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus faoi Airteagal 267 CFAE, trí ghlacadh agus coimeád i bhfeidhm pointí 2 agus 3 d'Airteagal 107(1) den ustawa – Prawo o ustroju sądów powszechnych (an Dlí maidir le hEagrú na nGnáthchúirteanna) an 27 Iúil 2001, arna leasú leis an ustawa o zmianie ustawy – Prawo o ustroju sądów powszechnych, ustawy o Sądzie Najwyższym oraz niektórych innych ustaw (an Dlí lena leasaítear an Dlí maidir le hEagrú na nGnáthchúirteanna, an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach agus dlíthe áirithe eile) an 20 Nollaig 2019 agus Airteagal 72(1), pointí (1) go (3) den ustawa o Sądzie Najwyższym (an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach) an 8 Nollaig 2017, arna leasú le Dlí Leasaitheach an 20 Nollaig 2019 faoina bhfuil an scrúdú ar chomhlíonadh cheanglais dhlí an Aontais maidir le binse a bheith neamhspleách agus neamhchlaon agus arna bhunú roimh ré le dlí, le haicmiú mar chion araíonachta.
- (3) gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha agus faoi phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais trí ghlacadh agus coimeád i bhfeidhm Airteagal 42a(1) agus (2) agus Airteagal 55(4) den Dlí maidir le hEagrú na nGnáthchúirteanna, arna leasú le Dlí Leasaitheach an 20 Nollaig 2019, Airteagal 26(3) agus Airteagal 29(2) agus (3) den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach, arna leasú le Dlí Leasaitheach an 20 Nollaig 2019, Airteagal 5(1a) agus (1b) den ustawa – Prawo o ustroju sądów administracyjnych (an Dlí maidir le hEagrú na gCúirteanna Riaracháin) an 25 Iúil 2002, arna leasú le Dlí Leasaitheach an 20 Nollaig 2019 agus Airteagal 8 den Dlí

Leasaitheach, lena dtoirmeasctar ar aon chúirt náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais dhlí an Aontais maidir le binse a bheith neamhspleách agus neamhchlaon agus arna bhunú roimh ré le dlí.

- (4) gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha, agus faoi Airteagal 267 CFAE agus faoi phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais trí ghlacadh agus coimeád i bhfeidhm Airteagal 26(2) agus (4) go (6) agus Airteagal 82(2) go (5) den Dlí leasaithe maidir leis an gCúirt Uachtarach arna leasú le Dlí Leasaitheach an 20 Nollaig 2019 agus Airteagal 10 den Dlí sin, lena mbunaítear an dlínse eisiach atá ag an Izba Kontroli Nadzwyuczajnej i Spraw Publicznych (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí) den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn) chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus ar cheisteanna dlí a bhaineann le heaspa neamhspleáchas cúirte nó breithimh.**
- (5) gur sháraigh Poblacht na Polainne an ceart maidir le hurramú an tsaoil phríobháidigh agus maidir le cosaint sonraí pearsanta, a ráthaítear le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 8(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha agus leis an gcéad fomhír (c) agus (e) d’Airteagail 6(1), Airteagal 6(3) agus Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir Uimh. 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) trí ghlacadh agus coimeád i bhfeidhm Airteagal 88a den Dlí maidir le hEagrú na nGnáthchúirteanna, arna leasú le Dlí Leasaitheach an 20 Nollaig 2019, Airteagal 45(3) den Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach an 8 Nollaig 2017 arna leasú le Dlí Leasaitheach an 20 Nollaig 2019 agus Airteagal 8(2) den Dlí maidir le hEagrú na gCúirteanna Riaracháin, arna leasú le Dlí Leasaitheach an 20 Nollaig 2019.**
- (6) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.**
- (7) Ordaítear do Phoblacht na Polainne, chomh maith lena costais féin, na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc, lena n-áirítear na costais sin a bhaineann le himeachtaí maidir le bearta idirlinne.**
- (8) Ordaítear do Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne a gcostais féin a íoc.**

Sínithe